# An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2020

WRC
An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission



# An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

## TUARASCÁIL BHLIANTÚL 2020

**Arna cur faoi bhráid an Aire Stáit do Ghnó, Fostaíocht agus Miondíol i gcomhréir le halt 23(1) agus le halt 23(3) den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015**

# Clár Ábhar


**Tuarascáil an Ardstiúrthóra** 1

**Príomhtháscairí** 3

**An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre** 4

Feidhmeanna an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre 4

An Bord 4

Bord an Choimisiúin 5

Táillí/Eitic in Oifigí Poiblí 5

Clár Oibre 2021 5

An Coiste Bainistíochta 6

An Buiséad agus an Fhoireann 6

Líon Foirne an Choimisiúin 6

Gradam Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse 6

**Tuarascálacha Seirbhísí** 8

**Seirbhísí Idir-Réitigh, Comhairleacha agus Eadrána** 9

Idir-Réiteach 9

Saincheisteanna Idir-Réitigh 9

Atreoruithe chuig an gCúirt Oibreachais 10

Comhairle 10

Athbhreithnithe ar Chaidreamh Tionsclaíoch 10

Cóid Chleachtais 10

Eadráin 11

Eadráin Réamhbhreithnithe 11

Líon Iomlán Eadrána 11

Athbhreithniú ar Eadráin 11

Gearáin Iomadúla 12

Eadráin san Áit Oibre 12

Éascú 12

Oiliúint WRC 12

**Faisnéis, Cigireacht agus Forfheidhmiú** 13

Faisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí 13

An tAonad um Fhaisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí 13

Gníomhaireacht Fostaíochta agus Ceadúnú um Chosaint Daoine Óga 13

Faisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí agus COVID 13

For-Rochtain 14

| | |
|---|---|
| Seirbhís Cigireachta agus Forfheidhmithe | 15 |
| Súil Siar ar Ghníomhaíocht in 2020 | 15 |
| Cigireachtaí 2020 | 15 |
| Fógraí um Chomhlíonadh | 16 |
| Fógraí um Íocaíochtaí Socraithe | 16 |
| Ionchúisimh | 17 |
| Earnálacha Leasa | 17 |
| Cigireachtaí agus COVID | 17 |
| Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta | 18 |
| **An tSeirbhís Breithnithe** | **19** |
| Feidhm | 19 |
| Dúshlán COVID-19 | 19 |
| Gearáin a Fuarthas | 19 |
| Cineálacha Gearán | 20 |
| Éisteachtaí | 21 |
| Freagairt ar COVID-19 | 22 |
| Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara | 22 |
| Iarratais ar Chur Siar | 22 |
| Cinntí | 22 |
| Cásanna Oidhreachta | 23 |
| Atreoruithe Faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2015 | 23 |
| Gearáin um Stádas Comhionann a Fuarthas: 2019/2020 | 23 |
| Atreoruithe Faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015 | 23 |
| Atreorú um Chomhionannas Fostaíochta: 2019/2020 | 23 |
| Atreoruithe Faoi na hAchtanna Pinsean, 1990 | 24 |
| Cinntí na Cúirte Oibreachais maidir le hAchomhairc WRC | 24 |
| Teagmháil le Páirtithe Leasmhara | 24 |
| **An Rannóg Straitéiseach, Dhigiteach agus Chorparáideach** | **25** |
| Rialachas | 25 |
| Freagairt ar COVID-19 | 25 |
| Acmhainní Daonna | 25 |
| Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide | 26 |
| Cumarsáid agus For-Rochtain | 26 |
| Suíomh Gréasáin | 26 |
| Físeáin Faisnéise | 26 |
| Na Meáin Shóisialta | 26 |
| Oifigí WRC | 27 |
| Oscailt Oifig WRC in Inis | 27 |
| Oifigí Eile | 27 |
| Dualgas um Chomhionannas agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí | 27 |
| An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 | 27 |

| | |
|---|---|
| **Seirbhísí Dlí** | **28** |
| Feidhm | 28 |
| Taighde | 28 |
| Leasuithe Reachtaíochta | 28 |
| Teagmháil le Páirtithe Leasmhara | 28 |
| An Fhoireann | 28 |
| **Aguisíní** | **30** |
| **AGUISÍN 1** | **31** |
| Clár Oibre 2020: Cláir na Rannóg | 31 |
| Idir-Réiteach, Comhairleach agus Eadráin | 31 |
| Breithniú | 32 |
| Seirbhís Cigireachta agus Forfheidhmithe | 33 |
| Faisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí | 34 |
| Gnóthaí Dlí | 35 |
| Straitéiseach, Digiteach agus Corparáideach | 36 |
| **AGUISÍN 2** | **37** |
| Reachtaíocht trína bhfuiltear in ann gearáin a chur faoi bhráid na Seirbhíse Breithnithe | 37 |
| Nóta Míniúcháin: | 39 |
| **AGUISÍN 3** | **40** |
| Líon na ngearán a fuarthas faoi gach píosa reachtaíochta | 40 |
| **AGUISÍN 4** | **41** |
| Cinntí Breithnithe Suntasacha WRC | 41 |
| Tuarascáil Bhliantúil 2020 – Achoimrí Cásanna | 41 |
| An tAcht um Eagrú Ama Oibre agus Saoire Bhliantúil | 41 |
| Íocaíochtaí Iomarcaíochta | 42 |
| Dífhostú Éagórach | 43 |
| Nochtadh Cosanta | 44 |
| Cásanna faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 | 45 |
| Idirdhealú ar bhonn Inscne agus Stádas Teaghlaigh | 45 |
| Idirdhealú ar bhonn Aoise | 47 |
| Idirdhealú ar bhonn Aoise agus Scor Éigeantach | 47 |
| Cásanna faoin Acht um Stádas Comhionann, 2000 | 48 |
| Idirdhealú ar bhonn Reiligiúin | 48 |
| Idirdhealú ar bhonn Míchumais agus Cóiríocht Réasúnta | 49 |
| Idirdhealú ar bhonn Cúnaimh Tithíochta | 50 |
| Idirdhealú ar bhonn bheith mar Dhuine den Lucht Siúil | 51 |
| **AGUISÍN 5** | **53** |
| Ciontuithe 2020 | 53 |

# Tuarascáil an Ardstiúrthóra

"Is pléisiúr dom Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) a bhaineann lena chuid gníomhaíochtaí le linn 2020 a chur faoi bhráid an Aire. Cosúil le gach eagraíocht eile, poiblí agus príobháideach, bhí dúshláin roimh an WRC nach raibh ann riamh roimhe, agus nach bhféadfaí a shamhlú ag tús na bliana."

**Tá díreach faoi bhun 200 státseirbhíseach de chuid na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ag obair sa WRC, agus déantar an fhoireann a fhorlíonadh ag 40 Oifigeach Breithnithe breise atá ar conradh chun cuidiú leis an tSeirbhís Breithnithe ar bhonn cás le cás. Tá ról ríthábhachtach ag an eagraíocht i sochaí na hÉireann agus sa gheilleagar i gcoitinne, agus bhí tábhacht faoi leith ag baint leis an ról seo le linn 2020 nuair, in ainneoin dhushláin COVID-19, a rinne foireann an WRC:**

- Seirbhís faisnéise gan bhriseadh a sholáthar maidir le cearta fostaíochta agus comhionannais agus ceisteanna um chaidreamh tionsclaíoch,
- Eadránú agus comhréiteach, ó chian agus i bpearsa, i ndíospóidí aonair agus comhchoiteanna,
- Monatóireacht ar chomhlíonadh agus é a fhorfheidhmiú de réir caighdeán fostaíochta agus cúnamh a thabhairt do mhaoirseacht oscailt shábháilte na hoibre don fhoireann agus don phobal i gcoitinne,
- Samhail mheasctha nua a cheapadh agus a chur i bhfeidhm maidir le gearáin a bhaineann le cearta fostaíochta agus comhionannais/stádas comhionann, saincheisteanna um chaidreamh tionsclaíoch, agus
- A chinntiú go raibh timpeallacht shábháilte á soláthar in áitribh agus in áiseanna an WRC dár bhfoireann agus do chuairteoirí araon.

De bharr thionchar COVID-19, b'éigean don WRC a sheirbhísí a chur in oiriúint agus a athrú go tapa.

Faoi dheireadh mhí Mhárta, tar éis tabhairt isteach srianta a bhain le COVID-19, bhí foireann iomlán an WRC ag obair as baile agus theastaigh ón aistriú go mbeadh rochtain thapa ag an Aonad Faisnéise agus Seirbhíse do Chustaiméirí ar chórais TF agus teileafónaíochta chun go mbeidís in ann feidhmiú ó chian. Baineadh é seo amach gan chur isteach suntasach ar sheirbhís d'úsáideoirí *Infoline*, Shuíomh Gréasáin an WRC ná próiseáil gearán.

Go gairid ina dhiaidh sin, fuarthas an trealamh cosanta pearsanta (PPE) cuí agus tugadh do Chigirí WRC é chun go mbeidís in ann a ndualgais chigireachta a chur i gcrích ar bhealach a bhí ag teacht le treoirlínte sláinte agus le dea-chleachtas. I rith 2020, chomh maith le bheith ag tabhairt faoina bpríomhfheidhmeanna reachtúla maidir le fostaíocht, thug cigirí faoi chigireachtaí ar an láthair mar thaca leis an *bPrótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte* (PFOS), prótacal náisiúnta a thacaíonn le fostóirí agus le fostaithe bearta a chur i bhfeidhm chun scaipeadh COVID-19 sa láthair oibre a chosc nuair a mhaolaítear srianta.

Bhí ar an WRC treoir maidir le *Filleadh ar an Obair go Sábháilte* a fhorbairt go tapa agus na hoifigí poiblí a fheistiú agus a athleagan amach ar bhealach a bhí i gcomhréir le treoirlínte an Rialtais agus na Seirbhíse Sláinte, chun sláinte agus leas a chinntiú don fhoireann ar fad agus d'úsáideoirí seirbhíse.

Seans gurb é an rud ba dhúshlánaí, maidir le seachadadh seirbhíse, gur aistríodh cuid mhaith d'obair bhreithnithe, eadrána agus idir-réitigh an WRC chuig ardáin ar líne i rith na bliana.

Go han-luath sa phaindéim, thug an tSeirbhís Breithnithe faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin le páirtithe leasmhara maidir leis an gcaoi ar féidir cur chuige ó chian a sholáthar go sábháilte agus i gcomhréir le nósanna imeachta córa agus le ceart bunreachtúil, agus i ndiaidh an chomhairliúcháin sin, leathadh amach samhail nua um sheachadadh seirbhíse a chuimsigh nósanna imeachta scríofa, éisteachtaí fíorúla agus éisteachtaí aghaidh ar aghaidh. Ar an gcaoi chéanna, soláthraíodh idir-réiteach, comhairle agus eadráin, ó chian den chuid ba mhó, thar raon leathan ardán, ach i bpearsa de réir mar a ceadaíodh sna cúinsí ag an am.

Chuir forbairt agus cur i bhfeidhm forálacha ábhartha áirithe an Achta um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020 ar chumas an WRC go ndéanfaí éisteachtaí breithnithe ó chian mar an gnáthshocrú - faoi réir tástála um chothromas agus leasanna cirt.

Ní féidir róbhéim a leagan ar na fadhbanna suntasacha teicniúla agus praiticiúla a bhaineann le díospóidí a réiteach nó tabhairt faoi éisteacht, go háirithe nuair, i bhformhór na gcásanna, nach bhfuil aon duine a raibh baint acu leis an gcás sa seomra céanna. Ní féidir le teagmháil dhearfach duine ar dhuine, a d'fhéadfadh tarlú laistigh de theorainneacha idir-réitigh nó eadrána, nó idir na páirtithe roimh éisteacht, tarlú chomh héasca sin. Agus, ó thaobh breithnithe de, teastaíonn a lán acmhainní agus ama ó gach páirtí chun a chinntiú go ndéantar éisteachtaí i gcomhréir le nósanna imeachta córa. Mar sin féin, de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh, chuaigh daoine i dtaithí ar na próisis éagsúla agus fuarthas aiseolas dearfach den chuid is mó ó pháirtithe leasmhara.

Tá rún ag an WRC tuilleadh fiosraithe a dhéanamh le fáil amach an féidir tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh le dhá mhí dhéag anuas i gcomhthéacs samhail "hibrideach" idir-réiteach, eadrána agus breithnithe a thugann áisiúlacht na n-ardán fíorúil le chéile leis na hidirghníomhaíochtaí pearsanta, atá gan dabht níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, i seirbhís atá, go bunúsach, dírithe ar an duine.

Le linn na paindéime, d'oibrigh an WRC go dlúth le raon leathan páirtithe leasmhara ar fud a sheirbhísí, agus cuireadh fáilte mhór roimh a dtacaíocht, a moltaí dearfacha agus a n-aighneachtaí, agus a n-aiseolas fiúntach agus bhain ríthábhacht leo go léir. Agus an eagraíocht ag tabhairt aghaidhe ar thréimhse bhreise éiginnteachta, nuair a bheidh uirthi dul i ngleic le héileamh agus le dúshláin seirbhísí a bhaineann le COVID-19 agus leis an mBreatimeacht, beidh an tacaíocht agus an t-aiseolas seo chomh tábhachtach sin arís.

## Ach taobh amuigh de COVID-19, leanadh ar aghaidh le hobair eile:

Osclaíodh oifig réigiúnach nua an Mheán-Iarthair in Inis, Co. an Chláir agus rinneadh dul chun cinn leis an obair in oifig réigiúnach an Deiscirt i gCathair Chorcaí, cé go raibh tionchar ag COVID-19 ar an dul chun cinn sin;

Rinneadh córas nua um bainistiú cásanna le haghaidh Seirbhísí Eadrána a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;

Rinneadh dul chun cinn ar chóras nua um bainistiú cásanna le haghaidh Seirbhísí Idir-Réitigh agus cuirfear i bhfeidhm in 2021 é;

Rinneadh struchtúir agus beartais nua a leabú laistigh den Rannóg Dlí maidir le bainistiú eolais, dearbhú cáilíochta agus pleanáil straitéiseach; agus

Cuireadh lámhleabhar cuimsitheach d'fhoireann an WRC ar dhlí fostaíochta i dtoll a chéile, agus beidh an leabhar sin ina chabhair do na hOifigigh Breithnithe.

As féin, i mí Aibreáin 2020, thug Simons J. san Ard-Chúirt a bhreithiúnas in *Zalewski-v-WRC, Oifigeach Breithnithe, An tArd-Aighne, Éire & Ors* [2020] IEHC 178 ag seasamh le bunreachtúlacht an Achta um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, ina bhunaítear an WRC agus an Chúirt Oibreachais, agus gnéithe áirithe nóis imeachta. Bhí an agóid bhunreachtúil faoi réir achomhairc os comhair na Cúirte Uachtaraí, a chualathas i mí na Nollag 2020, agus rinneadh an breithiúnas a fhorchoimeád.

Ar an 1 Deireadh Fómhair 2020, tháinig deireadh le téarma an Dr. Paul Duffy mar Chathaoirleach an WRC agus ina dhiaidh sin, ceapadh an Dr. David Begg mar Chathaoirleach ag an Aire ar an 1 Feabhra 2021.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur ar an taifead, mar aon le buíochas an Bhoird agus fhoireann uile an WRC as an tacaíocht agus an treoir a thug an Dr. Duffy le linn a thréimhse mar Chathaoirleach.

Ní fhéadfaí na héachtaí móra a mhionsonraítear sa Tuarascáil seo a bhaint amach murach tiomantas seasta fhoireann an WRC agus na nOifigeach Breithnithe faoi chonradh, a raibh ar mhórán acu dul i ngleic leis na struis agus na caillteanais a bhain don mhéid sin daoine i rith na bliana. Ar an gcaoi chéanna, ba ríthábhachtach an tacaíocht a fuarthas ón mBord, ón Aire agus ón Roinn chun cuidiú leis an WRC le linn na tréimhse ba dheacra ó bunaíodh é.



**Liam Kelly**
Ard-Stiúrthóir

# Príomhtháscairí

53,000
Glaonna **Infoline**

2.6m
Amhairc ar an **Suíomh Gréasáin**

8,000
Iarratais maidir le **Gearáin**

19,000
Gearáin **Shainiúla**

↓200%
Cinntí Breithnithe Thit cásanna **"Idir Lámha"** faoi

1,000
Idir-Réitigh/ Éascuithe

Cainteanna Pá
Cainteanna maidir le Pá san Earnáil Phoiblí: **Ag Dul ó Neart go Neart**

1 million
Fostaithe Laistigh **Idir-Réiteach**

Fhiorúla
Ardáin Fhiorúla Seolta le haghaidh **Gach Seirbhís**

7,700
**Cearta** Fostaíochta/ **Cigireachtaí** RTWS

€1.7m
Pá **Athshlánaithe**

40
Fógraí maidir le **Comhlíonadh**

81
**Ionchúisimh** Iomlána

Joint Code
**Cód Cleachtais WRC/HSA** maidir le Bulaíocht san Áit Oibre

1,300
4,600
**Leantóirí** ar Twitter & LinkedIn

# An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

Bunaíodh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) an 1 Deireadh Fómhair 2015 faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015.

## Feidhmeanna an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre

### Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an WRC:

- Feabhsú an chaidrimh san áit oibre a chur chun cinn, agus dea-chaidreamh san áit oibre a chothú,
- Comhlíonadh na reachtaíochta fostaíochta ábhartha a chur chun cinn agus a spreagadh,
- Treoir a chur ar fáil maidir le Cóid Chleachtais a chomhlíonadh,
- Athbhreithnithe a dhéanamh ar chaidreamh san áit oibre go ginearálta agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí ann,
- Taighde ábhartha a dhéanamh nó a choimisiúnú agus comhairle, faisnéis agus torthaí taighde a sholáthar do na Comhchoistí Oibreachais agus na Comhchomhairlí Tionsclaíocha,
- Comhairle a sholáthar don Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta maidir le cur i bhfeidhm na reachtaíochta ábhartha agus maidir le comhlíonadh ina leith, agus
- Faisnéis a sholáthar don phobal maidir le reachtaíocht fostaíochta (seachas an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta)[1].

Léirítear sa chreat sin príomhsheirbhísí an Choimisiúin agus áirítear leo soláthar na nithe a leanas: seirbhísí eadrána réamhbhreithnithe, eadrána, idir-réitigh, éascaithe agus comhairleacha, breithniú ar ghearáin agus ar dhíospóidí, comhlíonadh na reachtaíochta um chearta fostaíochta a chur chun cinn agus (nuair is riachtanach) sin a bhaint amach trí fhorfheidhmiú, faisnéis a sholáthar maidir le cearta fostaíochta agus caidreamh tionsclaíoch i gcoitinne, agus ceadúnais gníomhaireachtaí fostaíochta agus ceadúnais cosanta daoine óga (fostaíocht) a phróiseáil.

## An Bord

Tá bord comhairleach ag an WRC atá freagrach as Straitéis agus Cláir Oibre bhliantúla an WRC a leagan amach. Cuirtear an Clár Oibre faoi bhráid an Aire le haghaidh faofa faoin 1 Nollaig gach bliain agus tá an chéad Ráiteas Straitéise eile le bheith curtha faoi bhráid an Aire faoin 1 Deireadh Fómhair 2021.

Cathaoirleach agus 8 ngnáthbhall, arna gceapadh ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, atá ar an mBord.

1. Faisnéis EEA arna soláthar ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

# Bord an Choimisiúin



**Cathaoirleach: An Dr. Paul Duffy**
(go dtí 30 Meán Fómhair 2020)



**Cathaoirleach: An Dr. David Begg**
(ón 1 Feabhra 2021)



**Liam Berney**



**Maeve McElwee**



**Audrey Cahill**



**Ethel Buckley**



**Geraldine Hynes**



**Richard Devereux**



**An Dr. Michelle O'Sullivan**



**Deirdre O'Brien**

Ar an 1 Deireadh Fómhair, 2020, de réir Sceideal 3 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, tháinig deireadh le téarma an Dr. Paul Duffy mar Chathaoirleach ar an WRC. Rinne an tAire an Dr. David Begg a cheapadh mar Chathaoirleach ina dhiaidh sin ar an 1 Feabhra 2021.

**I rith 2020, chruinnigh an Bord le chéile cúig huaire:** rinne an Dr. Michelle O'Sullivan cathaoirleacht ar an gcruinniú deiridh den bhliain, dá bhforáiltear i Sceideal 3 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015.

## Táillí/Eitic in Oifigí Poiblí

Cuireadh in iúl do chomhaltaí uile an Bhoird, do Bhreithneoirí, do Choimisinéirí um Chearta agus d'Oifigigh ábhartha an Choimisiúin maidir leis na hoibleagáidí dá gcuid agus/nó chomhlánaigh siad na tuairisceáin iomchuí faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, de réir mar is riachtanach.

Ní fhaigheann Cathaoirleach ná comhaltaí an Bhoird aon táille maidir le feidhmiú a ndualgas mar chomhaltaí an Bhoird.

## Clár Oibre 2021

I gcomhréir le halt 22(1) den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, d'ullmhaigh an Bord Clár Oibre an WRC do 2021. I mí na Samhna 2020, cuireadh an Clár sin faoi bhráid an Uasail Damien English, TD, an tAire Stáit ar a bhfuil freagracht maidir le Gnó, Fostaíocht agus Miondíol. Tá Clár Oibre an WRC do 2021 ar fáil le híoslódáil ar Shuíomh Gréasáin an WRC.

## An Coiste Bainistíochta

### An tArd-Stiúrthóir agus Stiúrthóirí na Rannóg éagsúil den WRC atá ar an gCoiste Bainistíochta:

- Liam Kelly – Ard-Stiúrthóir
- Anna Perry – Stiúrthóir Idir-Réitigh, Comhairligh agus Eadrána
- Aoibheann Ní Shúilleabháin – Leas-Stiúrthóir Idir-Réitigh, Comhairligh agus Eadrána
- David Small – Stiúrthóir Breithnithe
- Padraig Dooley – Stiúrthóir Faisnéise, Cigireachta agus Forfheidhmithe
- Derval Monahan – Stiúrthóir Gnóthaí Straitéiseacha, Digiteacha agus Corparáideacha
- Gwendolen Morgan – Cláraitheoir agus Seirbhísí Dlí

## An Buiséad agus an Fhoireann

| | |
|---|---|
| **Pá** | €12.340m |
| **Neamhphá** | €2.614m |
| **Iomlán** | **€14.954m** |

Is oifig de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an WRC agus maoinítear é ón vóta Rannach foriomlán.

Ag deireadh 2020, ba ionann an leithdháileadh foirne agus 192 fostaí buan atá ina státseirbhísigh lánaimseartha agus ina gcuid d'fhoireann fhoriomlán na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Déantar an fhoireann a fhorlíonadh ag 44 Oifigeach Breithnithe breise atá ar conradh chun cuidiú leis an tSeirbhís Breithnithe ar bhonn cás le cás.

## Líon Foirne an Choimisiúin

| Líon Foirne WRC: Deireadh mhí na Nollag, 2020 | |
|---|---|
| **Grád** | **Coibhéisí Lánaimseartha Iomlána** |
| **Ard-Stiúrthóir** | 1 |
| **Cláraitheoir** | 1 |
| **Stiúrthóir** | 5 |
| **Dlíodóir** | 1.73 |
| **Príomhoifigeach Cúnta/ Oifigeach Riaracháin** | 26.20 |
| **Ardoifigeach Feidhmiúcháin** | 23.90 |
| **Oifigeach Feidhmiúcháin** | 71.99 |
| **Oifigeach Cléireachais** | 60.50 |
| **Iomlán** | **192.32** |

**Tá cúig oifig réigiúnach ag an WRC:**
Baile Átha Cliath, Ceatharlach, Corcaigh, Inis agus Sligeach.

## Gradam Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse

Mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, ar fud Rannóga uile an WRC, cuireadh seirbhísí na líne tosaigh in oiriúint ionas go bhféadfaí iad a sholáthar go cianda. I measc na seirbhísí siúd bhí an tSeirbhís Faisnéise agus an tSeirbhís do Chustaiméirí, Breithniú, Idir-Réiteach, Cigireacht agus Eadráin.

Sainaithníodh cothabháil soláthar faisnéise mar thosaíocht láithreach, a raibh gá le seirbhís thar an nguthán a sholáthar gan bhriseadh, chun fostóirí agus fostaithe a choinneáil ar an eolas maidir le dlí fostaíochta agus forbairtí gaolmhara. Bhí mórán áiteanna oibre i mbun athruithe suntasacha i gcleachtais san áit oibre nó cuireadh deireadh iomlán leis an obair de bharr shrianta COVID-19.

D'éirigh le hionad glaonna an WRC um Fhaisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí aistriú go tapa chun a sheirbhís teileafóin a sholáthar go cianda. Bhi ar rannóga eile an WRC: Breithniú, Idir-Réiteach, Comhairle, Eadráin agus Cigireacht, samhlacha seirbhíse eile a sholáthar, agus baineadh é seo amach go han-tapa. Fuair an WRC Gradam Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse as a seirbhísí líne tosaigh a chur in oiriúint ionas go bhféadfaí iad a sholáthar go cianda.




**Liam Kelly, Ard-Stiúrthóir, le Gradam Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse a fuair an WRC**

# Tuarascálacha Seirbhísí



# Seirbhísí Idir-Réitigh, Comhairleacha agus Eadrána

Go traidisiúnta, bhí sraith iomlán na seirbhísí a gcuirtear ar fáil trí Rannóg na Seirbhísí Idir-Réitigh, Comhairleacha agus Eadrána ag brath ar idirghníomhaíocht aghaidh ar aghaidh a cheadaíonn teagmháil iomlán le páirtithe atá i mbun díospóide chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi is fearr le réiteach a bhaint amach. De bharr thionchar shrianta COVID-19 bhí gá leis na seirbhísí sin a aistriú go seachadadh ó chian trí WebEx agus feidhmchláir eile TF agus bhí dúshláin ag baint leis sin do gach páirtí.

**In ainneoin sin, lean na Seirbhísí Idir-Réitigh, Comhairleacha agus Eadrána Réamhbhreithnithe, chomh maith leis an tSeirbhís Eadrána san Áit Oibre, orthu ag soláthar seirbhíse neamhchlaonta go tráthúil agus go héifeachtach, chun cuidiú le fostaithe agus le hoibrithe agus a n-ionadaithe ina gcuid iarrachtaí chun díospóidí a réiteach le comhaontú. D'oibrigh an fhoireann Chomhairleach le heagraíochtaí, lena bhfostaithe agus le hionadaithe chun cuidiú le cleachtais, nósanna imeachta agus struchtúir éifeachtacha a fhorbairt maidir le caidreamh tionsclaíoch.**

## Idir-Réiteach

Bhí laghdú ar feadh tamaill ar an éileamh ar idir-réiteach le linn tréimhse thosaigh COVID-19 ach filleadh ar leibhéal níos normálta atreoruithe níos déanaí sa bhliain. Soláthraíodh an tseirbhís trí mheascán de líon teoranta cruinnithe a raibh teorainn ar líon na ndaoine i láthair i bpearsa (ag teacht le comhairle sláinte poiblí maidir le COVID-19) agus go fíorúil via WebEx agus, de réir mar ba chuí, ardáin oiriúnacha eile TF.

Fuair an WRC 688 iarratas ar idir-réiteach a bhain le raon de shaincheisteanna óna dteastaigh 735 comhdháil idir-réitigh. Bhí an ráta ratha réitigh fós ard (+80%), in ainneoin na bhfadhbanna suntasacha teicniúla agus praiticiúla a bhain le díospóidí comhchoiteanna a réiteach nuair, i bhformhór na gcásanna, nach raibh aon duine a raibh baint acu leis an gcás sa seomra céanna.

Tugann nádúr rúnda an idir-réitigh a dhúshláin féin nuair a dhéantar go fíorúil é, agus an teagmháil duine le duine a d'fhéadfadh tarlú laistigh de theorainneacha na n-idir-réiteach, ní féidir leis sin tarlú gan smaoineamh.


Bíonn sé i bhfad níos deacra, uaireanta, an caidreamh idir páirtithe agus féidearthachtaí socraithe a mheas. Cé go ndeachaigh mórán páirtithe in oiriúint maidir leis an bpróiseas fíorúil a sholáthar, bhain a ndúshláin féin le deacrachtaí teicniúla agus caighdeán athraitheach leathanbhanda do roinnt den lucht freastail. Ar an iomlán, cuireadh isteach ar an obair uaireanta mar gheall ar an ngá le díriú ar chúrsaí teicniúla agus chruthaigh sé sraith chastachta do gach páirtí, castacht nach raibh fáilte roimpi, agus léiríodh é seo sa drogall a bhí ar roinnt páirtithe dul i ngleic leis an bpróiseas fíorúil, ag an tús ar a laghad.

In ainneoin na ndeacrachtaí seo, léirigh an ráta réitigh toradh an-dearfach i mbliain an-dúshlánach do gach duine a bhain leas as an tseirbhís agus ba chúnamh mór é an comhoibriú, agus foighne na bpáirtithe uaireanta, chun é seo a bhaint amach.

### Saincheisteanna Idir-Réitigh

**Bhain na príomh-shaincheisteanna arna bplé le hidir-réiteach in 2020 lena a leanas:**

- Saincheisteanna pá (39%)
- Struchtúr na hEagraíochta amhail sealobair, soláthar foirne, athstruchtúrú, uainchláir, uaireanta oibre, athruithe ar chleachtais oibre, ath-imlonnú agus earcaíocht (22%)
- Iomarcaíocht (5%)
- Saincheisteanna pinsin (2%)
- Cineálacha Saoire (3%)
- Sochair amhail bónais, roinnt brabús, pá seirbhíse, pá breoiteachta, dreasachtaí foirne, speansais etc. (4%)
- Saincheisteanna Caidrimh Thionsclaíoch amhail athruithe ar choinníollacha fostaíochta, teicneolaíochtaí nua, comhaontuithe um bainistíocht ceardchumann, grádú, táirgiúlacht, seachfhoinsiú etc. (25%)




Fíor 01: Saincheisteanna maidir le hIdir-Réiteach 2020

Rinne an WRC idirbheartaíocht ar aontaithe san earnáil phríobháideach, e.g. Baincéireacht, Déantúsaíocht, Cógaisíocht, Miondíol, agus i mórán réimsí den Earnáil Phoiblí.

Sholáthair an tSeirbhís cúnamh suntasach freisin chun cainteanna maidir le pá san earnáil phoiblí a éascú i dtreo dheireadh 2020. Daingníodh an comhaontú beartaithe, *Building Momentum*, ina dhiaidh sin ag Comhdháil na gCeardchumann ar an 23 Feabhra 2021.

Cumhdaíodh gar d'aon mhilliún fostaí leis na díospóidí a atreoraíodh chuig an gCoimisiún in 2020, cé gurbh fhéidir go raibh roinnt de na hoibrithe sin ina bpáirtí le níos mó ná díospóid amháin faoi bhráid na Seirbhíse i rith na bliana.

## Atreoruithe chuig an gCúirt Oibreachais

Atreoraíodh líon iomlán de 64 cás chuig an gCúirt Oibreachais le haghaidh molta faoi Alt 26(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1990 nuair nach raibh sé indéanta réiteach a aimsiú trí idir-réiteach. I mórán de na cásanna sin, bhí ról suntasach ag an bpróiseas idir-réitigh ag an WRC maidir leis na difríochtaí a laghdú idir na páirtithe, agus an tsaincheist á beachtú óna dteastaigh moladh ón gCúirt Oibreachais chun an díospóid a réiteach.

# Comhairle

## Athbhreithnithe ar Chaidreamh Tionsclaíoch

Is é atá cuimsithe le hathbhreithnithe ar chaidreamh tionsclaíoch measúnuithe doimhne ar áiteanna oibre d'fhonn réimsí caidrimh thionsclaíoch agus caidrimh san áit oibre atá ina n-ábhar imní a shainaithint, agus moltaí a dhéanamh maidir le cleachtais agus nósanna imeachta feabhsaithe agus le forbairt caidreamh etc. In go leor cásanna, oibríonn an tSeirbhís tar éis an athbhreithnithe le gach páirtí d'fhonn na moltaí a chur i bhfeidhm.

Le linn 2020 agus tar éis comhairliúchán poiblí go déanach in 2019, rinne Seirbhís Chomhairleach an WRC athbhreithniú ar chleachtais um chaidreamh tionsclaíoch san Earnáil Neamhspleách um Léiriú Scannán agus Drámaíocht Teilifíse in Éirinn.

Fuarthas 34 aighneacht san iomlán ó raon leathan de pháirtithe leasmhara. Bhí moltaí mar chuid den Athbhreithniú atá á meas faoi láthair ag na páirtithe leasmhara go léir.

## Cóid Chleachtais

Forbraíonn an WRC Cóid Chleachtais d'fhonn treoir a sholáthar agus chun an méid a leagan amach atá comhionann le dea-chleachtas i gcaidreamh tionsclaíoch ina dtuairim féin. Tar éis iarratas a fháil ón Tánaiste in 2020, d'fhógair an WRC go raibh sé beartaithe Cód Cleachtais a dhréachtú maidir leis an gCeart chun Dícheangail, a chuirfidh fostaithe agus fostóirí ar an eolas maidir leis an gceart chun dícheangail ón obair taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre.

Thairis sin, cuireadh leagan athbhreithnithe den *Chód Cleachtais maidir le Bulaíocht a Chosc agus a Réiteach san Áit Oibre* i gcrích in 2020. Comhthionscnamh a bhí sa Chód athbhreithnithe seo idir an WRC agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA).

# Eadráin

**Soláthraíonn an WRC dhá chineál eadrána ar leith; eadráin réamhbhreithnithe agus eadráin san áit oibre.**

## Eadráin Réamhbhreithnithe

Bíonn eadráin réamhbhreithnithe ar fáil do ghearán ar bith a dhéantar a atreorú chuig an tSeirbhís Breithnithe, nuair a chomhaontaíonn an dá pháirtí chun páirt a ghlacadh, agus go bhfuil an tArd-Stiúrthóir den tuairim gur féidir an t-ábhar a réiteach trí eadráin[2]. Is é an tairbhe a bhaineann lena leithéid de chur chuige go ligtear do gach páirtí a bheith rannpháirteach agus réiteach a aimsiú ar an ngearán nó ar an díospóid ar bhealach rúnda agus neamhfhoirmiúil agus ag an am céanna iad i gceannas iomlán ar an toradh. Chomh maith leis sin, íoslaghdaíonn sé an t-am agus an caiteachas a bhíonn i gceist le hullmhúchán a dhéanamh agus le dul ar aghaidh chuig éisteacht bhreithnithe iomlán. Bíonn deis ag na páirtithe freisin comhaontú go frithpháirteach le réiteach atá oiriúnach dá riachtanais agus lena mbaineann cruthaitheacht nach bhféadfadh a bheith ar fáil i gcónaí ag céim an bhreithnithe. Tá comhaontú eadrána faoi Alt 39 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 faoi rún agus ina cheangal de réir dlí ar gach páirtí.

Is féidir eadráin tarlú ar an teileafón nó ar bhonn duine le duine, ag brath ar chastacht na faidhbe agus ar thoilteanas na bpáirtithe uile chun páirt a ghlacadh. Ó mhí Mhárta 2020, tá eadráin ó chian á tairiscint do dhaoine.

## Líon na nIdirghabhálacha Eadrána

Tharla thart ar 2,120 idirghabháil i rith 2020. San áireamh ansin bhí 864 cás a raibh dátaí socraithe dóibh le haghaidh éisteachtaí breithnithe roimh an 13 Márta 2020, ach cuireadh ar athlá iad nuair a cuireadh srianta COVID-19 i bhfeidhm. Chun na cásanna sin a thabhairt chun críche gan an gá le breithniú dá mb'fhéidir, rinne Seirbhísí Eadrána an WRC athbhreithniú ar na cásanna sin leis an gcuspóir iad a réiteach trí eadráin. Mar chuid de seo, rinneadh baill foirne a atreorú ó sheirbhísí idir-réitigh agus breithnithe chun cuidiú leis an athbhreithniú, chun bainistíocht a dhéanamh ar aon éileamh ag eascairt as, agus chun freagairt agus teagmháil thapa a chinntiú maidir le hiarratais bhreise ar eadráin, in éagmais éisteachtaí breithnithe le linn na chéad tréimhse de shrianta COVID-19.

As an líon iomlán de 1,609 gearán a cuireadh ar aghaidh chuig an bpróiseas eadrána le linn 2020, chuaigh 582 acu ar aghaidh chuig eadráin iomlán agus rinneadh formhór acu (85%) ar an teileafón, rinneadh 14% ar bhonn duine le duine agus rinneadh an chuid eile "go fíorúil". Níor theastaigh éisteacht bhreithnithe ag deireadh an phróisis ó bhreis agus 40% de na cásanna sin a cuireadh faoi bhráid na Seirbhísí Eadrána in 2020.

Nuair a ghlacann páirtithe páirt i bpróiseas eadrána déanann siad é ar bhonn dianrúnda gan réamhchlaonadh. I rith 2020, i gcásanna inar thángthas ar chomhaontuithe ag baint úsáide as an bpróiseas eadrána réamhbhreithnithe, bhí téarmaí socruithe éagsúla ann ó leithscéal go roinnt téarmaí socruithe airgeadais a bhí idir na céadta euro agus na mílte euro.

Léiríonn gach comhaontú na cúinsí agus na saincheisteanna áirithe/sonracha a bhain le gach cás aonair. I gcás nár thángthas ar chomhaontú trí eadráin, d'fhéadfadh sé gur roghnaigh na páirtithe an gearán a chur chun cinn chuig an tseirbhís Bhreithnithe. Chun críocha faisnéise, is seirbhís iomlán neamhspleách ón tseirbhís eadrána réamhbhreithnithe í an tseirbhís Bhreithnithe agus, dá bharr sin, ní chuirtear Breithneoirí ar an eolas go bhfuil seans ann gur ghlac páirtithe páirt in eadráin.

## Athbhreithniú ar Eadráin

Cé go raibh an WRC i dteagmháil ghníomhach le páirtithe leasmhara, go díreach agus tríd an suíomh gréasáin agus ar na meáin shóisialta, chun daoine a spreagadh le leas a bhaint as eadráin ó chian mar bhealach eile chun díospóidí a réiteach, agus, cé gur chuir mórán páirtithe leasmhara in iúl don WRC go raibh siad toilteanach úsáid a bhaint as eadráin fhíorúil in éagmais breithnithe, níor tháinig aon bhun ar an éileamh seo i gcleachtas.

Tá agus bhí an WRC den tuairim gur féidir le headráin leas suntasach a dhéanamh do na páirtithe i ndíospóid. I bhfianaise taithí, áfach, d'fhéadfadh sé go mbeadh drogall ar pháirtithe i ndíospóid bheith rannpháirteach in eadráin ar chúiseanna a bhaineann go sonrach leis an gcás. Ag cuimhneamh air sin, tabharfaidh an WRC, go luath in 2021, faoi phróiseas comhairliúcháin lena pháirtithe leasmhara chun a dhéanamh amach cad a dhéanann eolas do chinntí páirtithe ina leith seo agus cé na hathruithe a d'fhéadfadh an WRC a thabhairt isteach chun úsáid na seirbhíse seo a mhéadú.

2. Le heisceacht ann maidir le gearáin aonair faoi Alt 13 den Acht Caidrimh Thionscail, 1969, nó an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967.

## Gearáin Iomadúla

Leanadh leis an treocht, a sainaithníodh ar dtús in 2018, maidir le líon gearán iomadúil den chineál céanna a cuireadh isteach le haghaidh breithnithe maidir leis an bhfostóir céanna, áit nár ghlac páirtí amháin nó na páirtithe go léir le cuireadh chun páirt a ghlacadh i bpróiseas leathan eadrána a bhféadfadh an t-ábhar a réiteach ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach do na páirtithe go léir lena mbaineann. Bíonn gá le próiseáil aonair do na gearáin iomadúla sin, suas go dtí sceidealú agus éisteacht a reáchtáil agus lena linn. Teastaíonn mórán acmhainní lena haghaidh seo ó thaobh cáiníocóra de agus mholfadh an WRC do gach páirtí plé lena leithéid d'ábhar le chéile más féidir in aon chor.

## Eadráin san Áit Oibre

Le headráin san áit oibre soláthraítear leigheas prap, rúnda agus éifeachtach ar choinbhleachtaí, ar dhíospóidí agus ar easaontuithe san áit oibre. Cuirtear an tSeirbhís Eadrána ar fáil ar bhonn ad hoc agus is é is fearr a oireann sé do dhíospóidí a bhaineann le daoine aonair nó le grúpaí beaga oibrithe. Is féidir leis seo difríochtaí idirphearsanta a áireamh; coinbhleachtaí agus deacrachtaí idir chomhghleacaithe a oibríonn le chéile; briseadh síos caidrimh oibre; agus saincheisteanna a eascraíonn as gnás casaoide agus próiseas smachta, go háirithe sula n-éiríonn ábhar ina shaincheist smachta.

Fuarthas líon iomlán de 58 iarratas um eadráin san áit oibre le linn 2020, ar theastaigh 67 teagmháil le páirtithe uathu.

## Éascú

**Ghlac an Rannóg ról gníomhach freisin taobh amuigh den rud a mheastar mar idir-réiteach traidisiúnta de ghnáth agus, le linn 2020, rinne siad plé in 242 teagmháil den sórt sin a éascú.**

**Maidir leis seo:**

- Leanadh de bheith ag soláthar tacaíochta do na páirtithe i gComhaontú Pá na Seirbhíse Poiblí (PSSA) trí éascú leanúnach agus trí bheith sa chathaoir ar roinnt comhlachtaí maoirseachta earnála agus náisiúnta, de réir mar ba chuí.
- Lean an Coimisiún chun an chathaoirleacht a ghlacadh ag raon d'fhóraim idirbheartaíochta eile amhail Grúpa Comhairleach Uisce Éireann, Comhchomhairle Náisiúnta na Seirbhíse Sláinte, Comhairle Eadrána do Mhúinteoirí, agus ag Comhchoistí Oibreachais (JLCanna) - an JLC um Ghlanadh ar Conradh agus an JLC Slándála. Tá JLC nua bunaithe le déanaí d'Earnáil na Scoileanna Béarla agus iarradh ar an WRC cathaoirleach a ainmniú.
- Bhí ról tábhachtach ag Oifigigh an Choimisiúin freisin laistigh de struchtúr na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO) ina ról mar Oifigigh Achomhairc le Nósanna Imeachta Achomhairc BOO nuair a rinneadh a nósanna imeachta casaoide, smachta nó bulaíochta agus ciaptha a thionscnamh, agus i struchtúr nóis imeachta casaoide na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha. Sa bhreis air sin, bhí an tSeirbhís sa chathaoir ar Chomhchomhairle Thionsclaíoch (JIRC) Bhord na Móna.
- Tar éis moladh a fháil ón gCúirt Oibreachais a raibh baint ag grúpa cuideachtaí agus na mílte fostaithe leis, chuidigh an rannóg leis an gcomhaireamh agus le maoirseacht a dhéanamh ar bhallóid il-cheardchumann. Cuireadh bailiúchán mór saothair i gcrích a thug deis d'ionadaithe ceardchumainn ainmnithe féachaint ar an bpróiseas comhairimh agus rochtain fhíorúil bheith acu air.

## Oiliúint WRC

Tá soláthar clár oideachais/oiliúna mar chuid thábhachtach de sheirbhísí for-rochtana na Rannóige. Tá sé mar fhócas agus mar thosaíocht agus an tseirbhís seo á seachadadh caidreamh tionsclaíoch dearfach agus caidrimh oibre dhearfacha a chur chun cinn laistigh den áit oibre.

Mar a bheifí ag súil leis, bhí tionchar ag COVID-19 ar sheachadadh na seirbhíse seo le linn 2020. Maidir leis seo, ceapadh cur chuige difriúil ó na modhanna seachadta traidisiúnta a lig d'fhoghlaim chumaisc a sholáthar ar líne agus a chuimsigh roinnt faisnéise agus treoir maidir le saincheisteanna a ardaíodh i mbeartais agus i nósanna imeachta áiteanna oibre e.g. casaoid, smacht, dínit agus meas san áit oibre agus soláthar rathúil na gclár oiliúna/ceardlann fhíorúil i rith na bliana.

Ar an iomlán, seachadadh 13 idirghabháil. San áireamh ansin bhí sé mhodúil don Gharda Síochána chun a chlár oiliúna a chur i gcrích sula bhfuair siad rochtain ar sheirbhísí an WRC. Mar chuid den tseirbhís freisin, soláthraíodh ceardlann ar líne do bhaill foirne pholaitiúla Thithe an Oireachtais.

# Faisnéis, Cigireacht agus Forfheidhmiú

## Faisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí

### An tAonad um Fhaisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí

**Tá an tAonad um Fhaisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí san WRC freagrach as na nithe seo a leanas:**

- Faisnéis neamhchlaonta a sholáthar maidir le cearta fostaíochta, comhionannas, caidreamh tionsclaíoch agus ceadanna fostaíochta d'fhostaithe agus d'fhostóirí araon,
- Iarratais um ghearáin a phróiseáil arna nglacadh le haghaidh Breithnithe,
- Ceadanna agus athnuachaintí do Ghníomhaireachtaí Fostaíochta a phróiseáil, agus
- Iarratais ar cheadúnais a phróiseáil faoi na hAchtanna um Chosaint Daoine Óga maidir le páistí a oibríonn i scannáin, i ndrámaíocht, i bhfógraíocht nó i ngníomhaíochtaí ealaíonta nó cultúrtha.

**Soláthraítear faisnéis ar na dóigheanna a leanas:**

- Líne Faisnéise *Infoline* atá arna hoibriú ag Oifigigh Faisnéise ag a bhfuil taithí (glao áitiúil 1890 80 80 90).
- Suíomh gréasáin WRC (www.workplacerelations.ie).
- Bileoga faisnéise agus litríocht eile.
- Láithreoireachtaí saincheaptha do pháirtithe leasmhara.
- Gníomhaíochtaí for-rochtana sainiúla.

Soláthraítear nuashonruithe freisin le *Infoline* do pháirtithe maidir le stádas reatha na ngearán, díospóidí mar aon le nuashonruithe d'iarratasóirí ar cheadúnais oibre.

### Gníomhaireacht Fostaíochta agus Ceadúnú um Chosaint Daoine Óga

**Bíonn ceadúnais do ghníomhaireachtaí fostaíochta in-athnuaite ar bhonn bliantúil.**

**Eisíodh líon iomlán de 731 ceadúnas do ghníomhaireachtaí fostaíochta in 2020.**

Sa bhreis air sin, eisíonn an tseirbhís ceadúnais lena n-údaraítear fostú páistí ag fostóirí atá rannpháirteach in obair chultúrtha, ealaíonta, spóirt nó fógraíochta. Leagtar amach le ceadúnais mar sin na coinníollacha faoinar féidir an páiste nó na páistí a fhostú, lena rialaítear coinníollacha ginearálta fostaíochta, toiliú tuismitheoirí, maoirseacht ar pháistí, socruithe oideachais, agus na hamanna oibre uasta agus na sosanna íosta atá iomchuí do gach páiste nó do gach grúpa páistí atá fostaithe.


Eisíodh líon iomlán de 341 ceadúnas lena n-údaraítear fostú 646 páiste in 2020.

### Faisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí agus COVID

I Márta 2020, tar éis tabhairt isteach srianta maidir le COVID-19, d'aistrigh an fhoireann as an Aonad um Fhaisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí chuig obair lasmuigh den láthair agus theastaigh ón aistriú go mbeadh rochtain ag an bhfoireann ar chórais TF agus teileafónaíochta go tapa chun go mbeidís in ann feidhmiú go cianda. Baineadh é seo amach gan chur isteach suntasach ar sheirbhís d'úsáideoirí *Infoline*, Shuíomh Gréasáin an WRC ná próiseáil gearán.

| An tSeirbhís a Soláthraíodh | 2020 |
|---|---|
| Glaonna Teileafóin ar Pléadh Leo | 52,866 |
| Teagmhálacha R-phoist a Fuarthas | 6,895 |
| Amhairc Leathanaigh ar an Suíomh Gréasáin (M) | 2.6 |
| Iarratais ar Ghearáin a Fuarthas agus a Próiseáladh | 8,103 |
| Gearáin Shainiúla a Fuarthas agus a Próiseáladh | 18,969 |

Sna glaonna a fuarthas i rith 2020, bhí méadú ar an éileamh ar fhaisnéis maidir le hiomarcaíocht (75%) agus bhí laghdú ar an éileamh ar fhaisnéis maidir le ceadanna fostaíochta (15%). Bhí an t-éileamh ar fhaisnéis maidir le hábhair eile bainteach le fostaíocht measartha seasmhach i rith na bliana.




Fíor 02: Treachtaí Ábhair Infoline 2020

## For-Rochtain

### Feachtas #EU4FairWork

I Márta 2020, sheol an tArdán Eorpach chun dul i ngleic le hObair Neamhdhearbhaithe #EU4FairWork, an chéad fheachtas AE maidir leis na buntáistí a bhaineann le hobair dhearbhaithe, le rannpháirtíocht Údarás Oibreachais na hEorpa. De bharr na srianta a cuireadh i bhfeidhm le paindéim COVID-19, ghlac an feachtas cur chuige ar na meáin shóisialta. Bhí sé mar aidhm ag an bhfeachtas:

- feasacht a ardú i measc oibrithe maidir lena gcearta, an tionchar diúltach a bhaineann le hobair neamhdhearbhaithe agus an chaoi leis an aistriú a dhéanamh go hobair dhearbhaithe
- cuideachtaí a chur ar an eolas maidir leis na buntáistí agus maidir lena n-oibleagáidí chun oibrithe a dhearbhú, chomh maith leis an mbaol pionós i gcás nach ndéantar obair a dhearbhú
- lucht déanta beartas a spreagadh chun dul i ngleic níos fearr le hobair neamhdhearbhaithe, trí bheartas agus reachtaíocht
- comhoibriú a mhéadú i measc ball Platform tríd an bhfeachtas a chur i bhfeidhm le chéile

Ghlac an tAonad Faisnéise agus Seirbhíse do Chustaiméirí páirt san fheachtas ó mhí Mhárta 2020 agus sholáthair siad raon teachtaireachtaí tábhachtacha ar fud na meán sóisialta.










Samplaí de Phostálacha ar Mheáin Shóisialta an WRC le haghaidh an Fheachtais #EU4FairWork

## Na Meáin Shóisialta

Ó thús na paindéime reatha, tá teachtaireachtaí tábhachtacha léirithe ag an WRC ar an suíomh gréasáin agus ar na meáin shóisialta. Bhí cuntais an WRC lárnach i soláthar faisnéise tábhachtaí don phobal maidir leis na hathruithe a bhí ar sheachadadh seirbhíse an WRC agus maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí ar fhostóirí agus ar fhostaithe araon le linn COVID.

I dtaca leis seo, sa bhreis ar fhaisnéis maidir le cearta fostaíochta, soláthraíodh nuashonruithe maidir le héisteachtaí breithnithe bheith curtha ar ceal/ar athlá agus cruinnithe idir-réitigh, eadráin aghaidh ar aghaidh agus cigireachtaí ar an láthair.







Samplaí de Phostálacha ar Mheáin Shóisialta an WRC maidir le COVID-19

# Seirbhís Cigireachta agus Forfheidhmithe

## Súil Siar ar Ghníomhaíocht in 2020

| | |
|---|---|
| Iomlán na gcigireachtaí a cuireadh i gcrích | 7,687 |
| Cigireachtaí Gan Choinne (lena n-áirítear Cigireachtaí PFOS)[3] | 5,202 |
| Fostóirí i mbun Sárú | 1,760 |
| Pá Neamhíoctha Athshlánaithe (€M) | 1.66 |
| Líon na nGearán Cigireachta a Fuarthas | 704 |

Déanann na Seirbhísí Cigireachta agus Forfheidhmithe cigireacht ar thaifid fostaíochta d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonann fostóirí an dlí fostaíochta sa Stát. Mar chuid den phróiseas déantar leabhair agus taifid fostóra a bhaineann le fostaíocht a scrúdú, agus déantar agallaimh le fostóirí agus le fostaithe araon, ach níl sé teoranta do na gníomhaíochtaí sin amháin.

Tugann cigirí cuairt ar áiteanna fostaíochta chun na feidhmeanna sin a chur chun feidhme. D'fhéadfadh cuairteanna a bheith fógartha nó gan choinne. Is é an cuspóir a dheimhniú go bhfuil an fostóir ag comhlíonadh an dlí fostaíochta ábhartha agus más gá, comhlíonadh an dlí a fhorfheidhmiú. Maidir le comhlíonadh, d'fhéadfadh ceart cúitimh do na fostaithe lena mbaineann a bheith san áireamh leis i bhfoirm pá neamhíoctha ar bith ó sháruithe a bhraitear.

Ó am go ham, d'fhéadfadh cigirí eile a bheith in éineacht leis na cigirí agus d'fhéadfaí cigireachtaí a dhéanamh i gcomhar leis an nGarda Síochána agus le comhlachtaí rialála eile amhail an Roinn Coimirce Sóisialaí agus na Coimisinéirí Ioncaim.

## Cigireachtaí 2020

Bíonn gníomhaíocht chigireachta dírithe den chuid is mó ar earnálacha ina bhfuil amhras maidir le neamhchomhlíonadh nó mar fhreagairt ar ghearáin a fuarthas maidir le neamhchomhlíonadh líomhnaithe ag fostóirí sainiúla. Sa tábla a leanas tá sonraí faoi ghníomhaíocht chigireachta in 2020[4]. Ach, theastaigh freagairt dhifriúil agus nuálach don chur chuige agus do raon feidhme na gcigireachtaí in 2020 de bharr na srianta agus na ndúshlán a bhain le paindéim COVID.

As an líon de 7,687 cás a cuireadh i gcrích, bhí 5,202 cigireacht (68%) gan choinne agus cuireadh 147 cigireacht chomhpháirteach i bhfeidhm i gcomhar leis an nGarda Síochána agus le comhlachtaí rialála eile an Stáit.

3. An Prótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte
4. Ní léiríonn na rátaí neamh-chomhlíonta a thaispeántar ach neamhchomhlíonadh na bhfostóirí a ndearnadh cigireacht orthu, agus níor cheart féachaint orthu mar bheith ionadaíoch don earnáil ábhartha.

| Earnáil | Cásanna Críochnaithe | Líon Sáraithe | Sárú % | Pá Neamhíoctha |
|---|---|---|---|---|
| Seirbhísí Cuntasaíochta & Airgeadais | 26 | 5 | 19% | €3,359 |
| Gníomhaíochtaí Teaghaisí mar Fhostóirí | 6 | 1 | 17% | €0 |
| Riarachán agus Tacaíocht | 41 | 17 | 41% | €158,977 |
| Fógraíocht agus Margaíocht | 16 | 4 | 25% | €0 |
| Talmhaíocht | 41 | 17 | 41% | €26,396 |
| Ealaíona, Siamsaíocht agus Caitheamh Aimsire | 70 | 19 | 27% | €85,806 |
| Gníomhaíocht Seirbhísí Deochanna | 105 | 28 | 27% | €43,457 |
| Tógáil | 150 | 53 | 35% | €31,501 |
| Glantachán ar Conradh | 48 | 24 | 50% | €55,316 |
| Oideachas | 29 | 10 | 34% | €1,966 |
| Conarthaí Leictreachais | 18 | 5 | 28% | €2,196 |
| Gníomhaíochtaí Eachaí | 13 | 12 | 92% | €91,456 |
| Iascaireacht | 64 | 25 | 39% | €9,846 |
| Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | 1,536 | 492 | 32% | €327,067 |
| Gruaig agus Áilleacht | 466 | 144 | 31% | €30,564 |
| Óstáin | 139 | 33 | 24% | €69,377 |
| Sláinte an Duine agus Obair Shóisialta | 132 | 29 | 22% | €91,978 |
| Faisnéis agus Cumarsáid | 36 | 8 | 22% | €144 |
| Seirbhísí Dlí | 6 | 3 | 50% | €0 |
| Déantúsaíocht | 222 | 38 | 17% | €6,665 |
| Próiseáil Feola | 11 | 5 | 45% | €876 |
| Innealtóireacht Mheicniúil Seirbhísí Tógála | 15 | 1 | 7% | €0 |
| Mianadóireacht agus Cairéalú | 2 | 2 | 100% | €0 |
| Neamh-Rangaithe | 4 | 0 | 0% | €0 |
| Lóistín Eile | 5 | 3 | 60% | €0 |
| Gníomhaíochtaí Seirbhíse Eile | 256 | 49 | 19% | €4,066 |
| Seirbhísí Poist agus Cúiréara | 7 | 0 | 0% | €0 |
| Seirbhísí Gairmiúla | 85 | 29 | 34% | €179,309 |
| Riarachán Poiblí | 9 | 2 | 22% | €295 |
| Gníomhaíochtaí Eastáit Réadaigh | 22 | 11 | 50% | €90 |
| Slándáil | 31 | 13 | 42% | €74,447 |
| Iompar | 87 | 28 | 32% | €23,314 |
| Tionscnóirí Taistil agus Turas | 10 | 2 | 20% | €5,720 |
| Seirbhísí Tréidliachta agus Sláinte Ainmhithe | 12 | 0 | 0% | €0 |
| Gníomhaíochtaí Stóras agus Tacaíochta | 14 | 1 | 7% | €0 |
| Soláthar Uisce, Séarachas agus Feabhsúchán Dramhaíola | 11 | 2 | 18% | €455 |
| Trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola | 3,942 | 645 | 16% | €334,633 |
| **IOMLÁN** | **7,687** | **1,760** | **23%** | **€1,659,277** |

## Fógraí um Chomhlíonadh

Cuirtear in iúl d'fhostaithe i scríbhinn maidir le sáruithe a rinneadh a bhrath i gcúrsa cigireachta. Sna cásanna is mó, déanann an fostóir na sáruithe a cheartú agus tugtar an chigireacht chun críche. Nuair nach ndéantar sáruithe a cheartú laistigh de fhráma ama réasúnta, is féidir le Cigire Fógra um Chomhlíonadh a eisiúint ag sonrú na gníomhaíochta nach mór a ghlacadh mar aon le dáta sainiúil chun na gníomhaíochta sin a chríochnú. D'fhéadfadh fostóir nach gcomhlíonann oibleagáidí faoina leithéid d'fhógra a bheith ciontach i gcion. Eisíodh líon iomlán de 41 fógra um chomhlíonadh in 2020 maidir le sáruithe a bhain le sosanna, saoire bhliantúil, saoirí poiblí agus ráta pá an Domhnaigh.

## Fógraí um Íocaíochtaí Socraithe

Nuair a theipeann ar fhostóir ráiteas i scríbhinn a sholáthar d'fhostaithe maidir le pá agus asbhaintí, nó nuair a dhiúltaíonn sé é sin a dhéanamh, is féidir le Cigire Fógra um Íocaíochtaí Socraithe a eisiúint. Tá fíneáil reachtúil de €1,500 infheidhme. D'fhéadfadh fostóir nach n-íocann an fhíneáil a bheith faoi réir ag ionchúiseamh achomair agus d'fhéadfadh sé bheith ciontach i gcion. Eisíodh líon iomlán d'ocht bhFógra um Íocaíochtaí Socraithe in 2020.

## Ionchúisimh

Má theipeann ar fhostóir oibleagáidí reachtúla fostóra a chomhlíonadh, nó má dhiúltaíonn sé é sin a dhéanamh, d'fhéadfaí imeacht coiriúil a thionscnamh mar thoradh air sin. Rinneadh 81 fostóir a ionchúiseamh in imeachtaí achoimre sa Chúirt Dúiche in 2020 i gcomparáid le 125 in 2019. Foilsítear na hionchúisimh sin in Aguisín 5.

## Earnálacha Leasa

Cé gur dhírigh gníomhaíochtaí Cigireachta in 2020 go príomha ar bheith ag plé le gearáin fostaíochta agus gníomhaíochtaí cigireachta ní ba ghinearálta maidir le fostaíocht, chomh maith le cigireachtaí earnáil-leithdháilte PFOS, bhí roinnt de na hearnálacha fós mar thosaíocht.

### Iascaireacht

Cuireann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) leis na hiarrachtaí ilghníomhaireachta chun an Scéim Ceadaithe um Oibrithe Neamhthipiciúla a fhorfheidhmiú le haghaidh Oibrithe Neamh-LEE atá fostaithe ar bháid áirithe iascaireachta iasc geal atá cláraithe in Éirinn. Tugadh an scéim sin isteach ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i mí Feabhra 2016. Ar an iomlán, tagann 180 árthach iascaireachta laistigh de raon feidhme na Scéime sin.

Cuireadh 31 cigireacht deisce agus dhá chigireacht ionsuite i gcrích in earnáil an iascaigh in 2020, ag clúdach 37 árthach ag teacht laistigh de raon feidhme na Scéime Neamhthipiciúla. Ar an iomlán, tá 450 cigireacht iascaigh déanta ag Cigirí WRC ó cuireadh tús leis an Scéim Neamhthipiciúil.

Le linn 2020, d'aimsigh Cigirí WRC 36 sárú ar chearta fostaíochta nó ar reachtaíocht um cheadanna fostaíochta, a bhain le 19 n-úinéir árthaí. Is é 313 líon na sáruithe a d'aimsigh Cigirí WRC ó cuireadh tús leis an Scéim Neamhthipiciúil. Aimsíodh cúig chás in 2020 nach raibh cead ag iascairí bheith ag obair sa Stát.

### Próiseáil Feola

Bhí an WRC gníomhach san earnáil seo agus iad ag déanamh 61 cigireacht ar mhonarchana sa tréimhse 2015-2020. I measc na gcigireachtaí sin, d'aimsigh 28 (46%) sárú ar dhlí fostaíochta go pointe áirithe (e.g. taifid easnamhacha, saincheisteanna maidir le huaireanta oibre agus pá, ceadúnais fostaíochta) agus athshlánaíodh nach mór €184,000 i bpá gan íoc.

In 2020, rinneadh 11 chigireacht agus fuarthas go raibh cúigear fostóirí ag sárú dlí fostaíochta.

### Talmhaíocht (Gairneoireacht san áireamh)

Tá breis agus 380 cigireacht déanta san earnáil seo i rith na mblianta ó 2015 go 2020. Is é 48% an meánráta foriomlán sáraithe a fuarthas i rith cigireachtaí. Baineann sé seo go príomha le coimeád taifead easnamhach agus saincheisteanna maidir le huaireanta oibre agus pá gan íoc a tharla dá bharr sin. Rinneadh pá gan íoc ar luach €405,445 a athshlánú sa tréimhse.

In 2020, rinneadh 41 cigireacht agus fuarthas go raibh 17 bhfostóir ag sárú dlí fostaíochta.

## Cigireachtaí agus COVID

I gcomhréir leis an gcomhairle ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus ón Rialtas maidir le seirbhísí neamhriachtanacha ag an am, cuireadh stop le gníomhaíochtaí cigireachta ar an láthair a bhain le cearta fostaíochta (cigireachtaí gan choinne san áireamh) ag cigirí WRC i Márta 2020. Mar sin féin, lean cigirí ar aghaidh le gníomhaíocht chigireachta ar bhonn cianda, maidir le cigireachtaí reatha agus an ghníomhaíocht chigireacht deasca nua.

Rinneadh an Prótacal Náisiúnta maidir le Filleadh ar an Obair go Sábháilte (PFOS) a fhoilsiú an 9 Bealtaine 2020. Thacaigh an PFOS le fostóirí agus le fostaithe maidir le bearta a chur i bhfeidhm chun scaipeadh COVID-19 a chosc san áit oibre nuair a mhaolófaí na srianta. Rinne Cigirí WRC cigireachtaí ar an láthair chun tacú leis an PFOS agus ina leith sin, rinne siad an obair sin mar aon lena bpríomhobair reachtúil bainteach le fostaíocht.

Mar chuid de na príomhréimsí atá mar fhreagracht ag an WRC faoin PFOS san áireamh tá gnólachtaí atá bainteach le soláthar lóistín, bia agus deoch, miondíol agus mórdhíol, agus iascaireacht. Ceapadh an leithdháileadh freagrachta seo chun dúbailt a sheachaint agus chun oibriú laistigh de threoirlínte ginearálta maidir le COVID i dtéarmaí rioscaí éillithe trasphobail a laghdú i gcoitinne.

**Tá dhá fheidhm ag an tsamhail chigireachta nuálach seo:**

- Seiceálacha lena chinntiú go raibh na bearta riachtanacha i bhfeidhm ag fostóirí chun déileáil le COVID san áit oibre: Plean Freagartha COVID-19, oiliúint d'fhostaithe, bearta rialaithe cuí agus ionadaí fostaithe a cheapadh,
- Seiceálacha lena chinntiú go raibh an fostóir ag comhlíonadh riachtanais dlí fostaíochta na hÉireann.

**Chun cur ar chumas Chigirí WRC tacú leis an PFOS cuireadh líon beart i bhfeidhm:**

- Rinneadh gach cigire a ainmniú mar Oibrithe Riachtanacha agus tugadh údarás dóibh taisteal chuig a láithreacha oibre agus uathu, agus chuig áiteanna gnó fostóirí agus uathu, chun críocha a ndualgas cigireachta.
- Chríochnaigh gach cigire an oiliúint sábháilteachta a éilítear sa Phrótacal um Fhilleadh ar an Obair mar ullmhúchán le haghaidh atosú na gcuairteanna ar an láthair agus tugadh an PPE riachtanach dóibh.
- Cuireadh nósanna imeachta cigireachta nua i bhfeidhm chun cigireachtaí PFOS a rialú agus fuair na cigirí uile oiliúint, i gcomhar leis an HSA.

In 2020, rinne Cigirí WRC 5,202 cigireacht mar thacaíocht don PFOS agus fuarthas go raibh 87% de na fostóirí a ndearnadh cigireacht orthu ag comhlíonadh phrótacal PFOS. Tá Rannóg Faisnéise, Cigireachta agus Forfheidhmithe an WRC mar bhall d'Fhóram na Rialálaithe chomh maith, foras sainchomhairleachta a bunaíodh chun comhoibriú a éascú, agus chun ligean do rannpháirtíocht leanúnach, plé, agus roinnt faisnéise maidir le cigireacht agus comhlíonadh na treorach sláinte poiblí bainteach le COVID-19.

## Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Bunaíodh An tÚdarás Eorpach Saothair (ELA) i Meitheamh 2019. Is é ról an ELA tacaíocht a sholáthar do thíortha AE sna réimsí a bhaineann le comhoibriú trasteorann agus le forfheidhmiú dhlí ábhartha an Aontais, lena n-áirítear cigireachtaí comhpháirteacha a éascú. Ionadaíonn Stiúrthóir na Rannóige um Fhaisnéis, Cigireacht agus Forfheidhmiú an WRC ar bhord an ELA, agus ghlac sé páirt i gceithre chruinniú de Bhord an ELA in 2020. De bharr shrianta COVID, reáchtáladh gach cruinniú ar líne.

**D'fhreastail an WRC ar na himeachtaí seo a leanas de chuid an ELA freisin:**

- Seimineár ar Fhéinfhostaíocht Bhréagach in Earnáil an Aeriompair
- Grúpa Oibre ELA maidir le Faisnéis
- Grúpa Oibre ELA maidir le Cigireachtaí

**Ghlac an WRC páirt i mórán cruinnithe/seimineár faoin Ardán Eorpach chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe:**

- Ceardlann ar Smachtbhannaí Trasteorann
- Ceardlann ar obair ghníomhaireachta shealadach chalaoiseach
- Cruinniú Iomlánach an Ardáin chun dul i ngleic le hObair Neamhdhearbhaithe
- Seimineár gréasáin ar dhúshláin COVID-19 do chomhlachtaí forfheidhmithe

# An tSeirbhís Breithnithe

## Feidhm

Déanann an tSeirbhís Breithnithe iniúchadh ar dhíospóidí, ar chasaoidí agus ar éilimh arna ndéanamh ag daoine aonair nó ag grúpaí beaga faoi reachtaíocht fostaíochta agus stádais chomhionann. Tá an reachtaíocht faoina bhfuiltear in ann gearáin a dhéanamh leagtha amach in Aguisín 2.

Tá Cinntí agus Moltaí uile na Seirbhíse foilsithe ar shuíomh gréasáin an WRC i bhformáid anaithnid seachas gearáin a dhéantar faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, na hAchtanna um Stádas Comhionann agus na hAchtanna Pinsean, nuair a ainmnítear na páirtithe, ach amháin má chinneann an tOifigeach Breithnithe go bhfuil cúis bhailí ann chun iad a dhéanamh anaithnid.

## Dúshlán COVID-19


I dtéarmaí próiseála, teastaíonn admháil ó gach iarratas gearáin agus ní mór iad a phróiseáil go héifeachtach agus go héifeachtúil, agus ansin a sceidealú le haghaidh éisteachta. Ina theannta sin, nuair a fhaightear gach aighneacht ábhartha, ní mór iad a roinnt le haon pháirtithe leasmhara eile, iad a uaslódáil ar chóras bainistíochta cásanna an WRC agus bheith ceangailte leis an gcáschomhad roimh an éisteacht. De bharr thionchar COVID-19, b'éigean don phróiseáil seo a bheith déanta ag foireann WRC a bhí ag obair as baile. Sa bhreis air sin, reáchtáladh éisteachtaí tar éis COVID-19 trí mheascán de chruinnithe aghaidh ar aghaidh, nuair a cheadaigh na treoirlínte sláinte a leithéid, agus cruinnithe "fíorúla".

Chruthaigh na fachtóirí uile seo dúshláin lóistíochtúla shuntasacha don tSeirbhís i rith na bliana.

## Gearáin a Fuarthas


Thar chúrsa 2020, fuarthas thart ar 8,103 iarratas um ghearáin, lena gcuimsíodh 18,969 gearán aonair (i.e. 2.4 gearán sainiúil in aghaidh an iarratais ar an meán) agus teastaíonn próiseáil, éisteacht agus cinneadh uathu uile má chuirtear ar aghaidh iad le haghaidh éisteacht iomlán.

Cé gur laghdaíodh líon na ngearán agus na ngearán sonrach a fuarthas faoi 2.5% agus faoi 9.4% faoi seach, i gcomparáid le 2019, léirigh sé an líon iomlán is airde a fuarthas in aon bhliain eile ó 2015.




Fíor 03: Gearáin don WRC a Fuarthas Bliain ar Bhliain ó 2016 go 2020

D'fhéadfadh sé go raibh laghdú in 2020 ó 2019 mar gheall ar bhorradh suntasach (4452) i gcineál áirithe de chásanna "aicme" a bhain le hUaireanta Oibre, a cuireadh isteach i rith líon míonna in 2019 (féach Fíor 04 thíos), cé go raibh méadú tobann measartha mór i líon na ngearán a bhain leis an Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967, i Meitheamh 2020 maidir le fostaíocht áirithe amháin.




Fíor 04: Iarratais um Ghearáin agus Gearáin Shainiúla de réir Mí: 2020/2019


## Cineálacha Gearán

Leagtar amach cineál reachtach na ngearán seo in Aguisíní 2 agus 3.

Ba iad gearáin shainiúla maidir le Pá (4,117) na gearáin ba choitianta a fuarthas, agus ina dhiaidh sin, Iomarcaíocht (3,894), agus Uaireanta Oibre (3,150). Bhí méadú faoi shé i líon na gcásanna iomarcaíochta a fuarthas in 2020 i gcomparáid le 2019 (647). Léiríodh méadú suntasach eile i líon na ngearán a fuarthas maidir le hObair Ghníomhaireachta, i.e. 219, cé gur méadú é sin ar líon sách íseal gearán a fuarthas i ngach ceann de na cúig bliana roimhe sin nuair a taifeadadh idir 24 agus 47 gearán gach bliain.

Ba ionann 1,331 gearán sainiúil agus laghdú suntasach (-27%) i bhí sna héilimh maidir le hIdirdhealú/ Comhionannas & Stádas Comhionann: an líon ba lú gearán sa chatagóir seo a fuarthas in aon bhliain amháin ó bunaíodh an WRC.

Chomh maith leis sin, ba shuntasach freisin an laghdú i líon na gcásanna sa chatagóir um Uaireanta Oibre ó 2019; cé gur catagóir shuntasach gearán í agus is í an tríú catagóir is airde i líon na ngearán a fuarthas in 2020, léiríonn sí leath de na gearáin (6,266) a fuarthas in 2019. Maidir leis seo, b'fhéidir go léiríonn sé filleadh ar leibhéal níos normálta seachas an borradh i gcásanna Uaireanta Oibre a bhí ann in 2019 a ndearnadh tagairt dó roimhe seo.




Fíor 05: Gearáin Shainiúla de réir Chineál an Ghearáin

# Éisteachtaí

In 2018, tháinig méadú 10% ó 2017 ar líon na n-iarratas um ghearán sainiúil, agus méadú breise 35% ar 2018 le linn 2019, rud a bhí mar bhun le méadú carnach 50% thar an tréimhse dhá bhliain. Cé go raibh sé fíordhúshlánach, ba cheart cuimhneamh, áfach, gur chuimsigh an méadú seo gearáin bhainteacha iomadúla, ar a dtugtar "caingne aicmeacha" a gcaithfear plé leo taobh amuigh den ghnáthphróiseas bainistíochta cásanna.

Leithdháileadh acmhainní breise trí bhíthin foireann riaracháin agus cairde leathnaithe d'Oifigigh Breithnithe sheachtracha. Ceapadh na hOifigigh Breithnithe sheachtracha i mí Lúnasa 2019, agus tar éis an deimhniúcháin riachtanaigh, thosaigh siad ag obair i mí Dheireadh Fómhair 2019. Ba léir go tapa an tionchar a bhí ag na hacmhainní breise mar reáchtáladh an líon ba mhó éisteachtaí cásanna breithnithe sa chéad dá mhí de 2020 don tréimhse sin ó bunaíodh an WRC, agus faoi dheireadh 2020, bhí an meán-am próiseála tar éis titim faoi dhá sheachtain i gcomparáid leis an tréimhse ag deireadh 2019.


Ach, bhí tionchar mór ag na srianta riachtanacha sláinte poiblí a tugadh isteach chun dul i ngleic le COVID-19 ar éisteachtaí breithnithe ón dáta sin ar aghaidh. Sula raibh COVID-19 ann, ba é an t-aon bhealach a sholáthair an WRC seirbhís éisteachta ná trí éisteachtaí i bpearsa, aghaidh ar aghaidh. Eolach ar an riachtanas maidir leis an ngá le cead a fháil le haghaidh éisteachtaí nach reáchtáiltear aghaidh ar aghaidh, thug an WRC faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin (feic thíos) lena pháirtithe leasmhara chun a chinntiú, trí éisteachtaí "fíorúla" a thairiscint i gcomhthéacs den sórt sin, go mbeadh muinín ag páirtithe as na nósanna imeachta, as an bpróiseas, as an teicneolaíocht agus ar deireadh, as cothroime na n-éisteachtaí agus an chinnidh.

Tar éis an chomhairliúcháin, thosaigh an WRC, i mí Bealtaine 2020, ag sceidealú éisteachtaí fíorúla ó mhí Iúil ar aghaidh, ach, go dtí gur baineadh an riachtanas maidir le cead trí bhíthin fhorálacha ábhartha an Achta um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020 agus I.R. 359/2020, níor baineadh mórán leasa as na héisteachtaí fíorúla (18%). Déantar na cúiseanna féideartha a bhain leis an nglacadh íseal a fhiosrú anseo thíos.

Sa chomhthéacs srianta a bhí i bhfeidhm thar theorainneacha náisiúnta agus contae, ní raibh ach tréimhse deich seachtaine ar fáil don WRC ina bhféadfaí éisteachtaí aghaidh ar aghaidh a reáchtáil ar an láthair in oifigí WRC, ag ceadú fógra cuí, cé gur cuireadh i bhfeidhm clár ama dúshlánach ina raibh ceithre éisteacht gach lá. Leagadh amach na sliotáin ama seo le haghaidh éisteachtaí i bpearsa sa cháipéis a foilsíodh maidir le Seachadadh Seirbhíse..

Mar thoradh díreach air sin, reáchtáladh 1,899 éisteacht breithnithe in 2020 (1609 aghaidh ar aghaidh agus 290 "go fíorúil"); níos lú ná leath an mhéid a reáchtáladh in 2019. Maidir leis seo, cuireadh ar ceal 800 éisteacht cáis bhreithnithe aghaidh ar aghaidh a raibh sa sceideal le héisteacht in Aibreán agus Bealtaine de bharr fhógraí srianta COVID-19. Sa bhreis air sin, níorbh fhéadfaí 750 éisteacht a sceidealú a tharlódh de ghnáth i Meitheamh/Iúil, agus, as an 252 éisteacht fhíorúil a bhí á dtairiscint idir Iúil agus Deireadh Fómhair, ní dheachaigh ach 39 ar aghaidh toisc nach bhfuarthas cead chun na héisteachtaí a reáchtáil go fíorúil don 213 eile. Tar éis mhí Dheireadh Fómhair, cuireadh 100 agóid isteach in aghaidh éisteachtaí "fíorúla" (droch-leathanbhanda, fadhbanna TFC agus teicniúla eile, castacht an cháis) agus, ar mhaithe le ceart agus nósanna imeachta córa, d'éirigh le 60% de na hagóidí sin.

De bharr na gceisteanna seo uile, ina n-aonair agus in éineacht, a bhí mar bhonn, i dtéarmaí deiseanna de, le 2000 éisteacht "chaillte" san iomlán, cuireadh srian ar sheachadadh éisteachtaí, beag beann ar an tsamhail seachadta. Agus, de bharr na n-acmhainní breise, i dtéarmaí na nOifigeach Breithnithe seachtrach a tháinig ar bord in 2019, ba dhóchúil go mbeadh líon na n-éisteachtaí ní b'airde fós murach COVID-19. Mar sin féin, ó tháinig I.R. 359/2020 i bhfeidhm i Meán Fómhair 2020, tá 100 éisteacht fhíorúil ar an meán sceidealaithe ag an WRC in aghaidh na seachtaine, agus tá an leibhéal sin cosúil leis an leibhéal foriomlán éisteachta a bhain le 2019. Faoi láthair tá 130 éisteacht á sceidealú in aghaidh na seachtaine, agus méadófar é seo níos mó más féidir. Déanfaidh an WRC athbhreithniú ar a chur chuige maidir le héisteachtaí i bpearsa a thosú arís nuair a mhaolófar na srianta. Tá an cur chuige céim ar chéim seo riachtanach chun a chinntiú go bhfuil muinín iomlán ag páirtithe as inniúlacht an chórais TF agus as an bpróiseas éisteachta cianda.




Fíor 06: Éisteachtaí a Tionóladh faoi Mhí: 2020

# Freagairt ar COVID-19

## Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara

Lorg an WRC go tapa samhlacha eile le cur i bhfeidhm chun gearáin a phróiseáil agus déileáil leo tar éis na chéad tréimhse dianghlasála i mí Mhárta. In Aibreán 2020, thug an tSeirbhís Breithnithe faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin agus, chun cuidiú leis sin, foilsíodh *Páipéar Comhairliúcháin ar Chian-Éisteachtaí agus Aighneachtaí Scríofa*, a chuir bonn le plé agus le haighneachtaí ó pháirtithe leasmhara maidir leis an gcaoi a dtabharfaí faoi aon chur chuige nua ar bhonn sábháilte agus i gcomhréir le nósanna imeachta córa agus ceartas bunreachtúil.

I ndiaidh an chomhairliúcháin sin, ina raibh dhá chéim, chuir an WRC tús le triail a bhaint as ardáin TFC a chuirfeadh bonn le héisteachtaí “fíorúla”. Rinneadh an triail sin le cabhair ó phríomhpháirtithe leasmhara agus úsáideoirí na seirbhíse i mBealtaine 2020, agus ag tús mhí an Mheithimh foilsíodh an tsamhail bheartaithe um sheachadadh seirbhíse ina raibh maitrís d’eadráin agus seirbhísí breithnithe.

**Rinneadh cur síos ar fhreagairt eadrána an WRC níos luaithe sa Tuarascáil seo. Chomh fada agus a bhain sé le breithniú, moladh na cuir chuige seo a leanas sa bhreis ar éisteachtaí aghaidh ar aghaidh (nuair is féidir):**

### Nós Imeachta Scríofa

Sainaithníodh nós imeachta scríofa mar chur chuige féideartha chun déileáil le gearán, go háirithe maidir le cásanna níos simplí nuair nach bhfuil aon easaontú, nó easaontú fíorbheag, maidir le fíricí an cháis. Ach, má chuireann páirtí ar bith agóid in aghaidh an nóis imeachta, ní féidir déileáil leis an gcás ar an mbealach seo. Cuireadh fáilte roimh an gcur chuige beartaithe seo mar rogha inoibrithe ar éisteacht ábhartha. Ó mhí Bealtaine 2020, áfach, i gcásanna a roghnaigh an WRC mar roghanna oiriúnacha féideartha, bhí an cead sin in easnamh den chuid is mó. Léiríonn teagmhálacha déanaí le páirtithe leasmhara gur cheart don WRC leanúint ar aghaidh leis an tairiscint seo agus tá sé mar ghné lárnach de dhéileáil go héifeachtach le cásanna i rith 2021.

### Éisteachtaí Fíorúla

Léirigh an teagmháil le páirtithe leasmhara i mí Aibreáin tacaíocht shuntasach do choincheap na n-éisteachtaí fíorúla in éagmais na n-éisteachtaí aghaidh ar aghaidh. Cuireadh tús leis an obair chun ardán fíorúil a thógáil agus a thástáil le haghaidh éisteachtaí cianda i rith mhí Aibreáin agus rinneadh tástáil rathúil le páirtithe leasmhara i mí Bealtaine. Rinneadh treoracha ar éisteachtaí cianda do pháirtithe leasmhara/ionadaithe a fhorbairt agus cuireadh san áireamh iad sa cháipéis um Sheachadadh Seirbhíse a foilsíodh, agus scaipeadh ar na páirtithe leasmhara iad. Foilsíodh freisin seicliosta maidir le héisteacht fhíorúil do pháirtithe gan ionadaíocht.

Mar sin féin, níor baineadh mórán leasa as an tsamhail ag an tús. D’fhéadfadh sé go raibh an cur chuige molta, a cuireadh fáilte roimhe ag an am, nuálach, agus ní nach ionadh mar sin go bhféadfadh sé go raibh drogall ar pháirtithe, a bhfuil baint acu le hábhair thábhachtacha, glacadh leis ag an tús. Ach, ar an iomlán ba dhearfach an t-eispéireas ar an ardán fíorúil, agus mar gheall air seo agus tionchar dearfach I.R. 359/2020, ciallaíonn sé go dtéann formhór na n-éisteachtaí fíorúla ar aghaidh.

# Iarratais ar Chur Siar

Fuarthas 872 iarratas ar chur siar ó pháirtithe in 2020. As an méid a iarradh a chur siar, ceadaíodh 669 díobh - méadú beag ar a bheadh ann de ghnáth i mblianta roimhe. Bhain mórán díobh le hiarratais a d’eascair as laethanta saoire réamháirithe/socruithe eile, breoiteacht fhadtéarma agus d’eascair an chuid eile go príomha as saincheisteanna a bhain le COVID-19.

Rinneadh athbhreithniú ar an nós imeachta athbhreithnithe maidir le cur siar, a tugadh isteach i mí Feabhra 2020, chun na cúinsí athraithe a chur san áireamh agus chun ligean d’agóidí in aghaidh éisteachtaí fíorúla dá bhforáiltear in I.R. 359/2020. Rinneadh 103 iarratas ag cur in aghaidh éisteachtaí cianda, ceadaíodh 58 iarratas agus diúltaíodh 45 iarratas. De réir mar a théann na páirtithe i dtaithí ar éisteachtaí fíorúla, táthar ag súil go laghdófar leibhéal na n-agóidí sin agus na cúiseanna le hiad a cheadú i rith 2021.

# Cinntí

Eisíodh iomlán de 1,629 cinneadh in 2020, laghdú 46% ar an 3,029 cinneadh a eisíodh in 2019. Bhí laghdú ann toisc gur reáchtáladh i bhfad ní ba lú éisteachtaí i rith 2020 i gcomparáid le 2019.

Mar sin féin, ba cheart cuimhneamh nach raibh ach 200 cinneadh ag fanacht le heisiúint tar éis éisteachta ag deireadh 2020, i gcomparáid le breis agus 600 ag deireadh 2019. Léiríonn sé seo an leibhéal is ísle de “cinntí idir lámha” ó bunaíodh an WRC.

## Cásanna Oidhreachta

I nDeireadh Fómhair 2015, fuair an WRC 4,000 gearán breithnithe 'oidhreachta' a cuireadh faoi bhráid Sheirbhís an Choimisinéara um Chearta, an Bhinse Achomhairc Fostaíochta, agus an Bhinse Chomhionannais sular bunaíodh é.

Ag deireadh 2020, ní raibh ach naoi gcás den chineál sin ag fanacht le déileáil leo. Ba chasta iad gach cás, deacair le sceidealú toisc nach raibh páirtithe ar fáil thar an tréimhse, agus bhí gach ceann sceidealaithe le haghaidh éisteachta in 2020 ach cuireadh siar iad mar thoradh ar shrianta COVID-19.

Rinneadh na cinn a bhí oiriúnach d'éisteachtaí fíorúla a sceidealú nó a éisteacht agus tá na cinn eile ag fanacht ar an gcéad dáta atá ar fáil le haghaidh éisteacht aghaidh ar aghaidh.

## Atreoruithe Faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2015

Chonacthas laghdú i mbliana ar atreoruithe gearán faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2015. In 2020, rinneadh 305 atreorú faoi na hAchtanna, a bhain le 452 foras sainiúil. Tá sé sin i gcomparáid le 439 atreorú in 2019, a bhain le 648 foras sainiúil: laghdú bliantúil faoi 30% ar atreoruithe i gcomparáid le 2019 agus leanann sé an treocht a chonacthas in 2017 den chéad uair.

Laistigh de na hatreoruithe foriomlána, tharla roinnt méaduithe maidir le Stádas Sibhialta (360%), Claonadh Gnéis (75%) agus Míchumas (25%) i gcomparáid le 2019.

## Gearáin um Stádas Comhionann a Fuarthas: 2019/2020

| Stádas Comhionann | 2019 | 2020 | % Difríochta |
|---|---|---|---|
| Aois | 62 | 31 | -50% |
| Stádas Sibhialta | 5 | 23 | 360% |
| Míchumas | 73 | 91 | 25% |
| Stádas Teaghlaigh | 24 | 23 | -4% |
| Inscne | 89 | 45 | -49% |
| Duine den Lucht Siúil | 97 | 51 | -47% |
| Cine | 159 | 76 | -52% |
| Reiligiún | 36 | 30 | -17% |
| Claonadh Gnéis | 12 | 21 | 75% |
| Cúnamh Tithíochta (ICT) | 91 | 61 | -33% |
| Iomlán | **648** | **452** | **-30%** |

Líon iomlán na nGearán um Stádas Comhionann a fuarthas in 2019 agus 2020

## Atreoruithe Faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015

In 2020, fuarthas 939 atreorú gearáin faoi Chomhionannas Fostaíochta, agus taispeánadh 1,260 foras sainiúil i gcomparáid le 1,288 atreorú, a bhain le 1,733 foras sainiúil in 2019. Is ionann é sin agus laghdú 27% ar atreoruithe gearán in 2019.

Laistigh de seo, laghdaíodh líon na ngearán a bhain le Reiligiún faoi 61%, Aois faoi 54% agus Stádas Sibhialta faoi 50%. Ba iad Míchumas (290) agus Inscne (278) na forais ba mhó a luadh maidir le hatreoruithe faoi na hAchtanna, cé go raibh an dá fhigiúr faoi seach ní b'ísle ná in 2019.


## Atreorú faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta: 2019/2020

| Comhionannas Fostaíochta | 2019 | 2020 | % Difríochta |
|---|---|---|---|
| Aois | 452 | 206 | - 54% |
| Stádas Sibhialta | 78 | 39 | -50% |
| Míchumas | 329 | 290 | -12% |
| Stádas Teaghlaigh | 184 | 187 | 2% |
| Inscne | 431 | 278 | -35% |
| Duine den Lucht Siúil | 2 | 6 | 200% |
| Cine | 183 | 210 | 15% |
| Reiligiún | 50 | 19 | -61% |
| Claonadh Gnéis | 24 | 25 | 4% |
| Iomlán | **1733** | **1260** | **-27%** |

Líon Iomlán na nGearán a fuarthas faoi Chomhionannas Fostaíochta in 2019 agus 2020

## Atreoruithe a Fuarthas Faoi Acht na bPinsean, 1990

In 2020, fuarthas 18 n-atreorú faoi Acht na bPinsean, 1990 i gcomparáid le 94 in 2019, 17 in 2018, 35 in 2017 agus 9 in 2016. Is ionann sin agus laghdú 80% in atreoruithe ó 2019.




Fíor 07: Atreoruithe faoi na hAchtanna Pinsean: 2016-2020

## Cinntí na Cúirte Oibreachais maidir le hAchomhairc WRC

In 2020, cuireadh 208[5] cinneadh in iúl don WRC, arna n-eisiúint ag an gCúirt Oibreachais maidir le hachomhairc ó Chinntí/Mholtaí Oifigeach Breithnithe an WRC. As na cinntí a cuireadh in iúl, seasadh le/deimhníodh 110 cinneadh (52%), cuireadh 39 cinneadh (19%) ar ceal, agus bhí torthaí ilchineálacha ag baint le 51 cinneadh (25%).

### Torthaí na Cúirte Oibreachais: 2017-2020

| Torthaí | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| Cinntí arna nEisiúint | 351 | 372 | 383 | 208 |
| Seasadh le | 171 | 179 | 171 | 110 |
| Ilchineálach | 84 | 88 | 110 | 51 |
| Curtha ar ceal | 91 | 99 | 81 | 39 |
| Teipthe: Teorainneacha Ama/ Dlínse/ Saincheisteanna Eile | 5 | 6 | 21 | 8 |

Torthaí Iomlána na Cúirte Oibreachais: 2017-2020

## Teagmháil le Páirtithe Leasmhara

Mar chuid den phlé leanúnach le páirtithe leasmhara seachtracha, thug an tSeirbhís Breithnithe faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin maidir le seachadadh seirbhísí i rith phaindéim COVID-19. Ag deireadh an phróisis bhí maitrís athbhreithnithe ann maidir leis an tsamhail seachadta seirbhíse chun déileáil le gearáin, agus rinneadh é a fhoilsiú i Meitheamh 2020.

Sa bhreis air sin, níos déanaí sa bhliain, reáchtáil an WRC cruinnithe déthaobhacha le grúpaí páirtithe leasmhara mar chuid dá thiomantas maidir le feabhsúchán leanúnach seirbhísí agus meicníochtaí comhairliúcháin/ aiseolais custaiméirí, i gcomhréir lenár meastóireacht ar sheirbhís do chustaiméirí agus tiomantais tuairiscithe.

5. Ní léiríonn an figiúr seo na cásanna go léir ar pléadh leo ná na cinntí a d'eisigh an Chúirt Oibreachais le linn na bliana féilire.

# An Rannóg Straitéiseach, Dhigiteach agus Chorparáideach

## Rialachas

Ní mór don WRC a chinntiú go gcuirtear a chuid gníomhaíochtaí agus acmhainní i bhfeidhm ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla, agus riachtanais rialachais á gcomhlíonadh. Áirítear leis sin monatóireacht leanúnach rialta ar dhul chun cinn i gcoinne pleananna gnó, athbhreithniú rialta ar thimpeallacht an riosca agus, nuair is gá, gníomhaíocht chun na rioscaí ionchasacha a mhaolú.

Soláthraíonn an Rannóg tacaíocht acmhainní agus áiseanna don WRC chun a phríomhchuspóirí a sheachadadh. Tá an Rannóg freagrach as rialachas corparáideach, buiséid, pleanáil ghnó, bainistíocht riosca agus faisnéise, TFC, soláthar foirne, cumarsáid, tacú le hobair na Rannóg, seirbhís a chur ar fáil don Bhord, don Ard-Stiúrthóir agus bainistíocht airgeadais agus bainistíocht áiseanna a sholáthar ar fud suíomhanna uile an WRC.

## Freagairt ar COVID-19

Bliain fhíordhúshlánach ba ea 2020 don Rannóg. De bharr thionchar COVID-19, b'éigean don WRC dul in oiriúint go tapa agus a chuid seirbhísí a athrú chun déileáil le cúinsí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe. Faoi dheireadh mhí Mhárta, bhí baill foirne uile an WRC ag obair go cianda agus go gairid ina dhiaidh sin, bhí an PPE cuí faighte agus curtha amach chuig Cigirí WRC chun cur ar a gcumas a ndualgais chigireachta a dhéanamh ar bhealach a bhí i gcomhréir le treoirlínte sláinte agus leis an dea-chleachtas.

**Thar thréimhse na paindéime i rith 2020, bhí a leanas lárnach in obair na Rannóige:**

- trealamh TFC a sholáthar don fhoireann chun go mbeidís in ann obair ó bhaile,
- raon seirbhísí a sholáthar "go fíorúil",
- na hoifigí poiblí a fheistiú agus a athleagan amach ar bhealach a lig don WRC seirbhísí aghaidh ar aghaidh a sholáthar go sábháilte (faoi réir shrianta COVID-19),
- físeáin a léiriú agus a phostáil don fhoireann agus d'úsáideoirí uile maidir le leagan amach sainiúil gach foirgneamh agus riachtanais iontrála agus fágála,
- treoir maidir le *Filleadh ar an Obair go Sábháilte* a fhorbairt agus a sholáthar don fhoireann ar fad, i gcomhréir leis na Treoirlínte is déanaí ón Rialtas agus ón tSeirbhís Sláinte, sláinte agus leas na foirne agus na n-úsáideoirí seirbhíse uile a chinntiú.

## Acmhainní Daonna

**Tacaíonn an Rannóg Chorparáideach leis an bhfoireann chun príomhchuspóirí an WRC a sheachadadh.**

Bhí mórán athruithe foirne san WRC i rith na bliana, le daoine ag dul ar scor, aistrithe agus arduithe céime. Bliain thar a bheith deacair a bhí ann do dhaoine nua ag teacht isteach chuig an WRC mar reáchtáladh formhór a n-oiliúna agus na hidirghníomhaíochta le bainisteoirí agus le comhghleacaithe go fíorúil agus bhí an tacaíocht a chuir a gcomhghleacaithe ar fáil thar a bheith luachmhar.

Rinneadh athbhreithniú agus cuireadh feabhas ar chumas na foirne, ar phleanáil comharbais, ar oiliúint agus ar rannpháirtíocht na foirne in 2020 agus bhí folláine agus meanma na foirne a bhí ag obair go cianda mar thosaíocht don eagraíocht. San áireamh leis sin bhí bearta nuálacha amhail foilsiú an irisleabhair foirne inmheánaigh, nuashonruithe, seimineáir ghréasáin agus go leor seisiún caife/tráth na gceist.

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Le linn 2020, lean an Rannóg Chorparáideach de bheith ag obair le hAonad TFC na Rannóige chun tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh roimhe sin maidir le réitigh TFC ghréasánbhunaithe sho-úsáidte a fhorbairt agus a úsáid.

In ainneoin na hoibre a bhí ag teastáil mar chuid de fhreagairt COVID-19, rinne an fhoireann um Thacaíocht Chórais Ghnó na córais inmheánacha agus na cláir tacaíochta a chothabháil agus a fheabhsú le linn 2020, ag tacú le haonaid ghnó an WRC agus ag obair chun *Straitéis TFC 2019-2022* an WRC a chur i bhfeidhm.

Rinneadh córas bainistíochta cásanna nua do Sheirbhísí Eadrána a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i rith 2020; mar chuid den chóras nua seo soláthrófar cumais bhreisithe um thuairisciú bainistíochta agus éifeachtúlachtaí bainistíochta cásanna. Ar an gcaoi chéanna, déanfar córas nua bainistíochta cásanna a dhearadh agus a thógáil do Sheirbhísí Idir-Réitigh an WRC i rith 2021.

Rinneadh dul chun cinn ar bhreis feabhsuithe maidir le húsáid na teicneolaíochta trí chomhaontú creata na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe *Ár Seirbhís Phoiblí 2020 (OPS2020)* , maidir le húsáidí féideartha Uathoibriú Róbatach Próiseas (RPA), laistigh de thimpeallacht an WRC. Leanfar ar aghaidh leis seo i rith 2021.

## Cumarsáid agus For-Rochtain

### Suíomh Gréasáin

Bhí suíomh gréasáin an WRC ina fhoinse ríthábhachtach faisnéise agus mar chomhéadan leis an WRC le haghaidh úsáideoirí seirbhíse, go háirithe maidir le nuashonruithe ar mhúnlaí seachadta gnó agus cearta fostaíochta, i gcoitinne, agus ailínithe le forbairtí COVID-19 sa réimse sin.

Ó seoladh an suíomh gréasáin leasaithe i mBealtaine 2019, rinneadh athbhreithniú rialta ar an suíomh lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht go hiomlán le caighdeáin ghréasáin uile i dtaca le struchtúr, leagan amach agus ábhar, agus go leanann sé na caighdeáin ghréasáin atá leagtha amach ag Feadhnacht an Ghréasáin Dhomhanda (W3C) agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais. Chomh maith leis sin, in 2020, chun inrochtaineacht an úsáideora ar an suíomh gréasáin a fheabhsú, rinneadh athruithe bunaithe ar mholtaí ó Chumann Ríomhaireachta na hÉireann i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Míchumais.

### Físeáin Faisnéise

Bhain go leor srianta le himeachtaí for-rochtana an WRC i rith 2020. Chun cuidiú le cuairteoirí le haghaidh éisteachtaí Aghaidh ar Aghaidh in Oifigí an WRC i rith shrianta COVID-19, rinneadh físeáin faisnéise a fhorbairt agus bhí siad ar fáil ar shuíomh gréasáin an WRC chun faisnéis a sholáthar do pháirtithe agus d’ionadaithe maidir leis na socruithe fódóireachta chun rochtain a fháil ar éisteachtaí in oifigí an WRC i dTeach Lansdún, in Inis agus i Sligeach.

Baineadh úsáid as an gcoincheap céanna agus tairiscintí á réiteach le haghaidh oibreacha ar áitreabh a chuir cosc ar an ngá go dtabharfaidh forthairgeoirí ionchasacha cuairt ar an bhfoirgneamh le linn tréimhsí áirithe de shrianta COVID-19.

### Na Meáin Shóisialta

I rith thréimhse COVID-19, baineadh úsáid as meáin shóisialta an WRC chun nuashonruithe faisnéise a roinnt leis an bpobal. Cuireadh go mór le lucht leanúna na n-ardán seo i rith 2020 agus tá breis agus 1,300 leantóir ag cuntas Twitter WRC_IE agus breis agus 4,600 leantóir ar LinkedIn an WRC: méaduithe 85% agus 300% faoi seach.

# Oifigí WRC

## Oscailt Oifig WRC in Inis

Rinneadh oifig Sheirbhísí Réigiúnacha na hInse de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre a oscailt go foirmiúil ar an 11 Feabhra 2020, ag an Aire Stáit ag an am do Thrádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach an AE agus Cosaint Sonraí, an tUas. Pat Breen. Léiríodh leis seo, céim eile chun cinn i gClár Réigiúnach an WRC, a bhfuil sé mar aidhm aige, chomh fada agus is féidir, an raon céanna de sheirbhísí a chur ar fáil ina áitribh go léir.




**An tAire Stáit do Thrádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach an AE agus Cosaint Sonraí, Pat Breen agus Liam Kelly, Ard-Stiúrthóir an WRC, ag oscailt oifigiúil oifig an WRC in Inis.**

## Oifigí Eile

Bhí sé beartaithe go mbeadh oifig Réigiún an Deiscirt, lonnaithe i gcathair Chorcaí, ar oscailt roimh dheireadh 2020. Ach, de bharr shrianta COVID-19 agus cur isteach ar sceidil tógála, bhí moill leis an obair agus osclófar an tsaoráid nua sa chéad leath de 2021. Rinneadh athruithe suntasacha do leagan amach an áitribh i gCeatharlach i lár 2020 chun go bhféadfaí éisteachtaí breithnithe agus eadrána a reáchtáil ar bhealach slán agus sábháilte do gach páirtí.

Ag deireadh 2020, chuir an WRC tús le hathbhreithniú ar inrochtaineacht fhisiceach laistigh de Theach Lansdún, agus, de réir mar is gá, cuirfear plean gníomhaíochtaí i bhfeidhm in 2021.

# Dualgas um Chomhionannas agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí

Leis an Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tugadh dualgas dearfach isteach ar chomhlachtaí poiblí chun aird chuí a bheith acu ar chearta an duine agus ar shaincheisteanna comhionannais, agus tá cur chuige réamhghníomhach á ghlacadh maidir leis an dualgas sin a chur i bhfeidhm i ngach gné d'obair an WRC. Is príomhthosaíocht í spás inrochtana agus cuimsitheach a chruthú do gach duine a úsáideann ár n-oifigí nó a oibríonn iontu.

I gcomhréir le prionsabail bhunaithe agus le halt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, leagann an WRC béim láidir ar an gceart chun nósanna imeachta córa, an ceart chun príobháideachais, cothroime rochtana agus cóir comhionann i ngach gné de na seirbhísí arna soláthar. Cuireadh na ceisteanna sin san áireamh agus na héisteachtaí cianda agus nósanna imeachta gaolmhara á gceapadh. I gcomhthéacs na cianoibre i bpaindéim, leanann an WRC ag obair chun a chinntiú go ndéantar dínit agus leas na foirne uile a chosaint agus go spreagtar cultúr rannpháirtíochta agus measa.

I measc na saincheisteanna um chearta an duine agus comhionannas a bhain don fhoireann bhí an ceart chun nósanna imeachta córa, an ceart chun príobháideachais, cothroime rochtana, cóir comhionann agus dínit san áit oibre. Coinnítear gach beartas inmheánach faoi athbhreithniú chun comhlíonadh le dea-chleachtas sna réimsí sin a chinntiú, lena n-áirítear, mar shampla, an beartas maidir le *Déileáil le Custaiméirí Míréasúnta* a tugadh isteach i rith 2020, a chosnaíonn an fhoireann ar chiapadh ó thríú páirtithe.

# An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Mar chomhlacht poiblí, tá sé mar dhualgas ar an WRC faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú i ndáil le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh dó sa bhliain roimhe, agus an gníomh a rinneadh mar fhreagairt ar aon nochtadh cosanta den sórt sin.

De bhun an cheanglais seo, dearbhaíonn an WRC go bhfuarthas aon tuairisc amháin agus tá sí faoi imscrúdú de réir na bhforálacha a leagtar amach san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020. Ina theannta sin, in 2020, ainmníodh an tArd-Stiúrthóir mar 'dhuine forordaithe' de bhun alt 7 d'Acht 2014 agus I.R. 367/2020 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (Nochtadh do Dhaoine Forordaithe), Ordú 2020.

# Seirbhísí Dlí

## Feidhm

Is é príomhaidhm na Rannóige tacaíocht éifeachtach a sholáthar sa chaoi is go bhfuil córais láidre dlí i bhfeidhm ar fud gníomhaíochtaí uile an WRC. Maidir leis seo, tugann an Rannóg Dlí comhairle don WRC i dtaca lena raon leathan feidhmeanna, ó bhreithniú go cigireachtaí, idir-réitigh, eadráin agus soláthar faisnéise. Tugann sí nuashonruithe ábhartha maidir le dlí fostaíochta agus dlí comhionannais freisin, chomh maith le tacaíocht do na hOifigigh Breithnithe.

I rith 2020, leabaíodh struchtúir agus beartais nua laistigh den Rannóg chun cuíchóiriú breise a dhéanamh ar obair na Rannóige, go príomha i dtaca le bainistíocht eolais, dearbhú cáilíochta agus pleanáil straitéiseach.

## Taighde

In 2020, chuir an Rannóg lámhleabhar cuimsitheach i dtoll a chéile do bhaill foirne an WRC ar dhlí fostaíochta, rud a bheidh mar chabhair do na hOifigigh Breithnithe freisin. Ina theannta sin, le cúnamh na n-intéirneach, rinne an Rannóg anailís chuimsitheach ar dhlí-eolaíocht na mblianta roimhe sin agus foilseofar tuarascáil mhionsonraithe in 2021.

Sa bhreis air sin, tá 15 achoimre cáis, a thugann léargas ar raon leathan cinntí, arna n-eisiúint ag an WRC in 2020, ar fáil ag Aguisín 4.

## Leasuithe Reachtaíochta

Thug an Rannóg cúnamh i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm forálacha ábhartha áirithe den Acht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020 agus I.R. 359/2020[6], a shainíonn an WRC mar chomhlacht a bhfuil sé de chumhacht aige éisteachtaí cianda a reáchtáil. Dhaingnigh an creat reachtúil nua na cumhachtaí reatha agus, i gcomhthéacs fhreagairt an WRC i leith COVID-19, tá sé curtha ar chumas an WRC éisteachtaí breithnithe cianda bheith mar réamhshocrú - faoi réir tástála um chothroime agus leasanna ceartais.

Ar bhonn níos fadtéarmaí, bhí an Rannóg Dlí i dteagmháil ghníomhach leis an Roinn maidir le sraith beart chun feidhmiú an WRC a fheabhsú agus chun réitigh éifeachtacha a sholáthar, chomh maith le hobair ar reachtaíocht eile a bhaineann le COVID-19.

## Teagmháil le Páirtithe Leasmhara

In ainneoin na ndúshlán a bhain leis an gcianobair, bhí an Rannóg i dteagmháil ghníomhach le raon leathan páirtithe leasmhara seachtracha agus bunaíodh naisc leis an tSeirbhís Chúirteanna agus le comhlachtaí eile gar-bhreithiúnacha cinnteoireachta, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta araon, chun dea-chleachtas a roinnt, go sonrach i gcomhthéacs broidiúil shuaitheadh na paindéime.

## Soláthar Foirne

Go luath in 2020, cheap an tAire an tUas. Gwendolen Morgan mar Chláraitheoir an WRC. Is é atá sa Rannóg Dlí ná Cláraitheoir, Comhairleoir Dlí agus Taighdeoir Dlí agus foireann tacaíochta riaracháin.

6. An tAcht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020 (Alt 31) (WRC)(Sainiú) Ordú 2020

# Aguisíní



# AGUISÍN 1

## Clár Oibre 2020: Cláir na Rannóg

### Idir-Réiteach, Comhairleach agus Eadráin

| Cuspóirí an Chláir Oibre | Gníomh/Tascanna | Fráma Ama Seachadta | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Torthaí |
|---|---|---|---|---|
| **Seirbhís Idir-Réitigh atá tráthúil, éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar, agus a chinntiú go ndéantar éileamh a shásamh agus seachadadh seirbhísí á choimeád i gcónaí** | Idir-réiteach a sholáthar i bhfráma ama iomchuí chun díospóidí caidrimh thionsclaíoch a réiteach. Teagmháil réamhghníomhach le húsáideoirí seirbhísí chun tacaíocht agus cúnamh a sholáthar d'fhonn caidreamh tionsclaíoch dearfach a choimeád. | De réir mar a theastaíonn ó chliaint ar feadh 2020 | Ardráta ratha coimeádta maidir le díospóidí caidrimh thionsclaíoch a réiteach. | 1,000 idir-réiteach agus éascú arna dtionól lena mbaineann ráta réitigh 80%+ i gcúinsí an-dúshlánacha agus nua |
| Úsáid seirbhísí eadrána ábhartha an WRC a fheabhsú do chliaint | Leibhéal na n-idirghabhálacha eadrána aghaidh ar aghaidh 2019 a chothú agus idirghabhálacha teileafóin a ardú faoi 10% agus níos mó eadrána a chur ar fáil go réigiúnach nuair is gá | Ar feadh 2020 | Leibhéil rannpháirtíochta 2019 sa phróiseas eadrána aghaidh ar aghaidh coimeádta agus teileafón méadaithe faoi 10%. Suirbhé ar úsáideoirí déanta. Triáiseáladh cásanna go héifeachtach agus go héifeachtúil chun go laghdófaí líon na gcásanna a théann ar aghaidh chuig próiseas breithnithe in éilimh bunaithe ar chearta. | Rannpháirtíocht chuimsitheach i ngearáin a cuireadh isteach chun eadráin a shainaithint agus a thairiscint mar is cuí agus soláthraíodh eadráin de réir éilimh |
| Cathaoirleacht agus éascaíocht a dhéanamh ar fhóraim éagsúla caidrimh thionsclaíoch agus reachtúla san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí | Pléanna a éascú go tráthúil. Cúnamh a thabhairt do pháirtithe chun déileáil le gach ceist i gcomhréir le nósanna imeachta agus le hoibríochtaí mar a leagtar amach sna téarmaí tagartha comhaontaithe | Ar feadh 2020 | Gach saincheist a sheachadadh, a oibriú agus a chur i gcríoch go héifeachtach i gcomhréir le prótacail agus le nósanna imeachta le comhaontú gach páirtí | Gach iarratas ar éascaíocht go hiomlán bainte amach agus cathaoirleacht chuí curtha ar fáil |
| Cumarsáid dhá bhealach éifeachtach a áirithiú le príomhchliaint | Idirphlé éifeachtach a choimeád le príomhchliaint i ngach réigiún agus ar bhonn náisiúnta | An t-am ar fad i rith 2020 | Cainéil chumarsáide éifeachtacha coimeádta i gcónaí | Idirphlé leanúnach coimeádta i rith bliain dhúshlánach do gach páirtí |
| Caidreamh san áit oibre a bhaineann go sainiúil le láithreáin a fheabhsú | Athbhreithnithe a dhéanamh ar chaidreamh tionsclaíoch, cathaoirleacht a dhéanamh ar chomhghrúpaí oibre, réiteach a éascú ar dhíospóidí aonair lena n-áirítear atreoruithe faoin Acht Caidrimh Thionscail, 2015 agus eadráin san áit oibre a sholáthar de réir mar is gá | Ar feadh 2020 | Clár saincheaptha a sheachadadh ar bhonn éifeachtach, sástacht ard úsáideoirí seirbhísí, caidreamh feabhsaithe san áit oibre | Cúnamh tugtha, de réir mar ba ghá, ar leibhéal ard sástachta agus toraidh |
| Roinnt eolais san áit oibre a fhorbairt | Cláir bhreise chuí oideachais a fhorbairt agus a sheachadadh le béim ar chearta fostaíochta agus ar phrionsabail um chaidreamh tionsclaíoch | Ar feadh 2020 | Sástacht ard cliant – tuiscint níos fearr ar shaincheisteanna agus caidreamh feabhsaithe san áit oibre | Seachadadh 13 idirghabháil agus ceardlann ar líne |
| Maoirseacht a dhéanamh ar aistriú an Gharda Síochána go próisis an WRC | Oibriú leis na páirtithe uile ar roinnt faisnéise agus ar bhainistiú próiseas. Cláir bhreise chuí oideachais a fhorbairt agus a sheachadadh le béim ar chearta fostaíochta agus ar phrionsabail um chaidreamh tionsclaíoch. Oibriú leis na páirtithe uile ar roinnt faisnéise agus ar bhainistiú próiseas. | Ar feadh 2020 de réir mar is gá | Aistriú éasca bainte amach | Sé mhodúl saincheaptha forbartha agus seachadta don Gharda Síochána chun cuidiú leis an aistriú |

## Breithniú

| Cuspóirí an Chláir Oibre | Gníomh/Tascanna | Fráma Ama Seachadta | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Torthaí |
|---|---|---|---|---|
| **An t-am airmheánach a laghdú idir an éisteacht/ glacadh aighneachtaí agus cinneadh a eisiúint** | Tacaíocht riaracháin agus maoirseacht a sholáthar chun an cuspóir sin a bhaint amach, ag cloí le neamhspleáchas na mBreithneoirí ag an am céanna | Ar feadh 2020 | An t-am airmheánach laghdaithe go 8 mí (faoi réir leibhéil fhoriomlána éilimh fanacht leanúnach) | An t-am airmheánach laghdaithe faoi dhá sheachtain in R120: tionchar ina dhiaidh sin ag COVID-19 |
| **Gearr-aighneachtaí a fháil go luath** | Obair le páirtithe leasmhara chun é seo a bhaint amach agus forbairt teimpléad nó aighneachtaí samplacha le foilsiú ar an suíomh gréasáin a fhiosrú | R1 2020 ar aghaidh | Aighneachtaí faisnéiseacha faighte gan mhoill | Obair déanta le páirtithe leasmhara chun é a bhaint amach: roinnt fianaise ar fheabhsú ann |
| **Cinntí ardchaighdeáin a sheachadadh** | Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chainníocht agus ar infhaighteacht breithneoirí chun cumas seachadta a áirithiú. | Ar feadh 2020 | Cinntí ardchaighdeáin arna n-eisiúint | Cinntí glactha i 90% de na cásanna |
| | Déanfaidh an Grúpa Athbhreithnithe um Rialú Cáilíochta athbhreithniú ar chinntí chun pointí foghlama a shainaithint, chun comhsheasmhacht a áirithiú maidir le cinntí i réimsí coiteanna, chun an tseirbhís a fheabhsú a chuirtear ar fáil do chustaiméirí na Seirbhíse Breithnithe. | Ar feadh 2020 | Caighdeán breithnithe an WRC arna aithint agus arna sheachadadh go hinmheánach agus go seachtrach | Rialú cáilíochta coimeádta |

## Seirbhís Cigireachta agus Forfheidhmithe

| Cuspóirí an Chláir Oibre | Gníomh/Tascanna | Fráma Ama Seachadta | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Torthaí |
|---|---|---|---|---|
| **Comhlíonadh dlí fostaíochta a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú** | Cigireachtaí bunaithe ar riosca, cigireachtaí bunaithe ar ghearáin, le comhlachtaí Stáit eile nuair is iomchuí | Ar feadh 2020 | 5000 cuairt ar áiteanna oibre | 7700 cigireacht a chuimsigh 5200 cigireacht WRC um PFOS |
| | Cionta maidir le neamhchomhlíonadh na reachtaíochta fostaíochta a ionchúiseamh, de réir mar is iomchuí[7] | Ar feadh 2020 | Ráta ionchúisimh rathúil 90% | 81 ionchúiseamh arna gcur i gcrích |
| | Fógraí um Chomhlíonadh (nuair is féidir) agus fógraí Íocaíochtaí Seasta a eisiúint agus a phróiseáil7 | Ar feadh 2020 | Fógraí arna n-eisiúint go hiomchuí agus le héifeacht | 48 Fógra um Chomhlíonadh/ Íocaíochtaí Seasta arna n-eisiúint |
| Díriú fócasaithe ar fhostóirí, earnálacha, réigiúin neamhchomhlíontacha | Úsáid a bhaint as sonraí agus samhail nua riosca chun toradh a tháirgeadh | R2 2020 ar aghaidh | Díriú níos éifeachtaí agus tomhaiste ar fhostóirí agus ar earnálacha neamh-chomhlíontacha - beidh 25% de chigireachtaí dírithe ar earnálacha ardriosca | Dhírigh an WRC ar earnálacha sonracha i gcomhréir le Meabhrán Tuisceana PFOS an WRC/ HSA |
| Dámhachtainí a fhorfheidhmiú atá ina dtoradh ar chinntí breithnithe agus ar imeachtaí sa Chúirt Oibreachais | Forfheidhmiú cinntí agus dámhachtainí a leanúint, atá ina dtoradh ar chinntí breithnithe agus ar imeachtaí sa Chúirt Oibreachais maidir le gníomhaíocht breithnithe agus cigireachta | Ar feadh 2020 | Cinntí agus dámhachtainí arna leanúint ar bhealach lena ndéantar éifeachtacht agus éifeachtúlacht a uasmhéadú | 71 Cás Dúnta |
| Ceadúnais a eisiúint agus reachtaíocht a fhorfheidhmiú maidir le gníomhaireachtaí fostaíochta agus fostú Daoine Óga | Ceadúnais arna bpróiseáil agus arna n-eisiúint ar bhealach éifeachtach agus dleathach | Ar feadh 2020 | Eisíodh 1000 ceadúnas | Eisíodh 1072 ceadúnas |
| Comhoibriú le gníomhaireachtaí forfheidhmithe eile | Oiliúint, malartuithe foirne, comh-chigireachtaí agus roinnt sonraí cuí a éascú, athbhreithniú a dhéanamh ar MTanna chun comhlíonadh sainriachtanais RGCS (GDPR) a chinntiú | Ar feadh 2020 | Bonn eolais faighte ó reachtaíocht agus MTanna cuí, e.g MT leis na Coimisinéirí Ioncaim curtha i gcrích agus MT le gníomhaireacht eachtrach gar do bheith críochnaithe | Meabhrán Tuisceana arna chomhaontú le:<br>• HSA (PFOS),<br>• Na Coimisinéirí Ioncaim<br>• An Roinn Iompair - Aonad na gCeadúnas Oibreora um Iompar Bóthair<br>• An tÚdarás Slándála Príobháidí |
| Teicneolaíocht a threisiú chun comhlíonadh a spreagadh | Soláthróidh an t-ardán cigireachta nua sonraí chun spriocdhíriú cigireachtaí a fheabhsú | R2 2020 ar aghaidh | Éifeachtúlachtaí feabhsaithe ag eascairt agus sonraí a fháil agus a úsáid | Ardán ERCES lárnach i mbailiú éifeachtach agus úsáid sonraí faoi shamhail chigireachta COVID-19 |
| Feachtais spriocdhírithe a reáchtáil sna hearnálacha sainaitheanta | Feachtais a chur i gcrích go héifeachtach agus go héifeachtúil | R1 2020 | Tionchar dearfach a imirt ar chomhlíonadh agus feasacht a chruthú/ardú maidir le cearta agus dualgais ábhartha | Dhírigh an WRC ar earnálacha sonracha fostaíochta i gcomhréir le MT PFOS an WRC/HSA. Cigireachtaí déanta freisin in earnálacha próiseála feola, iascaireachta agus talmhaíochta |
| Tús a chur le clár faisnéise agus oideachais le haghaidh ionadaithe chliaint FBM chun comhlíonadh a fheabhsú i gcoitinne | Obair leis an Aonad Cumarsáide agus Faisnéise chun a chinntiú go bhfuil an clár éifeachtach agus éifeachtúil | Ar feadh 2020 | Bonn eolais feabhsaithe sna fostaíochtaí seo faoi dheireadh 2020 – comhlíonadh níos fearr trí fheachtais spriocdhírithe 2020 | Bhí tionchar mór ag COVID-19 ach rinneadh feachtais maidir le COVID-19 a fhorbairt ar na meáin shóisialta ag smaoineamh ar fhosaithe agus fostóirí FBManna |

7. Féach cinneadh na Cúirte Oibreachais (CNN194), Boots Retail (Ireland) Ltd.

## Faisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí

| Cuspóirí an Chláir Oibre | Gníomh/Tascanna | Fráma Ama Seachadta | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Torthaí |
|---|---|---|---|---|
| **Eolas neamhthreorach a chur ar fáil maidir le gníomhaíochtaí an WRC i gcoitinne, reachtaíocht fostaíochta agus meicníochtaí comhshásaimh trí lear mór formáidí soláthair** | Freagairt inrochtana, dírithe ar chustaiméirí agus sho-úsáidte d'ardchaighdeán a chur ar fáil maidir le fiosruithe teileafóin, ríomhphoist, gnáthphoist agus i dtaca le cearta | Ar feadh 2020 | Déileáladh le 90% de na fiosruithe sa chéad fiosrú | Déileáladh le 53,000 glao teileafóin: déileáladh le 90% de na fiosruithe sa chéad fiosrú agus déileáladh le 6,900 ríomhphost |
| | Rannpháirteachas spriocdhírithe an WRC a chomhordú ag seimineáir dhlí fostaíochta, láithreoireachtaí, taispeántais, seónna bóthair, seimineáir ghréasáin, etc. | Ar feadh 2020 | Aithníodh eochair-eachtraí, rinneadh an teachtaireacht spriocdhírithe a sheachadadh go héifeachtach agus go héifeachtúil | Ghlac an WRC páirt san fheachtas ar fud na hEorpa #EU4FairWork, agus i seimineáir maidir le Caidreamh Tionsclaíoch agus dlí fostaíochta |
| | Leas a bhaint as ardáin mheáin shóisialta nua an WRC chun feasacht a ardú maidir le reachtaíocht fostaíochta, cinntí ábhartha, gníomhaíochtaí/ sainchúram an WRC agus meicníochtaí comhshásaimh an WRC a chur chun cinn don phobal. | Ar feadh 2020 | Feasacht mhéadaithe ar an WRC agus a shainchúram/ sheirbhísí trí úsáid a bhaint as cuntais meán sóisialta.<br>Sainaithníodh imeachtaí, laethanta, feachtais agus sonraí tábhachtacha agus tugadh poiblíocht éifeachtach dóibh ar na meáin shóisialta.<br>Méadú 10% ó bhliain go bliain ar líon na leantóirí ar ardáin mheáin shóisialta an WRC | Gineadh meáin shóisialta agus físeáin faisnéise a bhain le COVID agus féachadh go forleathan orthu.<br>Amhairc Idirlín: 2.6m feachtas, teachtaireacht comhordaithe agus lucht féachana ar na meáin shóisialta méadaithe ar feadh 2020: Méadú 85% agus 300% ar líon na leantóirí ar Twitter agus LinkedIn an WRC faoi seach |
| **Próiseáil éifeachtach gearán agus iarratas a chuirtear faoi bhráid an WRC** | Na gearáin ar fad a phróiseáil ar bhealach tráthúil agus éifeachtach agus a chur ar aghaidh chuig an bhfóram cuí comhshásaimh | Ar feadh 2020 | Gach ceann de na gearáin reatha á bpróiseáil go héifeachtach agus go héifeachtúil (dhéileáil an próiseas seo le tuairim is 15,000 gearán sonrach in 2018) – cruthaíodh 90% de na comhaid laistigh de 10 lá oibre agus tugadh foláireamh don fhreagróir | 19,000 gearán sonrach arna bpróiseáil agus cothrom le dáta in ainneoin go raibh tionchar ar phróiseáil na ngearán crua ar feadh tréimhse de bharr shrianta COVID-19 |
| **Straitéis For-Rochtana agus Chumarsáide a Sheachadadh** | Gníomhaíochtaí de chuid an WRC a shainaithint ar féidir iad a úsáid chun cur le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht an WRC i gcoitinne | R2 2020 | Feasacht agus tuiscint níos mó ar an WRC, a fhéiniúlacht, ról agus feidhmeanna, ar fud caidrimh thionsclaíoch, cearta fostaíochta, ceisteanna comhionannais agus stádais chomhionann, sraith seirbhísí an WRC a ndéantar margaíocht orthu, seimineáir shaincheaptha, seónna bóthair, agus láithreoireachtaí a dhéantar le haghaidh páirtithe leasmhara agus spriocluchtspéise | Mar gheall ar thionchar na paindéime cuireadh imeachtaí for-rochtana a bhí sceidealaithe ar ceal in R2 2020. Rinneadh na spriocanna Cumarsáide a athailíniú le straitéis an Rialtais maidir le teachtaireachtaí na paindéime agus an áit oibre |
| | Feachtais um Stádas Comhionann a chur i gcrích maidir le riachtanais na mionphobal eitneach agus LGBT+ | Deireadh 2020 | Feasacht mhéadaithe ar ról an WRC sa réimse seo agus méadú ar atreoruithe ábhartha don WRC | Tionchar air seo de bharr fhreagairt COVID-19: tosaíocht le haghaidh 2021 |
| | Treoirleabhair dhírithe shaincheaptha chlóite agus teimpléid a ullmhú d'fhostaithe agus fostóirí | R3 2020 | Treoirleabhair agus teimpléid seolta agus arna n-úsáid agus rochtain | Cáipéisíocht nóis imeachta nua deartha le haghaidh teimpléad um breithnithe agus aighneachtaí |

## Gnóthaí Dlí

| Cuspóirí an Chláir Oibre | Gníomh/Tascanna | Fráma Ama Seachadta | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Torthaí |
|---|---|---|---|---|
| **Seirbhís dlí an WRC ag oibriú go héifeachtach agus go héifeachtúil** | Struchtúir, nósanna imeachta, agus próisis ghnó ag oibriú go héifeachtach | Ar feadh 2020 | An tseirbhís dlí bunaithe agus í lánfheidhmiúil. | Rinneadh na seirbhísí a sheachadadh go héifeachtach agus go héifeachtúil agus tugadh isteach struchtúir nua |
| **Oiliúint chuí dlí a sholáthar don fhoireann agus do bhreithneoirí – cur chuige slán a bheith i bhfeidhm maidir le gníomhaíochtaí an WRC** | Struchtúir agus riachtanais oiliúna a shainaithint agus a sheachadadh. Oiliúint a sholáthar i dtaca le seirbhísí dlí nuair is gá agus forbairt ghairmiúil leanúnach a chinntiú | Ar feadh 2020 | Oiliúint á cur i bhfeidhm agus Breithneoirí tugtha cothrom le dáta maidir le dlí-eolaíocht | Rinneadh an oiliúint a sheachadadh |
| **Seirbhísí dlí atá in úsáid laistigh den WRC a bhainistiú** | Seirbhísí dlí a sholáthar nuair is gá (lena n-áirítear painéil do chomhairle dlí nuair is cuí) | Ar feadh 2020 | Córais ag feidhmiú go héifeachtach | Rinneadh bainistiú cuí ar sheirbhísí dlí |
| **Comhairle dlí, thráthúil éifeachtach agus láidir a bhainistiú agus a sholáthar ar gach gné de chúrsaí dlí a chuirtear faoi bhráid an WRC** | Comhfhreagras a mheas, comhairle a sholáthar, faisnéis a thabhairt d'Abhcóide nuair is gá, dul chun cinn an cháis agus an toraidh a bhainistiú, dul i gcomhairle le CSSO, AGO agus DBEI nuair is gá | Ar feadh 2020 | Déanann an WRC bainistiú ar chúrsaí dlí go héifeachtach agus go héifeachtúil. Tá ról éifeachtach ag an WRC i dtaca le forbairtí dlí ábhartha | Comhairle d'ardchaighdeán tugtha |
| **Sainbhunachar sonraí agus saoráid leabharlainne a chothabháil do Bhreithnóirí agus foireann an WRC trí chéile**<br>**Costais dlí a shocrú agus a bhainistiú laistigh de pharaiméadair bhuiséid** | Rochtain chuí a chinntiú ar bhunachair shonraí sheachtracha ar nós Westlaw, Bailii, etc. leabharlann fhíorúil agus fhisiciúil coinnithe cothrom le dáta Monatóireacht a dhéanamh ar chostais dlí/bearta éifeachtúlachta a shainaithint | Ar feadh 2020 | Bunachair shonraí agus leabharlann i bhfeidhm agus leas iomlán á úsáid astu | Córais agus struchtúir nua tugtha isteach go rathúil, agus bunachar sonraí coimeádta<br>Rinneadh bainistiú cuí ar chostais |
| **Cuir in iúl do pháirtithe leasmhara faoi threochtaí i dtaca le gearáin agus cinntí** | Anailísí a fhoilsiú maidir le cearta fostaíochta agus cinntí de chuid an WRC go mór mór i dtaca le cásanna comhionannais agus stádais chomhionann | Go ráithiúil | Bainistiú éifeachtach agus éifeachtúil déanta ar Chostais Dlí agus laistigh den bhuiséad<br>Tráchtaireachtaí foilsithe | Comhairle maidir le tionchar COVID-19 agus tús áite do thacaíocht; roinnt achoimrí cásanna an WRC foilsithe sa phreas dlí |
| **Obair le DBEI chun saincheisteanna dlí a shainaithint a bhfuil tionchar orthu maidir leis an sainchúram reachtúil a sheachadadh** | Príomhthosaíochtaí reachtaíochta a shainaithint agus cuidiú le dul chun cinn nuair is féidir agus obair i gcomhairle le DEBI i gcomhthéacs dúshlán reachtaíochta Ardchúirte | Ar feadh 2020 | Saincheisteanna sainaitheanta leis an Roinn agus dul chun cinn déanta mar ba chuí | Reachtaíocht thábhachtach maidir le COVID tugtha isteach agus athbhreithniú níos leithne ar reachtaíocht ar bun leis an Roinn FTF |

## An Rannóg Straitéiseach, Dhigiteach agus Chorparáideach

| Cuspóirí an Chláir Oibre | Gníomh/Tascanna | Fráma Ama Seachadta | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Torthaí |
|---|---|---|---|---|
| **Creatlach rialachais chorparáidigh láidir a chothabháil san WRC** | Monatóireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar chaighdeáin/ beartais/ nósanna imeachta inmheánacha | Ar feadh 2020 | Rialachas corparáideach san WRC i gcomhréir le dea-chleachtas | Rinneadh rialachas corparáideach láidir a sheachadadh |
| **Cinntiú go gcuireann an WRC feidhmeanna reachtúla i gcrích laistigh den bhuiséad** | Iniúchadh éifeachtach agus éifeachtúil a dhéanamh ar chaiteachas, monatóireacht a dhéanamh ar éileamh seirbhíse agus leibhéil ghníomhaíochta agus dul i gcomhairle go rialta le DBEI chuige seo | Ar feadh 2020 | Clár oibre curtha i gcrích atá i gcomhréir le húsáid chuí leithdháilte buiséid | Acmhainní arna soláthar laistigh den bhuiséad |
| **Go raibh solúbthacht fheidhmiúil ag an WRC** | Cinntiú go bhfuil sé d'acmhainn ag an WRC freagairt go mear maidir le patrúin éileamh athraitheach ar fud réimse iomlán a ghníomhaíochtaí. | Ar feadh 2020 | An WRC in ann freagairt go mear maidir le méadú tobann Rannach agus patrúin athraitheacha acmhainní | D'fhreagair an WRC d'éilimh athraitheacha COVID-19 i rith 2020 |
| **An cultúr feidhmíochta pleanála gnó rioscabhunaithe straitéiseach de chuid an WRC a bhainistiú ag gach leibhéal den eagraíocht** | Cabhrú le cur i bhfeidhm na straitéise Boird agus an Chláir Oibre agus leathadh amach trí phleananna Corparáideacha, Rannacha, Aonaid agus pleananna gnó phearsanta, riosca a thomhas agus a leigheas agus tuairisciú ar dhul chun cinn don Choiste Bainistíochta agus don Bhord ar bhonn rialta | Ar feadh 2020 | An WRC ag feidhmiú go hiomlán laistigh de chreatphlean stuama straitéiseach agus gnó | Tá creat riosca agus gnó go hiomlán i bhfeidhm |
| **Díospóireacht beartais ar fhorbairtí caidrimh san áit oibre a fheabhsú agus eolas a dhéanamh di** | Réimsí cúram beartais a shainaithint agus ionchur a dhéanamh ar fhormáidiú beartas | Ar feadh 2020 | Ionchur tugtha agus tuigthe | Baineadh amach é sin trí láithreoireachtaí, teagmháil le páirtithe leasmhara, an Roinn FTF agus foilseacháin |
| **Go raibh réigiún an Deiscirt de chuid an WRC ag soláthar seirbhís iomlán in áitreabh an WRC** | Obair le hOifig na nOibreacha Poiblí chun a chinntiú go mbeidh sé d'acmhainn ag oifigí réigiún an deiscirt de chuid an WRC éascaíocht a dhéanamh ar sheachadadh sheirbhísí uile an WRC faoi R3 | Ar feadh 2020 | An oifig ag feidhmiú go hiomlán | Osclaíodh oifig an Mheán-Iarthair; dul chun cinn déanta i réigiún an deiscirt ach moill air de bharr COVID-19 |
| **Monatóireacht a dhéanamh ar chórais TFC chun a chinntiú go ndéanann siad seachadadh éifeachtach agus éifeachtúil seirbhísí an WRC a éascú** | Athbhreithniú a dhéanamh go ráithiúil agus nuashonruithe le déanamh nuair is gá | Ar feadh 2020 | Córais TFC atá furasta le húsáid ag feidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil | Córais TFC arna gcothabháil agus ag feidhmiú |
| **Saoráid nua do Ghearáin a dhearadh agus a leathadh amach** | Foirm nua ghréasán-bhunaithe ar éasca í a úsáid a chuireann feabhas ar thaithí iomlán an úsáideora agus a sheachadann bearta éifeachtúlachta feidhmiúla inmheánacha | R4 2020 | Deartha agus i bhfeidhm | Moill de bharr éileamh TFC chun seirbhís seachadta a sholáthar ó chian le linn COVID-19 |
| **Tógáil Ardán TF Comhréitigh, Éascaíochta, Eadrána, agus Chomhairligh a chur i gcrích.** | Obair le DBEI agus comhpháirtithe inmheánacha chun córas bainistíochta cásanna oiriúnach ar éasca é a úsáid a chur i bhfeidhm a chuireann le bearta éifeachtúlachta agus seachadadh seirbhíse | R4 2020 | An córas iomlán ag oibriú | Ardán eadrána arna leathadh amach go rathúil: moill ar an ardán idir-réitigh de bharr éileamh TFC chun seirbhís seachadta a sholáthar ó chian le linn COVID-19 |
| **Treisiú Teicneolaíochta chun feabhas a chur le bearta éifeachtúlachta agus úsáid acmhainní** | An WRC le hobair le DBEI chun féachaint ar úsáidí féideartha i dtaobh próisis uathoibrithe fheabhsaithe | Ar feadh 2020 | Úsáidí féideartha sainaitheanta agus straitéis mheántéarmach forbartha | Bhí an teicneolaíocht ríthábhachtach chun seirbhísí cianda a fhorbairt agus a sholáthar go rathúil le linn 2020, straitéis RPA mheántéarmach sainaitheanta agus tús curtha léi |
| | Obair leis an Tionscadal Samhaltaithe um Chigireacht Rioscaí chun cuidiú le tógáil córais mheastóireachta TF rioscú de réir mar is gá | R3 2020 ar aghaidh | Samhail Riosca i bhfeidhm | Tionscadal curtha i gcrích ar a raibh tionchar ag tosaíochtaí cigireachta bainteach le COVID agus spriocdhíriú ar earnálacha an PFOS a bhain úsáid as cur chuige rioscabhunaithe |
| | Obair le páirtithe leasmhara chun éifeachtúlacht an tsuímh ghréasáin nua a mheas agus a leasú mar a chinntear | R3 2020 - R4 2020 | An suíomh gréasáin uasghrádaithe má bhí gá leis | An suíomh gréasáin feabhsaithe tar éis teagmhálacha le Cumann Ríomhaireachta na hÉireann agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais |

# AGUISÍN 2

## Reachtaíocht trína bhfuiltear in ann gearáin a chur faoi bhráid na Seirbhíse Breithnithe

- An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997
- Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach
- Na hAchtanna Caidrimh Thionscail
- An tAcht um Íoc Pá, 1991
- An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994
- Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta
- Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta
- An tAcht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú), 2003 ((I.R. Uimh. 131 de 2003) (seachas Rialachán 4(4) (a))
- Na hAchtanna um Stádas Comhionann
- An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003
- An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000
- Rialachán 5, 8, 9, 10, 11 nó 12 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar ar Bhóithre) (Eagrú Ama Oibre Daoine i mbun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair ar Bhóithre) Rialacháin 2012 (I.R. Uimh. 36 de 2012)
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005
- An tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994
- An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998
- An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001
- An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre) (Foireann Ghluaisteach in Eitlíocht Shibhialta), 2006 (I.R. Uimh. 507 de 2006)
- Rialachán 6 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint ar Fhostaíocht), 2000 (I.R. Uimh. 488/2000)
- An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre) (Gníomhaíochtaí Dochtúirí in Oiliúint), 2004 (I.R. Uimh. 494 de 2004)
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dálaí Oibre d'Oibrithe Taistil i mbun Seirbhísí IdirInoibritheach Tras-Teorann san Earnáil Iarnróid), 2009 (I.R. Uimh. 377 de 2000)
- An tAcht um Cheadanna Fostaíochta, 2006
- An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007
- Achtanna na bPinsean
- An tAcht Sláinte, 2004

- An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2011 ag tabhairt faoi deara go bhfuil an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe), 2018 mar chuid de Sceideal 1 d'Acht 2011
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Tarluithe san Eitlíocht Shibhialta a Thuairisciú, Anailís a Dhéanamh orthu agus Bearta Leantacha a Dhéanamh ina leith), 2020 (I.R. Uimh.195 de 2020) maidir le gearán um shárú Airteagal 16(9) de Rialachán AE 376/2014
- An tAcht Iomaíochta, 2002
- An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001
- An tAcht um Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998
- An tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984
- An tAcht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009
- An tAcht Ceimiceán, 2008
- Rialachán 19 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Phoiblí Eorpach atá Teoranta ó thaobh Dliteanais) (Páirteachas Fostaithe) 2006 (I.R. Uimh. 623 de 2006)
- Rialachán 20(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comharchumann na hEorpa) (Páirteachas Fostaithe), 2007 (I.R. Uimh. 259 de 2007)
- An tAcht Carthanas, 2009
- Rialachán 39(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cumaisc Trasteorann), 2008 (I.R. Uimh. 157 de 2008)
- An tAcht um Iascach Intíre, 2010
- An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996
- Ordú Rialaithe Fostaíochta faoi A.42C (a cuireadh isteach le A.12 den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2012) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946
- Ordú fostaíochta earnála de réir bhrí Chaibidil 3 de Chuid 2 den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015
- An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialachán), 2011
- An tAcht um Shaoire Uchtaíoch, 1995
- Acht an Bhainc Ceannais (Maoirseacht agus Forfheidhmiú), 2013
- Comhaontú fostaíochta cláraithe de réir bhrí Chaibidil 2 de Chuid 2 den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015
- An tAcht um Éilliú a Chosc (Leasú), 2001
- An tAcht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016
- An tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), 2006
- An tAcht um Chosaint Fostaíochta, 1977
- An tAcht um Fhaisnéis agus Comhchomhairle Thrasnáisiúnta d'Fhostaithe, 1996
- An tAcht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013

## Nóta Míniúcháin:

Is ó achtacháin éagsúla a eascraíonn an bunús reachtach maidir le gearáin agus díospóidí a tharchuirtear chuig Ard-Stiúrthóir an WRC i gcomhar breithnithe. I measc na n-achtachán seo tá an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, an tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998, an tAcht um Stádas Comhionann, 2000, Acht na bPinsean, 1990, an tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984, an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 agus an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969.

Is iad forálacha **Alt 41 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 (Uimh. 16 de 2015)** atá mar bhunús reachtach maidir le gearáin agus díospóidí a tharchuirtear faoi fhormhór na n-achtachán a bhfuil an dlínse céadchéime ag Ard-Stiúrthóir an WRC.

Le hAlt 41 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, cruthaítear nós imeachta comhchoiteann maidir le gearáin a chur i láthair agus díospóidí a tharchur chuig Ard-Stiúrthóir an WRC faoi phíosaí éagsúla reachtaíochta fostaíochta. Tá liosta i Sceideal 5 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 de na hachtacháin fostaíochta aonair faoina bhféadfaidh duine gearán a dhéanamh nó díospóid a tharchur chuig Ard-Stiúrthóir an WRC de réir fhorálacha Alt 41.

Tá forálacha Alt 41 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 leasaithe ag Alt 24(b) den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015 (I.R. Uimh. 329 de 2015) agus Alt 20(1)(g) den Acht um Pá Íosta Náisiúnta (Coimisiún um Pá Íseal), 2015 (I.R. Uimh. 411 de 2015).

Is faoi Alt 8 den **Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977** a eascraíonn an bunús reachtach maidir le gearáin a tharchuirtear chuig Ard-Stiúrthóir an WRC faoin Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977 (leasaíodh na forálacha ábhartha d'Alt 8 den Acht le hAlt 80 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 agus Ailt 14 agus 20 (1) (l) den Acht um Pá Íosta Náisiúnta (Coimisiún Íocaíochta Íseal), 2015 (I.R. Uimh. 410 de 2015)).

Is faoi Alt 77 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 a eascraíonn an bunús reachtach maidir le gearáin a tharchuirtear chuig Ard-Stiúrthóir an WRC faoin Acht sin (leasaíodh na forálacha ábhartha d'Alt 77 den **Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998** le hAlt 83 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015).

Is faoi Alt 21 den Acht um Stádas Comhionann, 2000 a eascraíonn an bunús reachtach maidir le gearáin a tharchuirtear chuig Ard-Stiúrthóir an WRC faoin Acht sin (leasaíodh na forálacha ábhartha d'Alt 21 den **Acht um Stádas Comhionann, 2000** leasaithe ag Alt 84 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015).

Is faoi Chuid VII **d'Acht na bPinsean, 1990** a eascraíonn an bunús reachtach maidir le gearáin a tharchuirtear chuig Ard-Stiúrthóir an WRC faoin Acht sin (leasaíodh na forálacha ábhartha de Chuid VII d'Acht na bPinsean, 1990 le hAlt 82 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015).

Is faoi Alt 39 den **Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967** a eascraíonn an bunús reachtach maidir le gearáin a tharchuirtear chuig Ard-Stiúrthóir an WRC faoin Acht sin (leasaíodh na forálacha ábhartha d'Alt 39 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 le hAlt 76 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015).

Is faoi Alt 9 den **Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984** a eascraíonn an bunús reachtach maidir le gearáin a tharchuirtear chuig Ard-Stiúrthóir an WRC faoin Acht sin (leasaíodh na forálacha ábhartha d'Alt 9 den Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 le hAlt 81 den Acht |um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015).

Is faoi Alt 13 den **Acht Caidrimh Thionscail, 1969** a eascraíonn an bunús reachtach maidir le gearáin a tharchuirtear chuig Ard-Stiúrthóir an WRC faoin Acht sin (leasaíodh na forálacha ábhartha d'Alt 13 den Acht Caidrimh Thionscail, 1969 le hAilt 8, 40(9) agus Sceideal 2 Cuid 1 Mír 2 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015). Féach freisin Acht Caidrimh Thionscail an Gharda Síochána (Leasú), 2019, ar cuireadh tús leis i mí Feabhra 2020.

# AGUISÍN 3

## Líon na ngearán a fuarthas faoi gach píosa reachtaíochta

| Breithniú | Líon iomlán na ngearán sainiúil a fuarthas |
|---|---|
| **Bonn Reachtaíochta** | |
| Alt 27 den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | 4209 |
| Rialachán 6 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint ar Fhostaíocht), 2000 | 3344 |
| Alt 8 den Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977 | 1906 |
| Alt 6 den Acht um Íoc Pá, 1991 | 2555 |
| Alt 7 den Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 | 1204 |
| Alt 13 den Acht Caidrimh Thionscail, 1969 | 1120 |
| Alt 77 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 | 973 |
| Alt 12 den Acht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 | 614 |
| Alt 39 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 | 537 |
| Rialachán 10 na gComhphobal Eorpach (Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú), 2003 (I.R. Uimh. 131 de 2003) | 471 |
| Alt 21 den Acht um Stádas Comhionann, 2000 | 340 |
| Na hAchtanna Caidrimh Thionscail | 255 |
| Alt 25 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012 | 219 |
| Alt 28 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | 158 |
| Alt 14 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003 | 123 |
| Rialachán 18 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar ar Bhóithre)(Eagrú Ama Oibre Daoine i mbun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair ar Bhóithre), 2012 - I.R. Uimh. 36/2012 | 117 |
| Alt 24 den Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 | 186 |
| Alt 45A den Acht Caidrimh Thionscail, 1946 | 80 |
| Alt 23 den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015 | 70 |
| Sceideal 2 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 | 58 |
| Alt 18 den Acht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 | 41 |
| Ailt 30 agus 31 den Acht um Chosaint Mháithreachais, 1994 | 32 |
| Alt 16 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 | 28 |
| Alt 81(e) d'Acht na bPinsean, 1990 arna leasú leis an Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 | 18 |
| Alt 86 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 | 17 |
| Alt 9 den Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 | 12 |
| Rialachán 15 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre) (Foireann Ghluaisteach in Eitlíocht Shibhialta), 2006 - I.R. Uimh. 507 de 2012 | 11 |
| Alt 27 den Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016 | 8 |
| Sceideal 2 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2011 | 7 |
| Alt 18A den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | 6 |
| Alt 6(1) den Acht um Éilliú a Chosc (Leasú), 2010 | 6 |
| Alt 20(1) den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015 | 5 |
| Sceideal 3 den Acht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), 2006 | 5 |
| Cuid 14 Alt 103(55M) den Acht Sláinte, 2007 | 5 |
| Rialachán 8 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dálaí Oibre d'Oibrithe Taistil i mbun Seirbhísí IdirInoibritheach Tras-Teorann san Earnáil Iarnróid), I.R. Uimh. 377 de 2000 | 4 |
| Alt 24 den Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 | 4 |
| Alt 19 den Acht um Shaoire Cúramóra, 2001 | 3 |
| Sceideal 2 den Acht um Cheadanna Fostaíochta, 2006 | 3 |
| I.R. Uimh. 494 de 2004 agus Clásal 6 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dálaí Oibre d'Oibrithe Taistil i mbun Seirbhísí IdirInoibritheach Tras-Teorann san Earnáil Iarnróid), 2009, I.R. Uimh. 377 de 2000 | 2 |
| Sceideal 6 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 | 2 |
| Alt 62(2) den Acht Carthanas, 2009 | 2 |
| Alt 9 den Acht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 | 2 |
| Sceideal 5 d'Acht an Bhainc Ceannais (Maoirseacht agus Forfheidhmiú), 2013 | 2 |
| Alt 26 den Acht Ceimiceán, 2008 | 2 |
| Rialachán 10 de I.R. Uimh.494/2004 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre)(Gníomhaíochtaí Dochtúirí in Oiliúint), 2004 | 1 |
| Alt 67(5) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialachán), 2011 | 1 |
| Alt 8(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dálaí Oibre d'Oibrithe Taistil i mbun Seirbhísí IdirInoibritheach Tras-Teorann san Earnáil Iarnróid), 2009 - I.R. Uimh. 377 de 2000 | 1 |
| Alt 35 den Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013 | 1 |
| Alt 18 den Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996 | 3 |
| Eile/níor sonraíodh | 196 |
| **Iomlán** | **18969** |

# AGUISÍN 4

## Cinntí Breithnithe Suntasacha WRC

### Tuarascáil Bhliantúil 2020 – Achoimrí Cásanna

### An tAcht um Eagrú Ama Oibre agus Saoire Bhliantúil

**Comhordaitheoir Saoráidí v Bácús [ADJ-00019188] (11/06/20)**

**Éileamh ar chúiteamh a fabhraíodh mar thoradh ar shaoire bhliantúil faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997. Ghlac an tOifigeach Breithnithe léamh comhréireachta ar na forálacha bunaithe ar dhlí an AE agus bhronn sé pá scoir ar an ngearánach.**

Dhearbhaigh an gearánach go raibh tríocha is a haon lá de shaoire bhliantúil ag dul dó ag an am ar tháinig deireadh lena fhostaíocht. D'atreoraigh sé gearán faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 ('AEAO'). Leagtar amach in Alt 23 den AEAO teidlíocht an fhostaithe do 'phá scoir' mar chúiteamh ar fhuílleach de shaoire bhliantúil nár tógadh. Mhaígh an gearánach gur mar gheall ar éilimh oibre, nach raibh sé in ann an líon iomlán de laethanta saoire bliantúla a thógáil gach bliain. Dúirt sé gur choimeád an freagróir taifid mhíchuí den tsaoire bhliantúil a tógadh. Dúirt sé go raibh laethanta saoire solúbtha, agus go bhféadfadh sé go nglaofaí air le teacht isteach le haghaidh obair chothabhála thar an Nollaig toisc gur fhan an bácús ar oscailt thar thréimhse na Nollag.

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar fhorálacha ábhartha na Treorach um Am Oibre (2003/88/EC) agus Cairt an AE um Chearta Bunúsacha, nótáil an tOifigeach Breithnithe gur ceart sóisialta bunúsach é an ceart chun saoire bhliantúil. Óna scrúdú ar dhlí-eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais an AE, nótáil an tOifigeach Breithnithe gur faoin bhfostóir atá sé a chinntiú gur féidir leis an bhfostaí saoire bhliantúil a thógáil. Ina theannta sin, ní mór don fhostóir dícheall cuí a dhéanamh lena chinntiú go dtógtar saoire. I gcás inar theip ar an bhfostóir dícheall cuí a dhéanamh, cuireann dlí an AE bac ar fhoráil inmheánach a dhéanann iarracht teorainn a chur le carnadh laethanta saoire bliantúla nó íocaíocht an liúntais in ionad.

I gcás go bhfuil saoire bhliantúil atá tugtha ar aghaidh chun dul i léig, ní mór an staid seo a chur in iúl go soiléir don fhostaí ar bhealach caoithiúil. Dhearbhaigh an tOifigeach Breithnithe nár chomhlíon an freagróir an dualgas chun a léiriú go ndearnadh dícheall cuí chun a chinntiú gur thóg an gearánach an tsaoire bhliantúil. Chinn an tOifigeach Breithnithe freisin nár léirigh an freagróir gur chuir sé in iúl go cruinn don ghearánach go caoithiúil go rachadh an tsaoire bhliantúil charntha i léig.

Ós rud é gur iarr an gearánach pá scoir in ionad a shaoire bhliantúil nár tógadh, d'fhéach an tOifigeach Breithnithe ansin leis an gceist a fhreagairt an bhféadfadh an gearánach an tsaoire bhliantúil stairiúil nár tógadh a chur san áireamh i ríomh an phá scoir ag deireadh a thréimhse fostaíochta. Ag cur i bhfeidhm léirmhíniú comhréireachta chun feidhm a thabhairt do dhlí an EU infheidhme, dhearbhaigh an tOifigeach Breithnithe go raibh an gearánach i dteideal fiche is a ceathair lá sa bhliain a thógáil mar shaoire bhliantúil. Tháinig fiche cinn de na laethanta sin as an AEAO/Treoir um Am Oibre agus tháinig ceithre lá breise as an gconradh.

Éileamh ba ea é seo faoin AEAO, agus bhí an gearánach ag brath ar dhlí an AE chun go n-éireodh leis. Ní éireodh leis ach amháin go raibh sárú ann ar dhlí an AE. Chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh an gearánach in ann 20/24ú dá shaoire bhliantúil nár tógadh a éileamh, mar ba é sin tomhais a theidlíochta reachtúla agus Treorach.

Bronnadh **€6,000** ar an ngearánach, déanta suas de €5,215 mar phá scoir (mar riaráiste pá) agus €785 mar shárú ceart reachtúil agus nár riaráiste pá a bhí ann.

### Oibrí Slándála v Cuideachta Slándála [ADJ-00029014] (17/12/20)

**Gearán faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997, maidir le teip an fhreagróra obair nó íocaíochtaí a sholáthar don ghearánach, ach amháin anois agus arís le linn tréimhse shonrach. Thug an tOifigeach Breithnithe breith i bhfábhar an ghearánaigh.**

D'atreoraigh an gearánach gearán chuig an WRC inar líomhain sé gur theip ar a fhostóir, an freagróir, obair áirithe nó íocaíochtaí a sholáthar dó, contrártha do théarmaí a fhostaíochta. Thaisc sé gearán faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 ('AEAO'). Bhí sé fostaithe ag an bhfreagróir mar oibrí slándála ó 2007. Níor fhreastail an freagróir ar an éisteacht.

Luaigh an gearánach ina fhoirm ghearáin gur oibrigh sé 20 uair an chloig ar an meán in aghaidh na seachtaine don fhreagróir, mar a bhí luaite i mbuntéarmaí a fhostaíochta ó 2007. Rinneadh na téarmaí seo a uasdátú in 2008 chun a rá go mbeadh uaireanta oibre éagsúla ag an ngearánach agus go ndéanfaí iad a chinneadh ar bhonn seachtainiúil. D'éiligh an gearánach nár thug an freagróir aon uaireanta uainchláir dó le linn na tréimhse ón 6 Aibreán go dtí 31 Bealtaine 2020.

Chuir an gearánach éileamh isteach freisin faoin bPróiseas um Uainchlárú agus Am Cúitimh le haghaidh uaireanta gearra agus chuir sé in iúl don fhreagróir go raibh sé beartaithe aige gearán a chur isteach chuig an WRC maidir lena uaireanta gearra ar an 10 Meitheamh. Dúradh leis go ndéanfadh Acmhainní Daonna tuilleadh fiosraithe faoi seo, agus go mbeidís i dteagmháil leis maidir lena éileamh um Am Cúitimh. Dúirt an gearánach nach bhfuair sé aon ghlao ach amháin ceann ó uimhir anaithnid nach raibh sé in ann a fhreagairt. Ina dhiaidh sin, cuireadh ar a sceideal, *"teagmháil leis an bhfostaí, níl sé ar fáil chun obair a dhéanamh"*, rud a chiallaigh nach raibh sé in ann éileamh a dhéanamh faoi Am Cúitimh.

Rinne an tOifigeach Breithnithe an Beartas um Am Cúitimh a mheas, ar thagair an gearánach dó. Chinn sí gur chosúil gur chlúdaigh sé cásanna ina raibh uaireanta conartha ar fáil ag an bhfostóir ach gur theip air uaireanta a sholáthar don fhostaí ar chúis éigin. Ach, ní dhearna sé foráil, áfach, do chásanna nuair nach raibh aon uaireanta ar an uainchlár tugtha don fhostaí ar bhonn leanúnach, mar atá sna cúinsí reatha. Dá réir sin, chinn sí nach raibh téarmaí an Bheartais um Am Cúitimh infheidhme do chás an ghearánaigh.

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le cibé acu an raibh nó nach raibh an gearánach i dteideal íocaíochta don tréimhse shonrach ó Aibreán go Bealtaine, rinne an tOifigeach Breithnithe scrúdú ar alt 18 den AEAO arna leasú ag an Acht um Dhlí Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2018. Fuair sí gur i gcás gur ghá don fhostaí iad féin a chur ar fáil le haghaidh oibre cibé uair agus de réir mar a éilíonn an fostóir, ní mór dá n-uaireanta oibre bheith níos mó ná náid. Nótáil an tOifigeach Breithnithe, de bharr an easpa foirmiúlachta mar gheall ar an bhfionraíocht, seachas briseadh fostaíochta an ghearánaigh, gur fágadh é le conradh gan uaireanta ar bith. Dá réir sin, bhí sé i dteideal íocaíocht a fháil, mar a ríomhtar faoi alt 18(4) den AEAO. Rinne an tOifigeach Breithnithe alt 18(5) den AEAO a mheas freisin, ag cinneadh nach raibh feidhm leis mar nár tugadh fógra don ghearánach maidir le briseadh as post, mar a shainmhínítear faoin Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967.

Bunaithe ar an bhfianaise gan chonspóid, thug an tOifigeach Breithnithe breithiúnas i bhfábhar an ghearánaigh, gur bhunaigh sé teidlíocht íocaíochta don tréimhse idir Aibreán go Bealtaine 2020 i gcomhréir leis an AEAO. Bhronn sí **€1,572.75** ar an ngearánach.

## Íocaíochtaí Iomarcaíochta

### Tiománaí v Comhlacht Iompair [ADJ-00026100] (29/05/20)

**Complaint brought under the Redundancy Payments Act 1967 following an incident with a third party. The complaint failed as the complainant was unable to establish that a redundancy had occurred.**

D'atreoraigh an gearánach gearán chuig an WRC i mí na Nollag 2019, inar mhaígh sé go raibh sé i dteideal íocaíocht iomarcaíochta ón bhfreagróir. D'éiligh sé gur chuir an freagróir as a phost é ag suíomh áirithe agus gur theip air fostaíocht eile réasúnta a chur ar fáil dó faoin Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 ('Acht 1967').

Luaigh an gearánach go raibh sé fostaithe ag an bhfreagróir ar feadh 24 bliain ag am a iomarcaíochta.

Mar chuid dá fhostaíocht laethúil, bhailíodh sé a thrucail ó áitreabh sonrach gar dá theach baile, sula n-oibríodh sé go heisiach ar réadmhaoin ar le príomhchliant an fhreagróra é. Tar éis eachtra a tharla ag an réadmhaoin, chuir an t-úinéir cosc ar an ngearánach rochtain a bheith aige ar an réadmhaoin. Mhaígh an gearánach go ndúirt an freagróir leis gurb é an t-aon obair eile a bhí ar fail dó, go mbeadh air tiomáint go Baile Átha Cliath chun a thrucail a bhailiú agus a thabhairt ar ais gach lá, rud a chuirfeadh turas breise 380 míle gach lá air, rud a d'éiligh sé bheith neamhréasúnta.

Dúirt an freagróir, tar éis an eachtra a tharla, go ndearnadh imscrúdú iomlán agus go ndearnadh iarracht cur ina luí ar an gcliant an cosc a bhaint. Tairgeadh obair don ghearánach i mBaile Átha Cliath fad a bhí an t-imscrúdú ar siúl, agus diúltaíodh don obair sin. Nuair a dhiúltaigh an cliant cead a thabhairt don ghearánach filleadh ar an láthair, tairgeadh obair eile don ghearánach i mBaile Átha Cliath uair amháin eile, toisc nach raibh aon obair eile ar fáil. Dúradh toisc go raibh an obair fós ann ar shuíomh an chliaint, agus go raibh sí fós le déanamh, nárbh iomarcaíocht ná briseadh poist a bhí anseo, ach cás nach raibh an gearánach in ann tabhairt faoin obair a raibh sé fostaithe le déanamh.

Rinne an tOifigeach Breithnithe ailt 7, 11 agus 12 d'Acht 1967 a mheas agus cinneadh á dhéanamh maidir le cibé acu an raibh nó nach raibh an gearánach i dteideal íocaíocht reachtach iomarcaíochta. Tharraing sé aird ar an gcinneadh in *St. Ledger v Frontline Distribution Ireland Ltd* [1995] ELR 160, a leag béim ar neamhphearsantacht agus athrú bheith mar phríomhghnéithe na sainmhínithe ar iomarcaíocht faoi Acht 1967. Chinn an tOifigeach Breithnithe toisc nár éiligh ceachtar den dá pháirtí gur briseadh an gearánach as a phost, dá bhrí sin, ní fhéadfadh sé bheith iomarcach faoi alt 7(2). Ar an gcaoi chéanna, ar bhonn na fianaise a tugadh, níor scaoileadh an gearánach chun bealaigh de réir alt 11(1).

Mar gheall ar na torthaí seo, fuarthas go raibh obair ag an bhfreagróir agus go raibh sé toilteanach an obair sin a thabhairt don ghearánach, ach nach raibh an gearánach in ann tabhairt faoin obair lena raibh sé fostaithe a dhéanamh. Dá réir sin, theip ar an ngearán iomarcaíochta.

## Dífhostú Éagórach

### Déantóir Doirse v Comhlacht Siúinéireachta [ADJ-00017045] (18/08/20)

**Gearán faoin Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977 tar éis dífhostú mar gheall ar eachtra um mí-iompar tromchúiseach (ionsaí fisiciúil ar chomhghleacaí). In ainneoin an mhí-iompair, chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh an dífhostú éagórach ó thaobh nóis imeachta de.**

Rinneadh an gearánach a dhífhostú as a fhostaíocht mar gheall ar mhí-iompar tromchúiseach de bharr eachtra le fostaí eile (An tUas. A) agus rinne sé gearán faoin Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977 ('Acht 1977'). D'éiligh an gearánach go raibh pionós an dhífhostaithe díréireach sna cúinsí agus gur theip ar an bhfreagróir nósanna imeachta cuí a chur i bhfeidhm agus an dífhostú á dhéanamh.

Aontaíodh go raibh díospóid ann maidir le húsáid forcardaitheora idir an gearánach agus an tUas. A, agus gur mhaslaigh an tUas. A an gearánach líon uaireanta roimh an eachtra sin agus ina dhiaidh. Tharraing an gearánach dorn ar an Uas. A chomh maith. Thug an freagróir fianaise ar aird a léirigh go ndearna dorn an ghearánaigh teagmháil le cloigeann an Uas. A. Níor aontaigh an gearánach leis an gconspóid seo, ach ghéill sé gur tharraing sé an dorn ag súil go ndéanfadh sé teagmháil leis an Uas. A. Ní fhéadfadh clúdach TCI a dhéanamh amach go cinntitheach an ndearna dorn an ghearánaigh teagmháil le fírinne. Aontaíodh freisin gur thit an gearánach agus an tUas. A ar an urlár ina dhiaidh sin agus gur lean siad orthu ag troid go dtí gur scaradh óna chéile iad.

Shonraigh an tOifigeach Breithnithe gur tugadh an Lámhleabhar Fostaithe don ghearánach ina bhfuil sé luaite gur samplaí de mhí-iompar tromchúiseach iad *"iompar contúirteach, troid nó ionsaí fisiciúil"* a bhfuil faoi dhliteanas go gcuirfear pionós dá mbarr trí dhífhostú achomair.

Chinn an tOifigeach Breithnithe gur thit iompar an ghearánaigh laistigh den chatagóir iompair seo. Tar éis na fianaise a bhreith, bhí an tOifigeach Breithnithe sásta go raibh fachtóirí maolaitheacha curtha san áireamh ag an bhfreagróir e.g. go raibh taifead smachtaithe gan smál ag an ngearánach le linn a sheacht mbliana de sheirbhís. Nótáil an tOifigeach Breithnithe go raibh iompar foréigneach, ionsaitheach agus contúirteach go huile is go hiomlán do-ghlactha san áit oibre agus go bhféadfadh sé go mbeadh iarmhairtí an-dáiríre agus tromchúiseacha ann dá bharr. Dá bhrí sin, in ainneoin na bhfachtóirí maolaitheacha a cuireadh chun cinn thar ceann an ghearánaigh, bhí an pionós dífhostaithe comhréireach i gcúinsí an cháis reatha.

In ainneoin an toraidh seo, mar a tharlaíonn go minic i gcinntí um dhífhostú éagórach, dhearbhaigh an tOifigeach Breithnithe go raibh mórán gnéithe de phróisis an fhreagróra nár chomhlíon na caighdeáin riachtanacha um chothroime nóis imeachta mar a leagtar amach san Acht Caidrimh Thionscail, 1990 *(Cód Cleachtais maidir le Nósanna Imeachta Casaoide agus Smachtaithe) (Dearbhú)* Ordú 2000. Ní mó ná sásta a bhí an tOifigeach Breithnithe leis an bhfíoras go raibh baint ag an mBainisteoir Oibríochtaí le ról an imscrúdaitheora agus an chinnteora. Cé gur nótáil an tOifigeach Breithnithe gur féidir leis bheith deacair na róil seo a dheighilt i ngnólachtaí beaga, sa chás seo, chinn sé go bhféadfadh an freagróir na róil a dheighilt. Nótáil an tOifigeach Breithnithe freisin gur éagórach an chaoi ar úsáideadh an scannánaíocht TCI. Lena chois sin, bhí sé éagothrom gurb é an gearánach an t-aon duine a cuireadh ar fionraí go dtí go ndearnadh an cinneadh faoin bpróiseas smachtaithe.

Dar leis an Oifigeach Breithnithe, chuir iomlán na n-easnamh nóis imeachta a tharla le linn an phróisis smachtaithe cothromas dhífhostú an ghearánaigh i mbaol. Dearbhaíodh an gearánach bheith 70% freagrach as an dífhostú agus dá réir sin bronnadh **€7,500.00** air.

### Iar-Fheidhmeannach Díolacháin v Comhlacht Taistil [ADJ-00027968] (02/12/20)

**Díospóid Caidrimh Thionscail faoi alt 13 den Acht Caidrimh Thionscail, 1969 nuair a bhí níos lú ná 12 mhí seirbhíse ag an oibrí a dífhostaíodh. Thug an tOifigeach Breithnithe breithiúnas ina bhfábhar.**

Bhain an 'díospóid trádála' faoi alt 13 den Acht Caidrimh Thionscail, 1969 ('Acht 1969') le dífhostú éagórach. Ní raibh an tseirbhís riachtanach de 12 mhí ag an ngearánach a theastaíonn chun éileamh a dhéanamh faoin Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977. Is féidir le fostaí, a d'fhéadfadh sé nach bhfuil cearta reachtúla aige/aici faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, díospóid caidrimh thionscail a dhéanamh go ndearnadh é/í a dhífhostú go héagórach faoi Acht 1969. Tá sé tábhachtach na rialacha difriúla maidir leis na 'héilimh leasa' seo a lua, i gcodarsnacht le 'héilimh chirt' fostaíochta, arb iad formhór na ngearán a dtugann an WRC éisteacht dóibh.

Mhaígh an gearánach gur dífhostaíodh go hachomair é tar éis dó obair do chomhlacht taistil an fhreagróra mar fheidhmeannach díolacháin ó Mheitheamh 2019 go dtí Aibreán 2020. Le linn a fhostaíochta, tugadh 'Ráitis na bPríomhthéarmaí' dó; tugadh comhairle dó gur cheart dó tagairt a dhéanamh do Lámhleabhar na bhFostaithe le haghaidh sonraí na rialacha agus na nósanna imeachta smachtaithe, ach níor tugadh riamh an lámhleabhar sin don ghearánach.

Go luath in 2020, tar éis athrú i mbainistíocht, lorg an gearánach soiléire maidir le hathrú beartaithe don dáta párolla agus dúirt sé go ndéanfadh sé comhairle neamhspleách a lorg sula síneodh sé téarmaí conartha nua. D'eascair argóint achrannach teileafóin leis an bhfreagróir as seo, ach níor cuireadh tús le haon ghníomhaíocht smachtaithe fhoirmeálta. Ina dhiaidh sin, tugadh sonraí ó chomhrá príobháideach lena bhainisteoir líne maidir le díomá an ghearánaigh le forbairtí oibre ó tháinig COVID-19 don fhreagróir. Mar thoradh air seo bhí aighneas eile thar an nguthán agus lena linn sin tugadh rabhadh béil foirmeálta don ghearánach.

Coicís ina dhiaidh sin, rinneadh an gearánach a dhífhostú trí chruinniú físeáin a ndearnadh cur síos air dó mar: *'Ag leanúint den rabhadh béil'*. D'admhaigh an freagóir nach raibh aon fhadhb le feidhmíocht phoist an ghearánaigh ach luaigh sé míshástacht faoin gcaoi ar oibrigh an gearánach laistigh den ghnólacht. Seoladh ríomhphost ina dhiaidh sin ag dearbhú an dífhostaithe ag lua *"Caighdeáin mhíshásúla feidhmíochta tar éis oiliúna"*. Ag éisteacht inmheánach achomhairc, theip ar an bhfreagróir arís sonraí a sholáthar maidir leis an bhfeidhmíocht mhíshásúil líomhnaithe.

Chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh easnamh iomlán nósanna imeachta córa ann i gcomhréir le prionsabail ghinearálta an cheartais aiceanta agus mar atá riachtanach de réir I.R. Uimh. 146/2000, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Cód Cleachtais maidir le Nósanna Imeachta Casaoide agus Smachtaithe). Go sonrach, níor tugadh nósanna imeachta smachtaithe don ghearánach, ná níor tugadh aon fhógra dó mar gheall ar chineál an chruinnithe inar briseadh as a phost é (ná níor tugadh deis dó ionadaíocht bheith aige), agus níor tugadh aon chúis maidir le seasamh leis an dífhostú san achomharc. Dá mba rud é go raibh easnaimh i bhfeidhmíocht an ghearánaigh, ansin, ar a laghad, ba cheart go mbeadh faisnéis tugtha dó ina leith sin agus ba cheart na tacaíochtaí agus an oiliúint riachtanach bheith curtha ar fáil dó. Chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh an freagróir tar éis próiseas bréige smachtaithe a eagrú ag druidim leis an dífhostú; cé go raibh an chuma air go raibh an comhfhreagras a cuireadh ar fáil ag cloí le próiseas, ní raibh ann ach cur i gcéill agus *fait accompli* a bhí sa cinneadh maidir le dífhostú ón tús.

Moladh go ndéanfadh an freagróir **íocaíocht ex-gratia €10,000** don ghearánach mar chúiteamh ar an gcaoi ar dífhostaíodh é.

## Nochtadh Cosanta

### Gairmí Sinsearach Teileachumarsáide v Comhlacht Fóntais [ADJ-00027189] (01/12/20)

**Gearán faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 tar éis athbhreithnithe diúltacha ar fheidhmíocht. Thug an tOifigeach Breithnithe breithiúnas in aghaidh an ghearánaigh ar bhonn na fianaise a soláthraíodh.**

D'atreoraigh an gearánach gearán chuig an WRC maidir le líomhain gur imríodh leatrom air mar thoradh ar nochtadh cosanta a rinneadh, contrártha do sceideal 2 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 ('Acht 2014'). Rinneadh an gearán ar dtús faoi alt 6(1) den Acht um Éilliú a Chosc (Leasú), 2010, ach de bharr go ndearnadh é a aisghairm, rinneadh, agus ceadaíodh, iarratas go n-éistfí leis an ngearán faoi Acht 2014.

Bhí an gearánach fostaithe mar innealtóir ag an bhfreagróir ó 2006. Fuair sé athbhreithnithe diúltacha ar fheidhmíocht in 2018 agus 2019. D'éiligh sé gur tharla sé seo toisc gur nocht sé scéal maidir lena Cheann Foirne faoi eachtra a tharla in 2012, agus gur luaigh sé gur theip ar a Bhainisteoir Rannóige an cheist a imscrúdú go cuí. D'éiligh sé gur íospairt a bhí sna hathbhreithnithe diúltacha. Léirigh an gearánach a imní ar dtús le hAcmhainní Daonna agus ansin le Príomhfheidhmeannach na cuideachta, agus sa dá chás, fuarthas nach raibh aon fhianaise ann chun tacú lena éilimh.

Chuir an freagróir i gcoinne líomhaintí an ghearánaigh maidir le híospairt. Dúradh gur tugadh fógra don ghearánach, i ndiaidh an athbhreithnithe dhiúltaigh, maidir leis an nós imeachta achomharc, agus tairgeadh oiliúint bhreise dó chun a chuid scileanna cumarsáide a fheabhsú, ach gur roghnaigh sé gan glacadh léi. Nuair a ardaíodh an cheist sin leis an bPríomhfheidhmeannach, tugadh conradh d'fhoireann dlí-eolaíochta chun an cheist a imscrúdú níos mó, agus rinneadh athbhreithniú cuimsitheach thar líon míonna agus ar deireadh fuarthas go raibh na líomhaintí a rinne an gearánach gan bhunús.

Rinne an tOifigeach Breithnithe a mheas cibé acu an raibh nó nach raibh na himeachtaí a ndearna na páirtithe cur síos orthu ina nochtadh cosanta chun críche Acht 2014 (alt 5(1)). Thug sí achoimre ar riachtanais toraidh mar sin, eadhon:

i. ní mór don fhostaí a chreidiúint go réasúnta gur tharla éagóir,
ii. ní mór dóibh cumarsáid a dhéanamh, maidir leis an éagóir líomhnaithe, lena bhfostaí nó le duine eile, agus
iii. ní mór dóibh a léiriú, mar gheall ar a gcumarsáid faoin éagóir líomhnaithe, gur gearradh pionós orthu.

Nótáil an tOifigeach Breithnithe toisc nár thug an gearánach aon mhíniú maidir le cén fáth nár thuairiscigh sé an eachtra leis an gCeann Foirne ó 2012 go dtí 2018, rud a chuir le fios nár chreid sé go réasúnta go raibh an cheist sách dáiríre gurbh fhiú é a thuairisciú. Ba léir freisin nár mheas Bainisteoir Rannóige an ghearánaigh ná Acmhainní Daonna go raibh aon éagóir ann, agus gur lean siad nósanna imeachta córa nuair a bhí an gearán á imscrúdú.

Ar bhonn na fianaise a soláthraíodh, dhearbhaigh an tOifigeach Breithnithe nach raibh nochtadh cosanta déanta ag an ngearánach. Dá réir sin, theip ar an ngearán.

## Cásanna faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998

### Idirdhealú ar bhonn Inscne agus Stádais Teaghlaigh

**Speisialtóir Oiliúna v Comhlacht Cógaisíochta [ADJ-00025115] (26/06/20)**

**Gearán faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 ar bhonn inscne, stádas teaghlaigh agus míchumais, maidir le cinneadh an fhreagróra conradh fostaíochta an ghearánaigh a athrú go haontaobhach maidir le hobair sholúbtha. Níor dhearbhaigh an tOifigeach Breithnithe aon cheann d'fhorais an ghearánaigh.**

Bhí an gearánach fostaithe ag an bhfreagróir ó 2004 go dtí gur éirigh sí as in 2019. Bhí sí fostaithe ar bhonn lánaimseartha ag an tús, agus laghdaíodh na huaireanta oibre go dtí 23 uair sa tseachtain tar éis di filleadh ar an obair tar éis tréimhse de shaoire mháithreachais. D'iarr an freagróir deireadh a chur leis an gcomhaontú seo in 2019 ar an mbonn gur athraigh riachtanais oibríochta an ghnó agus go raibh sí ag teastáil chun 39 uair an chloig oibre a dhéanamh sa tseachtain. Mhaígh an gearánach gur iarr an freagróir go haontaobhach an leasú a athrú maidir lena conradh fostaíochta, a rinne foráil go laghdófaí ar bhonn seasta a huaireanta oibre seachtainiúla go 23 uair sa tseachtain. D'éiligh sí gurb ionann é sin agus leithcheal ar na forais thuasluaite agus rinne sí éileamh faoi A77 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 ('ACF').

Lean an tOifigeach Breithnithe ar aghaidh agus rinneadh scrúdú ar gach foras ar bhonn aonair. Maidir leis an mbonn míchumais, rinne sé a mheas arb é 'míchumas' a bhí i gceist leis an strus diagnóisithe a bhí ar an ngearánach ag an am ábhartha laistigh den sainmhíniú in Alt 2(1) den ACF. Chuir an tOifigeach Breithnithe réasúnú na Cúirte Oibreachais i bhfeidhm sa chás *Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san Iarthuaisceart v Patricia Cullen Killoran EDA1830* áit a ndearnadh plé ar shainmhíniú míchumais. Chinn sé nár tugadh fianaise leordhóthanach leighis dó chun a dhéanamh amach gur tharla an strus i gceist mar thoradh ar mhínormáltacht nó mífheidhm, agus dá réir sin, nach ndearnadh leithcheal ar an ngearánach ar an mbonn sin.

Ar bhonn inscne agus stádais teaghlaigh, bhí roinnt díospóide ann idir na páirtithe maidir leis an socrú um uaireanta oibre laghdaithe agus ar leasú seasta nó sealadach a bhí ann ar chonradh fostaíochta an ghearánaigh. Ar bhonn na fianaise a soláthraíodh, chinn an tOifigeach Breithnithe nach raibh sé i gceist gur leasú seasta ar théarmaí conartha an ghearánaigh a bhí ann agus go raibh an leanúint ar aghaidh leis ag brath ar riachtanais ghnó na heagraíochta. Chinn sé, áfach, mar gheall ar an bhforáil a thug an freagróir isteach seachtain oibre an ghearánaigh a mhéadú, go raibh sí faoi mhíbhuntáiste ar bhonn a hinscne agus a stádais teaghlaigh, agus dá réir sin, bunaíodh cás *prima facie* maidir le leithcheal indíreach. Ach, dearbhaíodh freisin gur shásaigh an freagróir an tástáil um bonn cirt oibiachtúil de bharr fhíor-riachtanais ghnó a eagraíochta, agus go ndearna sé réitigh eile ar an bhfadhb a mheas.

Ar bhonn na fianaise a soláthraíodh, dhearbhaigh an tOifigeach Breithnithe, cé gur éirigh leis an ngearánach cás *prima facie* maidir le leithcheal indíreach a bhunú ar bhonn inscne agus stádais teaghlaigh, bhí sé sin bréagnaithe ag an bhfreagróir ar bhonn bonn cirt oibiachtúil. Ar an gcaoi chéanna, dearbhaíodh gur theip ar an ngearánach éileamh a bhunú maidir le dífhostú leithchealach nó íospairt. Dá réir sin, theip ar an ngearán.

### Yvonne O'Rourke v An tAire Cosanta [ADJ-00007375] (02/12/20)

**Gearán ar bhonn inscne faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998, gur chaith an freagróir le neamhláithreacht fhada an ghearánaigh ar forais a bhain le toircheas mar an gcéanna le saoire bhreoiteachta ag comhghleacaí fireann. Chinn an tOifigeach Breithnithe gur leithcheal é seo agus bronnadh damáistí uasta, mar aon le hús.**

Ba iar-chaptaen é an gearánach in Aerchór na hÉireann, agus rinne sí an gearán faoi alt 77 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 ('ACF'). Le linn dhá thréimhse de shaoire mháithreachais chonaic an t-iarchaptaen gur chaith an freagóir leis an tsaoire mháithreachais ar an gcaoi chéanna le saoire bhreoiteachta tógtha ag oifigeach fireann. Mar thoradh air seo, fuair sí rátáil íseal feidhmíochta in 2010 agus in 2011, rud a raibh tionchar diúltach aige ar a cumas freastal ar oiliúint éigeantach a theastaíonn chun ardú céime a fháil chun bheith mar cheannasaí.

D'ardaigh an gearánach an chasaoid inmheánach leis an bhfreagróir mar d'airigh sí nár caitheadh go cothrom léi mar gheall ar a hinscne, agus thug an freagróir faoi imscrúdú foirmeálta. Thug an freagróir breithiúnas i bhfabhar an ghearánaigh, agus rinneadh a droch-athbhreithniú feidhmíochta a leasú go "maith" seachas "lag". Chomh maith leis sin, moladh di páirt a ghlacadh san oiliúint a theastaíonn chun bheith incháilithe don ardú céime go céim ceannasaí. Ach, faoin am go ndearnadh an moladh a phróiseáil go foirmeálta, bhí meath ar shláinte an ghearánaigh, agus ní raibh sí in ann freastal ar an oiliúint, agus ina dhiaidh sin, b'éigean di éirí as a post de bharr na drochshláinte.

Rinne an tOifigeach Breithnithe a mheas cibé acu an ndearna nó nach ndearna an freagróir leithcheal ar an ngearánach ar bhonn inscne maidir le hardú céime, de bharr na caoi ar caitheadh lena neamhláithreachtaí ar shaoire mháithreachais ina measúnuithe feidhmíochta, rud a chuir bac lena rochtain ar an oiliúint a bhí ag teastáil le bheith incháilithe le haghaidh ardú céime. Nótáil an tOifigeach Breithnithe go bhfuil sé seanbhunaithe ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur coinníollacha iad saoire mháithreachais agus saoire bhreoiteachta a bhaineann le toircheas nach mbaineann ach le mná amháin, agus nár cheart iad bheith ionann le neamhláithreachtaí saoire bhreoiteachta a d'fhéadfadh fear a charnadh. Dá bhrí sin, má chaitear ar bhealach níos diúltaí leis na cineálacha seo neamhláithreachtaí ón áit oibre is idirdhealú *prima facie* ar bhonn inscne é.

Agus an dearcadh seo á chur i bhfeidhm, shonraigh an tOifigeach Breithnithe go bhfuil feidhm ag an rud céanna le cinntí bainistíochta a mbíonn tionchar diúltach acu ar an oibrí atá as láthair ar shaoire mháithreachais nó le breoiteacht a bhaineann le toircheas. Thairis sin, rinne an tOifigeach Breithnithe trácht ar an bhfaisnéis theoranta ar dhlí in aghaidh leithcheala laistigh de threoirlínte inmheánacha an fhreagróra agus aontaíodh le hionadaí dlí an ghearánaigh go raibh an gearánach thíos le teip mhór chóras an fhreagróra.

Chinn an tOifigeach Breithnithe go ndearnadh leithcheal ar an ngearánach ar bhonn inscne agus bronnadh an dámhachtain is airde uirthi de thuarastal dhá bhliana móide a liúntas seirbhíse míleata **€4,495** in aghaidh na bliana, arb ionann é sin **€117,814 san iomlán móide ús** de bhun fhorálacha alt 82(5) ACF. Thug an tOifigeach Breithnithe ordú freisin don fhreagróir tabhairt faoi athbhreithniú beartais agus clár oiliúna a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na clistí córais a tháinig chun solais i rith an imscrúdaithe a bhaineann le baill foirne atá ag iompar clainne.

## Idirdhealú Ar Bhonn Aoise

### Fitzpatrick & Boyle v Coimisinéir an Gharda Síochána agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí [DEC-E/2020/002]; [DEC-E/2020/003] (05/10/20)

**Dhá ghearán nasctha maidir le hidirdhealú ar bhonn aoise déanta faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 – cuireadh in aghaidh gnéithe AE de na cásanna seo trí na cúirteanna sula ndearnadh cinneadh cinniúnach Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-378/17 a fuarthas i bhfabhar an WRC, agus a sheas le cumhacht na mbinsí dlí náisiúnta a dhífheidhmiú nuair a bhí sé ag teacht salach ar dhlí an AE.**

Bhí cinntí an Oifigigh Breithnithe in DEC-E/2020/002 agus DEC-E/2020/003 díreach mar an gcéanna agus is féidir achoimre a dhéanamh orthu le chéile. I ngach cás, d'éiligh an gearánach go ndearna an freagróir leithcheal air ar bhonn aoise, i dtéarmaí alt 6(2) agus contrártha le halt 8 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 ('ACF'), nuair a dhiúltaigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí próiseáil a dhéanamh ar iarratas an ghearánaigh chun bheith mar bhall den Gharda Síochána agus í ag gníomhú thar ceann an fhreagróra. Bhí moill ar éisteacht na gcásanna seo mar thoradh ar imeachtaí athbhreithnithe breithiúnacha, a raibh mar thoradh air sin sa deireadh, réamhtharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an AE *(Cás C-378/17)* ó Chúirt Uactarach na hÉireann. Sa chás sin, fuarthas gur gá dlí AE a léirmhíniú mar dhlí a chuireann cosc ar reachtaíocht náisiúnta, agus faoin dlí sin, níl dlínse ag comhlacht náisiúnta arna bhunú le dlí, chun riail an dlí náisiúnta a dhífheidhmiú atá contrártha do dhlí AE.

Sa ghearán substainteach os comhair an WRC, tar éis soiléiriú ó Chúirt Bhreithiúnais an AE, chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh an fhianaise arna soláthar ag na gearánaigh leordhóthanach chun cás *prima facie* leithcheala a bhunú in aghaidh na bhfreagróirí, ar an mbonn go raibh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ag gníomhú thar ceann na bhfreagróirí ag diúltú na n-iarratas, agus gur tharla an diúltú seo de bharr aois na ngearánach amháin. Ach, rinne an tOifigeach Breithnithe scrúdú ar cibé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh na freagróirí dliteanas comhionann a roinnt as an leithcheal agus fuarthas nárbh é sin an cás. Rinne sé scrúdú ar an sainmhíniú maidir le 'freagróir' faoi alt 77 den ACF, agus fuarthas toisc go raibh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ag gníomhú mar ghníomhaire do Choimisinéir an Gharda Síochána, gurb é an Garda Síochána an freagróir ceart chun críocha na n-imeachtaí.

Rinne an tOifigeach Breithnithe anailís ansin ar cibé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh an freagróir leas a bhaint as an gcosaint um bonn cirt oibiachtúil faoi alt 37(2) den ACF. Fuarthas nárbh ionann an tréith a bhain leis an difríocht sa chaoi ar caitheadh leis na cásanna agus fíor-riachtanas cinntitheach gairme, agus go raibh an cuspóir leis an teorainn aoise dlisteanach.

Ach, níor aontaigh an tOifigeach Breithnithe go raibh an riachtanas comhréireach ar bhonn na fianaise a soláthraíodh. Go háirithe, nótáladh nach ndearnadh aon tástálacha corpacmhainne ar bhaill tar éis dearbhú. Chiallaigh sé sin nach raibh an freagróir in ann a léiriú nach mbeadh líon suntasach ball in ann tabhairt faoi dhualgais níos fisicí mura raibh feidhm ag an teorainn aoise.

Dá réir sin, dearbhaíodh gur theip ar an bhfreagróir scaoileadh leis an ualach cruthúnais a bunaíodh ag na gearánaigh. Ordaíodh don fhreagróir **€12,700** a íoc mar chúiteamh do gach gearánach.

Theip ar dhúshlán as féin, ach nasctha, *Fitzpatrick v an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí* DEC-E/2020/001 ar an mbonn go raibh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, mar ghníomhaireacht fostaíochta de réir alt 2 ACF, ag gníomhú ar threoracha agus nach raibh cumhacht ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí imeacht ó theorainn aoise earcaíochta an Gharda Síochána a leagadh amach le hOrdú ón Aire. Seasadh lena chosaint faoi alt 11.3 ACF maidir le gníomhaireachtaí fostaíochta.

## Idirdhealú Ar Bhonn Aoise agus Scor Éigeantach

### Gordon v Coimisinéir an Gharda Síochána agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais [DEC-S2020-004] (07/10/20)

**Gearán faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 ar bhonn aoise, tar éis scor éigeantach a cuireadh i gcion ar an ngearánach. Thug an tOifigeach Breithnithe breithiúnas go raibh bonn cirt oibiachtúil leis an scor éigeantach.**

Baineann an cás seo le gearán a rinne an gearánach go ndearna an freagróir leithcheal air ar bhonn aoise faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 ("ACF") agus Airteagal 2(2) den Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta 2007/78/EC.

Bhí an gearánach mar Ard-Cheannfort leis an nGarda Síochána roimhe seo. Nuair a bhí 60 bliain slánaithe aige, cuireadh iallach air dul ar scor éigeantach i gcomhréir le rialacháin an Gharda Síochána

D'éiligh sé gurb ionann é sin agus idirdhealú neamhdhleathach, toisc nach raibh mian ar bith aige éirí as a phost, agus chreid sé go bhféadfadh sé bheith fós mar shócmhainn don eagraíocht ina phost.

Chinn an tOifigeach Breithnithe gur éirigh leis an ngearánach cás *prima facie* leithcheala a bhunú. Fuarthas gurb é seo an cás ar bhonn aighneacht an ghearánaigh gurb ionann scor éigeantach ag aois áirithe agus toimhde leithcheala.

Ansin, chas an tOifigeach Breithnithe chun a mheas cibé acu an raibh nó nach raibh bonn cirt oibiachtúil ann don scor éigeantach. Rinneadh tagairt don chinneadh a rinne Cúirt Bhreithiúnais an AE in Palacios de la Villa C-411/05, inar tugadh teorainn leathan léirthuisceana do bhallstáit ar an ábhar, áit ar lean an srian aidhm dhlisteanach, agus go raibh na modhanna in úsáid chun an aidhm sin a bhaint amach cuí agus riachtanach. Bhí an tOifigeach Breithnithe sásta gur bhunaigh an aois éigeantach scoir aidhm dhlisteanach, agus ba chuí agus ba riachtanach na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach.

Dá réir sin, dearbhaíodh cé gur éirigh leis an ngearánach cás *prima facie* leithcheala a bhunú, go raibh toimhde an leithcheala bréagnaithe ag an bhfreagróir ar an mbonn gur bhain an fhoráil i gceist le haidhm dhlisteanach, go raibh sé riachtanach chun aidhmeanna an fhreagróra a leanúint, agus go raibh sé comhréireach ina éifeacht. Mar thoradh, fuarthas gur shásaigh an freagróir na critéir do bhonn cirt oibiachtúil, agus theip ar an ngearán.

## Cásanna faoin Acht um Stádas Comhionann, 2000

### Idirdhealú ar bhonn Reiligiúin

**Scoláire v Pobalscoil**
**[ADJ-00027446] (19/11/20)**

**Gearán ar bhonn reiligiúin faoin Acht um Stádas Comhionann, 2000, áit ar líomhnaíodh gur thug an freagróir buntáiste do ligean isteach scoláirí Eaglais na hÉireann thar scoláirí ó reiligiúin eile. Chinn an tOifigeach Breithnithe gurb ionann é seo agus idirdhealú.**

Bhain an cás seo le héileamh a rinne an gearánach go ndearna an freagróir idirdhealú uirthi ar bhonn reiligiúin, contrártha d'alt 7(2) den Acht um Stádas Comhionann, 2000 ('ASC') maidir le soláthróirí oideachais. Is é an freagróir sa chás seo Pobalcholáiste ainmnithe, a líomhnaíodh gur tugadh buntáiste do ligean isteach scoláirí Eaglais na hÉireann thar scoláirí ó reiligiúin eile, lena n-áirítear iad siúd gan aon chreideamh.

Mhaígh an gearánach toisc gur scoil neamh-shainchreidmheach í an freagróir, tá a cleachtas maidir le tús aite a thabhairt do scoláirí ó Eaglais na hÉireann *prima facie* idirdhealaitheach agus neamhdhleathach faoin ASC. Thagair sí do litir ón scoil a luaigh, *"De réir ár mbeartais maidir le rollú, tugtar tús áite do dhaltaí ó chreideamh Eaglais na hÉireann freastal ar Scoil Náisiúnta anaithnidithe...nuair a dhéantar rollú sa Chéad Bhliain."*. Dúradh chomh maith gur thriail an gearánach an próiseas achomhairc inmheánach, agus go raibh a meabhairshláinte ag dul in olcas mar thoradh ar an gcrá croí.

Dhiúltaigh an freagróir dearbhú an ghearánaigh gur scoil neamh-shainchreidmheach í, agus in ionad sin luaigh sé gur *"scoil ainmnithe agus il-sainchreidmheach í le héiteas uathúil arna léiriú sa chaoi a ndéantar í a rialú"*. Ina Beartas agus Nós Imeachta maidir le hIontrálacha 2020-21, deir an freagróir toisc nach bhfuil aon iarbhunscoil gan táillí do pháistí Eaglais na hÉireann sa cheantar, go raibh sí *"ainmnithe mar iarbhunscoil liostaithe do pháistí Eaglais na hÉireann chun cearta an mhionlaigh sin a chosaint"*. Dá réir sin, mhaígh an freagróir, le tagairt do threoir arna soláthar ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, toisc go bhfuil sé ag freastal ar riachtanais scoláirí Eaglais na hÉireann, go bhfuil an cleachtas chun tús áite a thabhairt do na scoláirí sin inghlactha.

Dhiúltaigh an tOifigeach Breithnithe argóintí an fhreagróra, agus thug sé breithiúnas i bhfabhar an ghearánaigh.

Chinn sé go raibh sé dodhéanta beartas sonraithe na scoile a réiteach; go raibh sí il-sainchreidmheach agus nár tugadh buntáiste do chreideamh ar bith, ná do dhaoine gan chreideamh, thar reiligiún eile, agus an fíoras gur tugadh tús áite do scoláirí Eaglais na hÉireann le haghaidh iontrála sa chéad bhliain. Chomh maith leis sin, de bharr an bheartais sonraithe, chinn sé nach bhféadfadh sé brath ar an gcosaint faoi alt 7(3) den ASC chun diúltú do thoimhde an leithcheala.

Thug an tOifigeach Breithnithe breithiúnas go raibh an freagróir ag glacadh páirte in iompar toirmiscthe agus de réir alt 27(1)(b) den ASC d'ordaigh sé go ligfí an gearánach isteach sa dara bliain d'institiúid an fhreagróra i scoilbhliain 2021-2022. Ina theannta sin, d'ordaigh sé go gcuirfí deireadh leis an gcleachtas maidir le tús áite a thabhairt do scoláirí Eaglais na hÉireann sa cheantar agus go ndéanfadh an freagróir a Bheartas agus Nós Imeachta maidir le hIontrálacha a nuashonrú chun a chinntiú go bhfuiltear i gcomhréir le ASC.

## Idirdhealú ar bhonn Míchumais agus Cóiríocht Réasúnta

### Paisinéir Aerlíne v Aerlíne [ADJ-00027569] (15/12/20)

**Gearán déanta faoin Acht um Stádas Comhionann, 2000 ag éileamh idirdhealú ar bhonn míchumais nuair nár tugadh cóiríocht réasúnta don ghearánach ar theastaigh cúnamh speisialta uaithi agus í ag dul ar bord eitleáin. Thug an tOifigeach Breithnithe breithiúnas i bhfabhar an ghearánaigh.**

Rinne an gearánach éileamh ar bhonn míchumais faoin Acht um Stádas Comhionann, 2000 ('ASC') tar éis eachtra a tharla ag aerfort agus í ag taisteal ó chathair i Sasana go Baile Átha Cliath i mí na Nollag, 2019. In ainneoin gur chuir sí an aerlíne ar an eolas maidir lena riachtanas um chúnamh speisialta de bharr a diostróife mhatánaigh, níor tugadh an cúnamh don ghearánach agus í ag dul ar bord eitleán an fhreagróra. Is meicníocht é 'avi-ramp' a iompraíonn cathaoir rothaí suas na céimeanna go dtí an eitleán. Is ardaitheoir cathaoireacha rothaí é 'ambi-lift' a úsáidtear chun paisinéirí a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu a thabhairt ar bord an eitleáin. Seachas ardaitheoir nó rampa a sholáthar don ghearánach, rinneadh í a bhrú suas céimeanna an eitleáin ag tiománaí mionbhus, rud a chruthaigh pian, ciapadh agus náire di.

D'aithin an aerlíne go raibh sé de cheart ag an ngearánach cúnamh speisialta a fháil agus í ag dul ar bord a heitilte faoi fhorálacha Rialachán CE 1107/2006, maidir le cearta daoine faoi mhíchumas agus iad siúd a bhfuil soghluaisteacht theoranta acu agus iad ag taisteal ar aer. Ach, rinne an aerlíne an argóint go raibh an gearán míthreoraithe agus gur cheart í a dhiúltú mar níorbh iadsan an soláthraí seirbhíse, ba ar an gcuideachta a sholáthraíonn an t-ardaitheoir/rampa a bhí an locht. Ba é staid na haerlíne go raibh deireadh lena bhfreagracht nuair a chuir siad in iúl don soláthraí conartha an gá le cúnamh.

Chinn an tOifigeach Breithnithe, áfach, go raibh an argóint sin lochtach. Ghlac an tOifigeach Breithnithe go ndéantar soláthar cúnaimh do dhaoine le míchumais ag aerfort a shainiú, faoi Airteagal 8 de Rialachán 1107/2006, do chomhlacht bainistíochta an aerfoirt. Ní bhíonn aon chaidreamh conartha ag paisinéir aerlíne, áfach, le comhlacht bainistíochta agus bíonn siad ag brath ar an aerlíne ónar cheannaigh siad a ticéid eitilte, nó an aerlíne atá ag oibriú na heitilte, an cúnamh a theastaíonn uathu a chur ar fáil. Tharraing an tOifigeach Breithnithe aird freisin ar an bpointe, ó thaobh an phaisinéara aerlíne de, gurb í an aerlíne, mar a leagtar amach in alt 5(6)(b) den ASC, *"an duine atá freagrach as seirbhís a chur ar fáil,"* lena n-áirítear aon chúnamh a d'fhéadfadh bheith ag teastáil le bordáil nó tuirlingt den eitleán.

Cé gur nótáil an tOifigeach Breithnithe go bhfuil an fhoráil maidir le cúnamh speisialta sainithe do chomhlacht bainistíochta aerfoirt, nótáil sí freisin gur i gcomhréir le hAlt 4(1) den ASC, go bhfuil sé mar fhreagracht ar aerlíne *"gach atá réasúnta a dhéanamh"* lena chinntiú, má iarrann a bpaisinéir cúnamh speisialta, go gcuirtear an cúnamh riachtanach ar fáil. Ní mór go gciallódh sé seo níos mó ná díreach cumarsáid leictreonach a shocrú leis an soláthróir ar conradh. Nótáil an tOifigeach Breithnithe nach mbeadh sé deacair ná costasach don soláthróir aerlíne seiceáil leis an soláthróir seirbhíse go raibh an t-ardaitheoir ar fáil don ghearánach. Fiú suas go dtí an pointe gur tugadh an gearánach chuig an eitleán, nótáil an tOifigeach Breithnithe go mbeadh sé réasúnta don aerlíne teagmháil a dhéanamh leis an soláthróir seirbhíse ar conradh chun a sheiceáil an raibh ardaitheoir ar fáil don ghearánach.

Thug an tOifigeach Breithnithe ordú don aerlíne **€8,000** a íoc leis an ngearánach, mar bheart cúitimh as an míchompord agus an náire a d'fhulaing sí. Ordaíodh don aerlíne freisin próiseas a chur i bhfeidhm chun seiceáil, ag bordáil agus ag tuirlingt den eitleán, go gcuirtear cúnamh ar fáil do phaisinéir atá faoi mhíchumas nó a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu agus a bhfuil cúnamh iarrtha acu.

## Idirdhealú ar bhonn Cúnaimh Tithíochta

**Tionónta v Comhlacht Ligin**
**[ADJ-00023816] (19/08/20)**

**Gearán faoin Acht um Stádas Comhionann, 2000, nuair a chuaigh an ghníomhaireacht ligin siar ar chomhaontú tionóntachta chomh luath agus a fuair sé amach go raibh Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta ('ICT') á fáil ag an ngearánach. Bronnadh €8,500 ar an ngearánach mar chúiteamh.**

Chuir an gearánach gearán isteach maidir le hidirdhealú ar bhonn cúnaimh tithíochta faoin Acht um Stádas Comhionann, 2000 ('ASC') arna leasú ag an Acht Comhionannais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2015. Bhí comhchaomhnóireacht a iníne ag an ngearánach lena iar-pháirtí. Le faomhadh ICT, bhí sé tar éis bogadh go Baile Átha Cliath chun tús a chur le hobair agus don chéad mhí bhí sé ag fanacht i gcóiríocht chomhroinnte. Bhí sé mar thús áite aige cóiríocht chuí a aimsiú chun go mbeadh a iníon in ann teacht chun fanacht leis.

Bhreathnaigh an gearánach ar an réadmhaoin ag lár an cháis seo agus bhí téarmaí comhaontaithe aige don tionóntacht.

Ach, nuair a chuir sé a stádas ICT in iúl, léirigh an freagróir an tuairim go raibh sé de cheart ag an ngearánach é sin bheith nochta aige níos luaithe mar níor thaitin ICT leis an tiarna talún. Chun an freagróir agus an tiarna talún a shásamh, d'aontaigh an gearánach cíos míosa a íoc roimh ré. Rinne an gearánach socrú an conradh a shíniú agus na heochracha a bhailiú don réadmhaoin. Ba ag an am sin a d'inis an freagróir dó go raibh cinneadh déanta ag an tiarna talún an réadmhaoin a ligean ar cíos do dhuine eile.

Mhaígh ionadaí an ghearánaigh gur caitheadh go dona leis an ngearánach ar bhonn tithíochta agus go raibh géarchéim phearsanta thromchúiseach ann mar gheall ar an gcaoi ar caitheadh leis. Dá bhrí sin, d'iarr an gearánach cúiteamh ar an leibhéal is airde. Ar an 24 Eanáir 2020, chuir dlíodóirí ceaptha an fhreagróra r-phost chuig an WRC ag séanadh aon éagóra agus ag séanadh aon ghearáin a rinneadh. Chuir siad in iúl go ndearna siad iarracht teagmháil a dhéanamh le hionadaí an ghearánaigh agus thairg siad luach cíos míosa (€1,400) don ghearánach. Deimhníodh nach mbeadh an freagróir ná a ionadaí i láthair ag an éisteacht. Nótáil an tOifigeach Breithnithe cé gur tugadh deis dóibh an cás a chur ar atráth, theip ar an bhfreagróir aon teagmháil bheith aige leis an WRC. Dúirt an tOifigeach Breithnithe gur léirigh sé sin "meas millteanach ar bhinse reachtúil" ón bhfreagróir.

Chinn an tOifigeach Breithnithe gur bhunaigh an gearánach cás *prima facie* um idirdhealú indíreach ar bhonn tithíochta toisc nár bhreágnaigh an freagróir é sin. Nótáil an tOifigeach Breithnithe an cuspóir a bhí ag scéim ICT chun an bhearna a líonadh idir daoine bheith gan dídean agus tithíocht, trí thionóntaí a chumhachtú agus trí idirbheartaíocht atá slán ó thaobh tráchtála de a thabhairt do thiarnaí talún. Chomh maith leis sin, tharraing an tOifigeach Breithnithe aird go raibh tionchar leanúnach agus díobhálach ag an idirdhealú ar shaol pearsanta an ghearánaigh - contrártha do chuspóir scéim ICT.

Bronnadh **€8,500** mar chúiteamh ar an ngearánach as na héifeachtaí a bhí ag an iompar toirmiscthe air agus d'ordaigh an tOifigeach Breithnithe don fhreagróir eolas a chur ar ICT agus ar thábhacht reachtúil an Achta um Stádas Comhionann. Thairis sin, ordaíodh don fhreagróir tabhairt faoi athbhreithniú ar an bpróiseas iarratais tionóntachta ina ngnó chun a chinntiú *"go ndéantar é a sheiceáil ó thaobh comhionannais de"*. Nótáil an tOifigeach Breithnithe go sonrach *"gur cheart go dtabharfaí isteach nós imeachta caighdeánach oibríochta ina mbeadh doiciméadú croineolaíoch déanta den phróiseas le taifid déanta ar rannpháirtíocht an dá pháirtí sa phróiseas iomlán."*

## Idirdhealú ar bhonn bheith mar Dhuine den Lucht Siúil

### Marina McCarthy v Comhar Creidmheasa Gharrán na mBráthar [ADJ-00025710] (24/06/20)

**Gearán faoin Acht um Stádas Comhionann, 2000 ar bhonn bheith mar dhuine den Lucht Siúil, maidir le hiarratas ar iasacht. Thug an tOifigeach Breithnithe breithiúnas i bhfabhar an ghearánaigh.**

D'atreoraigh an gearánach gearán chuig an WRC ag líomhain go ndearna comhar creidmheasa an fhreagróra leithcheal uirthi sa chaoi ar pléadh lena hiarratas ar iasacht. Go sonrach, d'éiligh sí gur dhiúltaigh an freagróir litir um dhiúltú iasachta a eisiúint di, agus gurb ionann an bealach inar caitheadh léi agus idirdhealú faoin Acht um Stádas Comhionann ('ASC').

Thug an gearánach fianaise go raibh deontas á lorg aici le haghaidh teach soghluaiste ón gComhairle Cathrach di fein agus dá clann. Chun é sin a bhaint amach, b'éigin di a léiriú go raibh iarratas curtha isteach aici chuig dá institiúid airgeadais le haghaidh iasachta chun easpa airgeadais a léiriú. Chuir sí iarratas isteach chuig comhar creidmheasa an fhreagróra agus dúradh léi go bhfaigheadh sí scéala ar ais laistigh de 48 uair an chloig, rud nár tharla.

Tar éis an scéal a fhiosrú, dúirt bainisteoir sinsearach an bhrainse léi go bhféadfadh sí an litir a thabhairt don ghearánach a theastaigh uaithi, ach dá ndéanfadh sí é sin, *"go mbeidís go léir thíos anseo agus ceann á lorg acu".* Dúirt an gearánach gur tharla sé seo i limistéar poiblí áitreabh an fhreagróra agus gur náiríodh í.

Thug an bainisteoir sinsearach sin fianaise thar ceann an fhreagróra, ag rá gur chaith sí leis an ngearánach le meas agus le cúirtéis ar an lá a bhí i gceist. Ghlac sí go ndúirt sí focail den chineál sin, i.e. *'go mbeidís go léir thíos anseo agus ceann á lorg acu',* ach gur thagair sé seo do bhaill an chomhair creidmheasa i gcoitinne seachas do dhaoine den Lucht Siúil. Rinneadh an argóint nár deonaíodh an litir diúltaithe ar dtús toisc nach raibh an gearánach ina ball gníomhach den chomhar creidmheasa nuair a chuir sí iarratas isteach don iasacht, ach gur seoladh litir mar sin chuig an ngearánach ina dhiaidh sin agus gur sásaíodh a hiarratas.

Leag an tOifigeach Breithnithe amach an dualgas cruthúnais i leith idirdhealú faoi alt 38A den ASC. Thug sé breithiúnas go raibh toimhde leithcheala bunaithe ag an ngearánach faoi alt 3 den ASC, agus dá réir sin, aistríodh an dualgas cruthúnais chuig an bhfreagróir chun é sin a bhréagnú. Dhearbhaigh an tOifigeach Breithnithe cé go raibh na cúiseanna a luaigh an freagróir as an iasacht a dhiúltú inchreidte, toisc gur diúltaíodh don iarratas réasúnta maidir le litir a eisiúint chun an t-iarratas a dhiúltú ar an lá sin, ba ionann é sin agus gníomh idirdhealaitheach. Fuarthas freisin go raibh an bealach ar chaith an bainisteoir sinsearach leis an ngearánach idirdhealaitheach.

Bunaithe ar an bhfianaise arna soláthar, cinneadh gur éirigh leis an ngearánach cás *prima facie* leithcheala a bhunú i gcoinne an fhreagróra, nár bréagnaíodh. Dá réir sin, thug an tOifigeach Breithnithe breithiúnas i bhfabhar an ghearánaigh agus bhronn sé **€5,000** mar chúiteamh.

### James McCarthy v Comhairle Cathrach Chorcaí [ADJ-00018849] (02/07/20)

**Gearán faoin Acht um Stádas Comhionann, 2000 ar bhonn inscne agus bheith mar dhuine den Lucht Siúil, maidir le leithdháileadh tithíochta sóisialta. Thug an tOifigeach Breithnithe breithiúnas i bhfabhar an ghearánaigh.**

D'atreoraigh an gearánach gearán faoi alt 6 den Acht um Stádas Comhionann, 2000 ('ASC'), ar an mbonn go ndearna an Chomhairle leithcheal air mar gheall ar a inscne agus é bheith mar dhuine den Lucht Siúil agus tithíocht shóisialta á leithdháileadh.

Bhí an gearánach ar an liosta tithíochta ar feadh 22 bliain agus 10 mí. Bhí sé scartha óna pháirtí ach bhí a mbeirt páistí faoina chúram. Bhí go leor fadhbanna casta leighis aige. Agus é ina chónaí i dteach soghluaiste damáistithe, d'áitigh sé gur cheart é bheith mar thosaíocht le haghaidh athchóiríochta. In 2018, i gcomhréir le córas an leithdháilte tithíochta (CBL), líomhain an gearánach gur thug an tOifigeach Teagmhála Taistealaithe gealltanas dó maidir le teach, ach diúltaíodh é sin nuair a fuair an Chomhairle amach maidir le hiompar frithshóisialta a bhain le mac an ghearánaigh. Dúirt an gearánach nár tugadh eolas dó go gcuirfeadh a leithéid d'eachtra cosc air an teacht a fháil. Mhaígh sé dá mba rud é gurb as an bpobal socraithe dó, nó dá mba rud é gur bean é, nach bhfágfaí ar an liosta tithíochta é ar feadh nach mór 23 bliain.

Rinne an freagróir an argóint nach bhféadfadh leis an gcóras CBL bheith idirdhealaitheach, toisc nach bhféadfadh sé iarratasóirí a mhiondealú i gcatagóirí amhail inscne ná stádas mionlaigh eitnigh. Ag an éisteacht, admhaíodh nach ndearnadh scrúdú leighis ar an ngearánach chun críocha tosaíochta do thithíocht, agus nár cúisíodh mac an ghearánaigh in iompar frithshóisialta.

Nótáil an tOifigeach Breithnithe easpa trédhearcachta laistigh den chóras leithdháilte, agus discréid neamhshrianta an Oifigigh Tithíochta maidir le tithíocht a leithdháileadh.

Ag brath ar *O'Brien v Iarnród Éireann* DEC-S2003-029, chuir sí idirdhealú indíreach in iúl ar bhonn bheith mar dhuine den Lucht Siúil ó chanbhás an Údaráis Tithíochta leanúint ar aghaidh le tairiscintí in ainneoin tairiscint fhíor-ama i rogha cheantair an ghearánaigh. Chuir sí idirdhealú breise in iúl ón gcaoi ar dhéileáil an freagróir leis an ngearán maidir le hiompar frithshóisialta. Chinn sí freisin nach raibh an CBL dall ar idirdhealú mar ba léir gur chuir an gearánach iarratas isteach ar thithíocht mar bhall fireann den Lucht Siúil.

Bunaithe ar an méid a fuair sí, chinn an tOifigeach Breithnithe go ndearna an freagróir leithcheal ar an ngearánach bunaithe ar é bheith mar dhuine den Lucht Siúil. Níor chinn sí go raibh bunús maith leis an éileamh ar bhonn inscne. Dá réir sin, bhronn sí €8,000 ar an ngearánach mar chúiteamh as an gciapadh a tharla mar gheall ar iompar toirmiscthe na Comhairle.

# AGUISÍN 5

## Ciontuithe 2020

| Fostóir | Earnáil | Reachtaíocht lena mbaineann an Ciontú | Seoladh |
|---|---|---|---|
| **Rong Bin Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia agus Deochanna | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | An Chearnóg, Drom Collachair, Luimneach |
| **Oran Car Wash Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhíse Eile | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | OranTown Centre, Órán Mór, Gaillimh |
| **Thi Hi Tran** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia agus Deochanna | An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000<br>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997<br>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | An Phríomhshráid, Baile Riobaird, an Nás, Co. Chill Dara |
| **Waqas Tahir** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia agus Deochanna | An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997<br>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | 3 Clarendon Court, an Chill, Co. Chill Dara |
| **An tUas. Munib Kasim Zaman** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia agus Deochanna | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Sráid an tSáirséalaigh, an Seandroichead, Cluain Meala |
| **Super Car Wash Limited** | Gníomhaíochtaí Glantacháin | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Páirc Mhiondíola Delta, Bóthar Bhéal Átha Síomoin, Luimneach |
| **TZ Lin & Xu Ltd** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia agus Deochanna | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | An Chéad Urlár, Darcy's Bar, Ionad Siopadóireachta Skycourt, Sionainn, Co. an Chláir |
| **Peter Howley** | Trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Bóthar na hInse, an Gort, Co. na Gaillimhe |
| **Edson Alves Cristaldo** | Gníomhaíochtaí Seirbhíse Eile | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Baile an Doirín, Gaillimh |
| **Qin Juan Gao & Ding Chen** | Lóistín agus Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Teach Schooner, An Ché Theas, Baile Chill Mhantáin |
| **Mo Mo Asian Food Ltd** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia agus Deochanna | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | 6 Sráid Mhuire, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman |
| **Malik And Sons Cuisine Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia agus Deochanna | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | An Chearnóg, Drom Collachair, Luimneach |
| **J.T.E. Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia agus Deochanna | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Páirc na Mara, Meáraí, Órán Mór, Gaillimh |
| **MMD Rockland Limited** | Lóistín | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | An Phríomhshráid, Baile Uí Bheacháin, Co. an Chláir |
| **Basakha Singh** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | 9 Bóthar Surehaven, Ráschúrsa Pháirc an Fhionnuisce, Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15 |
| **Suvha Laxmi Trading Ltd** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997<br>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Mt Everest At Katmandu, 51 An Phríomhshráid, Bré, Co. Chill Mhantáin |
| **Keydew Foods Limited** | Déantúsaíocht | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Bóithrín na hAbhann, Ros Cré, Tiobraid Árann |
| **Zhi Wang** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | An Phríomhshráid, Cill Droichid, Cill Dara |
| **Icanix Capital Services Limited** | Tógáil | An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | Rathwac, Baile Marlainn, an Muileann gCearr, Co. na hIarmhí |
| **Rami Yasein** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | 92-93 An Baile Gaelach, Cluain Meala, Tiobraid Árann |
| **Tramyard Kitchen Ltd** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 | Bóthar an tSéipéil, Na Clocha Liatha A63 X920, Co. Chill Mhantáin |
| **Said Shah & Ghulam Hazara** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | 5 An Phríomhshráid, Cam Eolaing, Co. Loch Garman |

| Fostóir | Earnáil | Reachtaíocht lena mbaineann an Ciontú | Seoladh |
|---|---|---|---|
| **Donovan De Jager** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997<br>An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 | Sráid an Mhuilinn, Biorra, Co. Uíbh Fhailí |
| **Sunil Kumar** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Aonad 2, Bóthar na Sollán, an Nás, Cill Dara |
| **Capri Grill Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 | Cearnóg na Poibleoige, an Nás, Co. Chill Dara |
| **19 Mary Asian Food Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | 19 Sráid Mhuire, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann |
| **Damien Wasilewski** | Tógáil | An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000<br>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997<br>An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 | 44 Caragh Green, an Nás, Co. Chill Dara |
| **Dundalk Massage Centre Limited** | Gruaig agus Áilleacht | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | 35 Bóthar Chaisleán Dhún Dealgan, Dún Dealgan, Co. Lú |
| **Mushrooms & Poultry Services Limited** | Talmhaíocht | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Coill na Madadh, Ardachadh, Co. Mhuineacháin |
| **Jade House Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | An Phríomhshráid, Baile Uí Mhatháin, Co. Longfoirt |
| **Abdeslam Ennaoui** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006<br>An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 | An Phríomhshráid, Uachtar Ard, Gaillimh |
| **Matthew Reidy** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Pallas Derg, An Baile Nua, Co. Thiobraid Árann |
| **Randhawa and Singh Ltd** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006<br>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | Sráid na hEaglaise, An Féar Bán, Co. Uíbh Fhailí |
| **Oulo Ltd** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997<br>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Sráid na hAbhann, Clóirtheach, Co. Uíbh Fhailí |
| **F & F Freitas Ltd** | Gníomhaíocht Seirbhísí Deochanna | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | An Phríomhshráid, An Féar Bán, Co. Uíbh Fhailí |
| **Lee Boon Chieng** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Aonad 2, Ionad Fóillíochta Ascaill Mhóin Réad, an Nás, Co. Chill Dara |
| **Ballon Meats Unlimited Company** | Próiseáil Feola | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Raheen House, Balana R93 A4T1, Ceatharlach |
| **S & T Restaurant Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006<br>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | Bloc B, Aonad 2, Ionad Siopadóireachta na Páirce Nua, Cill Chainnigh |
| **Aine Deasy, Patrick Deasy** | Iascaireacht | An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 | Strand View, an Ráithín, Bréantrá, Co. Chorcaí |
| **Guardex Ltd** | Slándáil | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Baile na Móna, Cill Dara |
| **Chilli Tamoto Ltd** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Sráid Parnell, Móinteach Mílic, Co. Laoise |

| Fostóir | Earnáil | Reachtaíocht lena mbaineann an Ciontú | Seoladh |
|---|---|---|---|
| **Rujin Cai** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | 55 An Phríomhshráid, An Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann |
| **WM Doyle Construction Limited** | Tógáil | An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997<br>An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 | Arda Chluain Mhic Thíre, An Bealach, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman |
| **Lin Shao** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | 28 Bóthar Bhaile Átha Cliath, Bré, Co. Chill Mhantáin |
| **Eastpride Catering Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Cúirt na hOllscoile, Caladh an Treoigh, Luimneach |
| **Huyen Cole** | Gruaig agus Áilleacht | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | 10 Ascaill Lomáin, an Muileann gCearr, Co. na hIarmhí |
| **O'Briens Chips Annacotty Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Sráidbhaile Áth an Choite, Áth an Choite, Luimneach |
| **Imran Malik** | Trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | 45A Páirc Kilarron, Áth na Sceire, Cill Mhantáin A98 KP99 |
| **Z - We - Ton (Alandale) Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Ionad an Bhaile Nua, Ionad Siopadóireachta Chaladh an Treoigh, Luimneach |
| **Dehinder Marine Limited** | Iascaireacht | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Cuas Chróinín, Bréantrá, Co. Chorcaí |
| **Lan Wang** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | An Phríomhshráid, Baile an Ghearlánaigh, Co. Lú |
| **Mr. Jianhui Bi and Ms. Yi Huang** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006<br>An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 | Swan House, 73 Sráid na gCapall, Droichead Átha, Co. Lú |
| **Hailan He** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Aonad 2, Sráid an Chaisleáin, Caisleán Uí Chonaill, Luimneach |
| **Inara`s Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006<br>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | Aonad 3, Sráid Phádraig, Dún Dealgan, Co. Lú |
| **Lim Seok Chen** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006<br>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | An Phríomhshráid, Béal Átha hAmhnais, Co. Mhaigh Eo |
| **Kickham Garden Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997<br>An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996 Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Plás Wellington, Sráid Wellington, Cluain Meala |
| **Wanqi Sun** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Aonad 3, Bóthar Chaisil, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann |
| **Ming Moon Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Aonad 3, Radharc an Chaisleáin, Sráid an Chaisleáin, Ros Comáin |
| **The Dao Noodle Box Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006<br>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | 39 Sráid na gCapall, Droichead Átha, Co. Lú |
| **Golden Spring Chinese Takeaway Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Aonad 260, Gandon Court, Faiche an Aonaigh, Port Laoise |

| Fostóir | Earnáil | Reachtaíocht lena mbaineann an Ciontú | Seoladh |
|---|---|---|---|
| **Lion King Chinese Restaurant Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006<br>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | 11 Bóthar Uí Lachnáin, Cill Chainnigh |
| **Steve and Suzie Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006<br>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | Cill Maodhóg, Nás, Co. Chill Dara |
| **Montravia Limited** | Óstáin | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Béal an Átha/Cill Dalua, Co. an Chláir |
| **Punjabi House Restaurant Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006<br>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | 7 Bóthar Bhaile Átha Cliath, Droichead Átha, Co. Lú |
| **Waqar Hussain** | Other Service Activities | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Aonad 2C, Páirc Chill Choirín, Eastát Tionscail an Leasa Bháin, Gaillimh |
| **ECIG Store Ltd** | Trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola | An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997<br>An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 | 23 Ionad Pháirc an Bhaile, Cathair na Gaillimhe |
| **BBIF Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | An Phríomhshráid, Baile Uí Mhatháin, Co. Longfoirt |
| **Martin Joyce** | Trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006<br>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | 119 Sráid Thomáis, Baile Átha Cliath 8 |
| **G N T Hennessy Limited** | Gníomhaíocht Seirbhísí Deochanna | An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | 35 Sráid Uachtarach an Chaisleáin, Trá Lí, Co. Chiarraí |
| **Farhan Aslam** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006<br>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | 4 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí |
| **Xing Yao Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006<br>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | Aonad 3, Ionad Uí Chionnaith, Baile Átha Luain |
| **The Butlers Pantry Holding Limited** | Trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006<br>An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 | Aonad 16-18, Southern Cross Business Park, Bóthar na Móna, Bré, Co. Chill Mhantáin |
| **Shpetim Muga** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | An Phríomhshráid, Cill Liúcainne, Co. na hIarmhí |
| **APC Ventures Limited** | Trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | 17 Bramble Drive, Foxwood, Baile an Bhuitléaraigh, Port Láirge |
| **John Abbot** | Seirbhísí Gairmiúla | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | Sráid Phádraig, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí |
| **Omiya Limited** | Gníomhaíocht Seirbhísí Deochanna | Employment Permits Acts 2003 and 2006 | Patrick Street, Tullamore, Co Offaly |
| **S Security Group Limited** | Slándáil | An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 | 114 An Ché, Port Láirge |
| **Tianfu Limited** | Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia | Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 | An Chearnóg, Clár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo |



Áras Lansdún, Bóthar Lansdún, Droichead
na Dothra, Baile Átha Cliath 4, Éire D04 A3A8.

Lansdowne House, Lansdowne Road,
Ballsbridge, Dublin 4, Ireland D04 A3A8.

T: 1890 80 80 90
E: info@workplacerelations.ie
www.workplacerelations.ie

WRC
An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission